

PLÉARÁCA '95



Clár na Féile

An Mhaighdean Mhara

Torthaí na nGeallta

Grianghrafanna

Agallaimh:

Bob Quinn

Seosamh Ó Cuaig

Altanna:

Gearóid Ó Cearrbhalláin

An Teilifís

Seán Mac Giollarnáth

Seanchluichí

Béaloidas

Filíocht

Tuairimíocht

Eolas

agus go leor eile....

£1



Raidió na Gaeltachta

*Scéalta Beaga agus Scéalta Móra
Ceol, Cabaireacht agus
Cuideachta ó Adhmhaidin go
Tráthnóna.*

**Bíonn muid ar fáil gach uile lá
den bhliain. Ná bíodh drogall
oraibh labhairt linn.**

**Craoladh beo ar
FM/VHF
ar fud na tíre.**

Foireann Eagarthóireachta na hIrise: Donncha Ó hÉallaithe, Una Ní Cheannabháin, Bríd Ní Chartúir agus Ruaidhrí Ó Tuairisg

Buíochas:

Tá an fhoireann eagarthóireachta an-bhuíoch do na daoine seo leanas Sile Ní Scanlín, Geraldine Breathnach, Meta Uí Mháille, Micheál Ó Cuaig, Máire Uí Ghiobúin, Cristín Ní Ghriallais, Máire Seoighe agus Mairéad Ní Scanlín a thug cúnamh leis an ábhar a réiteach; Bob Quinn a chuir go leor grianghrafanna ar fáil; Séamas Ó Cualáin, Áine Ní Cholchúin, Gearóid Ó Fatharta, Johnny Mháirtín Learai agus Seán Ó Cualáin a chuir altanna. Tá muid go speisialta buíoch do Phádraig Johnny Jimmy Mac Donnacha a bhean Shannon agus do Phádraig Ó Máille a roinn eolas linn agus a thug neart grianghrafanna dhúinn leis an alt faoin Maighdean Mhara a dhéanamh.

Tá buíochas ag dul chomh maith do fhoireann CHLÓDÓIRÍ LURGAN a thug gach cúnamh dhúinn agus a bhí an fhoighdeach linn. B'é Caomhán Ó Scoláir a rinne an leagan amach slachtmhar ar an iris agus b'é Micheál Ó Braonáin a chinnigh gur tháinig sé amach in am.

Sé an fhoireann eagarthóireachta atá freagrach as aon bhotún. Maith dúinn iad.

Táimid fíor bhuíoch dár bhfógróirí a chuir ar ár gcumas an iris seo a dhíol ar phraghas réasúnta. Is fiú tacalocht a thabhairt dóibh.

Coiste Phléaráca Chonamara '95: Treasa Ní Mhaoileoin (Ros a' Mhíl) - *An Cathaoirleach* Donncha ÓhÉallaithe (*Cumann Forbartha Chois Fharraige*) - *Leas Cathaoirleach* Máiread Ní Mhócháin (Na hOileáin) - *Rúnaí* Máire Bn. Uí Chonghaile (Ros Muc) - *Cisteoir* Máire Bheilbigh (Pléaráca Teo) Tríona Uí Chonghaile (Ná hOileáin) Máiread Ní Chualáin (Pléaráca Teo) Peigín Ní Chonghaile (Muintearas) Réamonn Ó Conghaile (Ros Muc) Siobhán Ní Mhuirí (An Spidéal) Jackie Mac Donncha (Cill Chiaráin) Sailí Ní Fhatharta (MFG)

Tá an Coiste Eagraithe an bhuíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh dúinn imeachtaí a reachtáil:

Liam Mac an Iomaire, Martina Goggin (An Spidéal) Bob Quinn (Cinegael) Miriam Allen (Fleadh Scannán na Gaillimhe) An tAth de Bláca, Cill Chiaráin Pádraig Ó hAoláin (Údarás na Gaeltachta)

Peadar Ó Maoláin (Údarás na Gaeltachta) Mairéad Seoighe (Údarás na Gaeltachta) Máirtín Jaimsie (Raidió na Gaeltachta) Máirtín Tom Shéainín (RnaG) Máirtín Mac Donncha (RnaG) Seosamh Ó Cuaig (Cill Chiaráin) Mairí Joe Shéamais Ó Fátharta Caitlín Uí Chonghaile Kate Ní Dhonncha (TCA) Máire Uí Ghiobúin (Cumas) Cristín Ní Ghriallais (Cumas) Ivan Mac Philip (MFG) Telegael GalwayFilm Centre EO Teilifís TnaG Óstán na Ceathrú Rua Óstán an Dóilín Ceol na Mara Coiste Pobail Ros Muc Coiste Pobail Chamuis Coiste Halla Chill Chiaráin Coiste Halla Na bhForbacha Coiste Halla Ionad Chois Chuain Cumann Forbartha Chois Fharraige Máirtín Ó Briain (Cladhnach) Seosamh Ó Giobúin (Camus) Pádraig Ó Flatharta (Camus) Séamas Ó Fiannachta (Camus) Colmán Ó Flatharta (Camus) Pádraig Finnerty (Camus) Peadar Ó hOibicín (Cinn Mhara) Joe Kelly (Mucineach) Pádraig Ó Conghaile (Camus) Máire Uí Chonghaile (Camus) Na Bádóirí go léir a thógann páirt sna bhféile Eoin Ó Conaire (Camus) Pádraig Ó Fiannachta (Camus) Neansaí Uí Fhianachta (Camus) Tommy Ó Méalóid (Camus) Kevin & Tommy Óg Ó Méalóid (Camus) Tommy Kate Ó Mainnín (Ros Muc) Róisín Ní Mhainnín (Ros Muc) Pat Bracken Foireann Mhuintearas na nOileán Ord Malta & Na Gardaí Éamonn Ó hÉanaí (Inis Olírr) Seosamh Ó Conghaile (Leitir Ard) Dara Kelly (Máimín) Matt Bairéad (Leitir Mealláin) Séan Mac Donncha (Cumann na hUicéirí) Pádraig de Bhaldraithe (L. Mealláin) Connie Mac Donncha (An Cheathrú Rua) Ciarán Chóil Pheadair Ó Flaithearta Coiste Oidhreachta na nOileán Comharchumann Chonamara Thiar Roibeárd Ó hÉalaí Foireann Oibre TCA Foireann Nuachta R. na Gaeltachta Foireann Áras Uí Chadhain Jarlath Sweeney (Mayo Triathlon Club) Orla Sweeney (Mayo Triath. Club) Éamonn Ó Conghaile (An Aird Thoir) James Harold (Comhairle Condae na Gaillimhe) Seán Ó Cearbhail, Dílódóir Aodán Ó Conchúir (Grianghrafadóir) Trevor Ó Clochartaigh (Sin Sin)

Réamann ÓFlatharta agus Angela O'Boyle. Karen Kenny, Dámhlann an Spidéal Joe Steve Ó Neachtain (Cois Fharraige) Na Moltóirí go léir. Peter Browne (RTÉ) Eibhlín Seoighe Macnas Mags Ní Fhlatharta Drogheda Samba Band Kathie Prince Gaelic Sea Foods Micheál agus Jackie Ó Cionna Josie Ó Conghaile agus na Ceoltóirí ar an bhFámaire Noirín Ní Ghrádaigh agus Cló lar-Chonnachta Máire Holmes & Grúpa Scríobhnóireacht Ban Ros Muc Na ceoltóirí, na fill, na fonnadóirí a chuir siamsaíocht ar fáil le linn an Phléaráca. Na fill a léigh a gcuid oibre.

Ach go speisialta, tá Coiste na Féile thar a bheith buíoch do fhoireann oibre Phléaráca - MAIRÉAD NÍ SCANLÍN, META UÍ MHÁILLE agus EIBHLÍN SEOIGHE agus do chuile dhuine ar Scéim Fostaíochta an Phléaráca i Ros Muc, a d'oibrigh fíorchrua le roinnt seachtainí anuas lena chinntiú go n-éireodh leis an bhféile. Táimid thar a bheith buíoch chomh maith do Caomhán Ó Scoláir a dhearadh an póstaer agus don Spailpín Fánach a rinne na téinte.

Is cinnte go bhfuil daoine fágtha ar lár againn. Ní d'aon turas é. Táimid buíoch dóibh siud chomh maith.

Buíochas speisialta le fhoireann Raidió na Gaeltachta Buíochas chomh maith le Glór Chonamara, Galway Bay FM, Clare FM, An Galway Advertiser, An Connacht Tribune, An Irish Times as poiblíocht agus eolas a thabhairt faoi imeachtaí na féile.

Urraithe na Féile:

Seo leanas na heagraíochtaí agus na comhluchtaí gnó a thug urralocht flaitiúil dúinn le PLÉARÁCA CHONAMARA '95 a reachtáil i mbliana: An Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta; Comhairle Chontae na Gaillimhe; Comharchumann Chonamara Thiar, Island Ferries (Sally & Paddy O'Brien), Guinness; Heineken; Coillte Teo; Tigh an Táilliúra; Muintearas; Cumann Táirglochta Bradán Teo., An Chistin; An Crúiscín Lán; Tigh Phlunkett; Tigh Mheac; Tigh Chualáin; Bhí roinnt eile nach raibh socraithe sara ndeachamar i gcló.

Cóipcheart:

Tá cóipcheart ag Pléaráca Chonamara agus ag na húdair ar an ábhair atá foilsithe anseo. Má tá éinne ag iarraidh alt a úsáid in iris eile ba mhaith linn go n-iarraí cead roimh ré ón údar agus ón bhfoireann eagarthóireachta. Sé an gnáth cuirteis é.

Clár na hIrise

- 2 Eagarfhocal
- 4 An Ghaeltacht i mBliain an 2000 — Pobal nó Ionad Oidhreachta
- 6 Ceardlann an Phléaráca i Ros Muc
- 8 Scéim Ealaíon Pobail an Phléaráca '94-'95
- 9 Blúiríní Eolais faoi Chamuis
- 11 Agallamh le Seosamh Ó Cuaig
- 12 Seán Mac Giollamhath 1880-1970
- 13 Dónall Ó Colchúin
- 14 Agallamh le Bob Quinn
- 16 An Mhaighdean Mhara
- 20 An Turas Aniar
- 21 Cuairt ar fhéile cheoil Cnapan i bhFfostrasol na Breataine Bige
- 22 Agallamh le Cathal Goan
- 24 Céard é 'cunús'?
- 26 'Tá siad ag teacht' — Maratón na gCurachai
- 28 Clár an Phléaráca
- 30 Karaoke na Gaeilge
- 31 Idir Mná
- 32 Muir — seó sráide na féile
- 33 Slán le hInis Meáin
- 36 Caitheamh aimsirí na ndaoine sa seansaol
- 38 Cuairt ar Bhéal Feirste
- 40 Leader II
- 42 Agallamh le Gearóid Ó Cearrbhalláin
- 44 Cóilín Phádraic Shéamais ag dul go Sasana
- 46 Aimsiú nó Ionradh?
- 49 Domálaithe Óga Ros Muc agus Camus i mBoston
- 51 An t-Ír Marc agus a chluasa capall
- 52 Gradam an Phléaráca
- 54 Máirtín Mhichael Labhráis Breathnach
- 55 Sraith na mBád Seol

Míchothromaíocht Forbartha i gConamara

Ag an am seo den bhliain is cúis dóchais do lucht na Gaeilge an dea nuacht faoi Ghaelscoileanna nua ag oscailt ar fud na tíre. Is breá an rud é go bhfuil an oiread sin éilimh ag lucht na gcathracha agus na mbailte móra ar oideachas tré Ghaeilge ach is beag an sólas é sin don phobal Gaeltachta a chailleann múinteoir ar scoil dhá oide, mar a tharla i mbliana i gcás Scoil an Chnoic ar na hOileáin agus mar a tharla anuraidh i Scoil an Ghoirt Mhóir, Ros Muc. Tá scoileanna beaga Dheisceart Chonamara i mbaol a ndúnta. Mar a tharlaíonn is sna ceantachas a bhfuil scoileanna beaga is láidre atá an Ghaeilge labhartha i nDeisceart Chonamara - Na hOileáin, Camus, Ros Muc.

Bheadh sé chomh maith don Roinn Oideachais scoil a dhúnadh síos ar fad le é a fhágáil taobh le múinteoir amháin. Seans go ndéanfaí é sin ach faitíos a bheith ar oifigigh sinsearach sa Roinn Oideachais go ndúiseofaí an pobal agus go dtógfaí clann. Ina áit sin tá scoileanna beaga dhá ndaoradh chun báis, tré na rialacha faoi líon na múinteoirí a chur i bhfeidhm go docht daingean.

I gcás Scoil an Chnoic sna hOileáin is cosúil go noibríonn litreacha ag polaiteoirí. Tá reprieve bliana faighte ag an scoil. Ach tá plean fadtéarmach ag an Roinn Oideachais fáil réidh leis na scoileanna beaga faoin tuath agus ní dhéanfar aon eisceacht don scoil Ghaeltachta seachas scoil ar bith eile. Níl muid ag iarraidh go ndéanfaí Éagóir a bheadh ann i gceantar Béarla chomh maith.

Ach le bheith faireálte faoin gceist ní hé an Roinn Oideachais is cúis leis an míchothromaíocht uafásach forbartha atá i gConamara le scór bliain anuas, a fhágann scoileanna i gceantachas áirithe ag cur thar maoil, gan a ndóthain seomraí acu agus scoileanna eile ag an

am céanna i mbaol a ndúnta. Dhéarfadh daoine gur frithghiniúnt is cúis le titim na nuimhreacha i Scoil an Chnoic sna hOileáin. Tá bunús le sin ach is cinnte go bhfuil an oiread céanna frithghiniúna dhá chleachtadh i bparóiste an Chnoic, Chois Fharraige is atá sna hOileáin ach tá líon na ndaltaí ag meadú i Scoil Chois Fharraige.

Tá cuid den locht ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta agus ar An Roinn Ealaíona, Cultúir agus Gaeltachta nach bhfuil a ndóthain lánúnacha óga ag cur fúthu sna hOileáin agus i Ros Muc agus i roinnt áiteacha eile atá buailte chomh maith.

Dá mbeadh polasaí tithíochta tuisceannach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar atá ag go leor Comhairlí Contae eile, bheadh scéimeanna tithíochta tógtha i Ros Muc agus sna hOileáin agus in áiteacha eile do lánúnacha óga ón áit, a ligeadh dóibh fanacht ina bpobail féin. Ta seans maith ann go bhfuil teaghligh óna ceantachas sin, le gasúir óga, atá ar imirce faoi láthair arbh bhreá leo tíocht abhaile dá mbeadh teach le fáil ar chíos sa mbaile ón gComhairle Contae.

Dá mbeadh scéim nua deontais tithíochta ag Roinn na Gaeltachta, bunaithe ar mhúnla an Rural Housing Organisation, thabharfadh sé deis do eagraíochtaí pobail tithe a thógáil i gceantachas ar nós Ros Muc agus na hOileáin le haghaidh teaghlaigh Gaeltachta. Ina áit sin tá Roinn na Gaeltachta ag tabhairt deontas do dhaoine ón nGaeltacht le athrú isteach go Cnoc na Cathrach, áit a bhfuil tithe nua ar fáil le deontas iomlán Gaeltachta gan anró ar bith.

Ní bheadh baol ar bith ar scoileanna beaga dá mbeadh sé níos éasca do lánúnacha óga cur fúthu ina ndúiche féin seachas a bheith ag cuartú suímh i gCois Fharraige nó gar don

Cheathrú Rua, mar atá ag tarlú.

Tá fadhb tithíochta i gCois Fharraige agus sa Cheathrú Rua chomh maith. Tá suíomhanna an chostasach agus tá sé deacair cead pleanála a aimsiú. Is i nGaillimh atá cónaí ar chuid mhór dena daoine atá ag obair thart ar an Spidéal i dtionscail na teilifíse, ceal tithíochta feiliúnach dóibh san áit. Aisteach go leor tá cead pleanála le fáil níos éasca i gCois Fharraige más le haghaidh turasóirí atá scéim tithíochta dhá thógáil.

Fadhb mhór eile do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i bhfad ó Gaillimh, isea an easpa córas taistil. Tá an córas taistil atá ann an-chostasach agus tá sé bunaithe ar dhaoine a thabhairt soir go Gaillimh ar maidin agus aniar trathnóna. Níl tada mí-cheart le sin ach níl aon bhealach sásúil taistil ann do dhaoine gan carrannaí atá ag taisteal sa treo eile, seachas an ordóg. Tá an daonra sách mór i gConamara le go mb'fhiú scéim éicint inmheánach taistil a chur ar fáil. Mar a sheasann sé is deachair maireachtáil i gConamara d'uireasa cairr. Ní iontas ar bith go mbogann daoine soir i dtreo na cathrach le cónaí.

Tá taisteal agus tithíocht an-bhunúsach sa lá atá inniu ann do phobal tuaithe ar bith. Ní leor postanna a chruthú i gceantar mura bhfuil daoine in ann áit chónaithe a fháil go héasca ar phraghas réasúnta agus mura bhfuil bealach taistil sásúil ann. Go dtí go réiteofar na fadhbanna sin ní éireoidh le LEADER, le CUMAS, le MUINTEARAS, le PLÉARÁCA ná leis na heagraíochtaí eile atá ag plé le forbairt pobail an srutha a chasadh, agus méadú a chur sna huimhreacha daltaí i scoileanna beaga na Gaeltachta. Gan an méadú sin ní féidir a bheith ag súil go néireoidh leis na scoileanna beaga na doirse a choinneáil oscailte mórán blianta eile.

TIGH JOHNNY SHEÁIN

• AN TULACH •

**BEÁR, CEOL AGUS CRAIC
GACH DEIREADH SEACHTAINÉ**

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Tigh Mhic Dhonnchadha

**Oifig an Phoist
Grósaer**

**Béal a'Daingean
091-72126**

Fórum Ghaeltachta de dhíth

Bhí macántacht thar an ngnáth ag baint leis an piosa cainte a rinne Joe Steve Ó Neachtain in Inis Oírr ag Tionól Ghaeltachta an Chonradh. Is fiú go mór an chaint a léamh agus tá muid buíoch do Raidió na Gaeltachta a chuir téip den chaint ar fáil dhúinn lena fhoilsiú san iris seo.

Is casta í, ceist na Gaeilge i nDeisceart Chonamara. Cé gurbh í Deisceart Chonamara an Ghaeltacht is láidre sa tír, tá an taoille teanga ag trá chomh sciobthaí sin is gur baolach nach mbeidh fanta i gceann cúpla bliain eile ach corr theach anseo is ansiúd a bhfuil an teanga beo iontu, mar theanga teaghligh. Mura gcasann an taoille go luath is gearr go mbeidh tús dhá chur le brú na Gaeilge amach as imeachtaí pobail ar nós féilte, coistí, seirbhísí eaglasta agus cruinnithe. Tá comharthaí ann go bhfuil an brú tosaithe cheana.

Béarla an teanga comónta atá ag formhór na ndaoine óga i gConamara anois. Níl aon mhaith dhá shéanadh. Tá fhios againn gurbh í an Béarla atá in uachtar i gclós na scoile le piosa agus ón méid a cloistear, is í an Béarla atá in uachtar istigh sa seomra ranga i gcás roinnt de na scoileanna chomh maith. Ardaíonn sé an cheist an bhfuil an t-am tagtha ar cheart dona tuismitheoirí ar mhaith leo go mbeadh an

Ghaeilge dhá úsáid mar theanga teagaisc sa rang agus mar theanga i gclós na scoile chomh maith, a bheith ag smaoineamh ar Ghaelscoil-eanna a bhunú i roinnt áiteacha sa Ghaeltacht.

Is cúis dóchais agus misnigh é go roghnaíonn cuid mhaith dena daoine óga an Ghaeilge mar theanga labhartha eatarthu féin, tar éis na scoile a fhágáil. Ach tá faitíos orainn nach mbeidh sa Ghaeilge don chuid is mó ach teanga imeallach, le úsáid le daoine áirithe (níos sine de ghnáth) agus ar ócáidí áirithe.

Is féidir cuid mhaith den locht a chur ar an Rialtas faoin greimeadh teanga i nDeisceart Chonamara le 10 mbliana anuas ach ní hé an Rialtas faoi ndear na comharthaí móra i mBéarla amháin atá crochta ar fud Chonamara; níl an Rialtas freagrach as biachlár i mBéarla amháin i gcuid mhaith dena bialainn sa Ghaeltacht; ní hé an Rialtas a chuir iachall ar dhaoine, ar Ghaeilgeoirí ó dhúchas iad, ainmneacha na mbailte a scríobh i mBéarla m.sh. *Tiemee, Greenhills* agus *Kellough* agus iad i mbun poiblíochta dá dtionscnaimh turasóir-eachta.

Teastaíonn cúnamh agus comhairle proifisiúnta ó shaineolaithe le stráitéis teanga a leagan amach in éindí leis an heagraíochtaí atá gníomhach sa phobal. Níl coistí pobail ná coistí

Ghlór na nGael ná craobhacha de Chonradh na Gaeilge in ann déileáil astu féin le fadhb an chreimeadh teanga sa gceantar seo ach caithfear déileáil leis. Go bhfios dúinn níl an saineolas a theastaíonn ag Údarás na Gaeilge, ná ag Bord na Gaeilge ná ag Roinn na Gaeltachta ach oiread chun an stráitéis teanga a leagan amach. Tá saineolas ag Institiúid Teangeolaíochta na hÉireann; tá cúpla duine sna hOllscoileanna a bhfuil tuisceant acu ar na fadhbanna sotheangeolaíochta atá i nDeisceart Chonamara agus i gceantachas Gaeltachta eile; tá saineolas i gCeanada agus sa Bhreatain Bheag, a bheadh úsáideach mar go bhfuil siad ag plé leis na ceisteanna céanna teangan sna tíortha sin le piosa agus is cosúil go bhfuil ag éirí leo.

Molann muid san eagarfhocal seo don Aire Gaeltachta, Michael D. Higgins TD Fórum Saineolaithe a bhunú le eolas agus fianaise a bhailiú; le éisteacht le tuismitheoirí agus le múinteoirí agus le duine ar bith a bhfuil rud éicint le rá acu faoin cheist; le anailís a dhéanamh ar na fadhbanna teanga atá againn sa Ghaeltacht seo agus ar deireadh le stráitéis a leagan amach, in éindí linn, ina mbeidh moltaí dearfacha liostáilte go soiléir. Gan stráitéis teanga leanfar don chreimeadh; brisfear dóchas agus misneach na bpobal agus cinnteofar nach mbeidh an Ghaeilge i bhfad eile in uachtar mar theanga pobail i nDeisceart Chonamara. Is fúta anois é, a Aire!

• Siopa & Ósta •

TIGH CHRISTÓ

Ros Muc 091-574121

**Ceol Traidisiúnta • Smailceanna
Peitreal • Leabharlann Fistéipeanna
Gual • Flo-gas**

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Tigh Henry

An Droim, Leitir Mór
Teil: 091-81106

Beár, Ceol & Craic

—Seirbhís Sochraide—

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

ATLANTIC EXPRESS COURIER SERVICE

Roisín na Muintheach, Carna
Teil: 095-32347

*Go n-éirí go geal le
Pléaraca Chonamara*

TAISTEAL NA GAELTACHTA GNÍOMHAIREACHT OIFIGIÚIL

**MATT O'DONNELL
TRAVEL**



An Cheathrú Rua
Fón: 091-95221
Facs: 091-95221



Faigh praghas uainn ar aon chineál taistil, grúpaí eagraithe nó daoine aonair

Piosa Cainte a thug Joe Steve Ó Neachtain uaidh ag Seimineár a reachtáileadh le linn Tionól Ghaeltachta Chonradh na Gaeilge in Inis Oírr, tús mí Lúnasa.

An Ghaeltacht i mBliain an 2000 – Pobal nó Ionad Oidhreachta?

"Ní shlíim fhéin go bhfuil aon ghá a dhul i bhfad leis an díospóireacht áithrid seo, maidir leis an bhliain, bliain an 2000. Sílim go mba leor a bheith ag éisteacht le pobal Inis Oírr ag an Aifreann inniu ag freagairt an Aifrinn go nádúrtha, agus go raibh sé go maith a bheith ag éisteacht leis an bhfoireann peile as Inis Oírr agus foireann mo cheantair fhéin, foireann Micheál Breathnach, ag imirt ar an bpáirc anseo amuigh, ag fógairt ar a chéile go hiomlán as Gaeilge, ag eascairí i nGaeilge, buíochas le Dia. Ar ndóigh, tá bliain an 2000 chomh gar dhúinn, agus gur ar éigean go mbeidh muid bailithe abhaile as Tigh Ned ar chor ar bith nó go mbeadh sí ar ár mullach má bhíonn aon seisiún maith ann ina dhiaidh seo.

Tuigim go bhfuil pobal eile lag, an-lag, agus go mb'fhéidir go mbeadh siad séalaithe faoi bhliain an 2000, agus tuigim go maith dá gcuirfí ceist orm fhéin meastú cén chaoi a mbeidh an pobal a mbainim leis leath chéad bliain taréis bliain an 2000, tá seans maith go ndéarfainn nach mbeidh sé ann agus is beag seans go mbeidh. Bheadh sé deacair a chreidiúint go mbeadh. Más fíor, deirtear go raibh Gaeltacht soir chomh fada le lár na tíre nuair a cuireadh tús leis an stáit seo. Bhí Gaeltacht soir chomh fada le Átha Luain. Bheadh sé deacair a thuiscint cén fath go gcoinnódh muid anois i nuair a chaith chuile dhuine eile uathu í, i gcaitheamh an achair anuas go dtí an lá atá inniu ann. Ag an am céanna, níl agam ach slat tomhais mo bhaile fhéin. Níor labhair aon duine dhá rugadh ar mo bhaile ariamh aon Bhéarla liom, fear, bean ná páiste. Bheadh sé mí-nadúrtha acu sin a dhéanamh. Níor labhair aon duine a rugadh i mo pharóiste de mo chomhaisigh, aon fhocal Béarla ariamh liom. Bheadh sé mí-nadúrtha acu sin a dhéanamh.

Ar bhealach amháin ní raibh rudaí chomh maith ariamh sa nGaeltacht, agus ar bhealach eile ní raibh rudaí chomh dona ariamh sa nGaeltacht. Ní raibh sé chomh maith de bharr go bhfuil féile i chuile bhaile. Níor mhór dhuit a bheith ag déanamh airgid le bheith in ann freastal ar chuile chinéal féile dá bhfuil ann, idir féilte curachaí agus féilte ceoil, agus féilte bád seoil, agus cumadh amhráin, agus cumadh filíochta agus pubanna lán go maidin. Ach ar an láimh eile, níl aon mhaith dhá cheilt, tá udár imní san aos óg, go háirithe ins na bunscoileanna. Níl muid dhá cheilt. Tá muid dhá rá amach go hoscailte go bhfuil trioblóid ansin.

Ach níl muid a' dhul ag lú siar agus a' dhul ag fáil bháis. Is beag an baol orainn, mar nuair a bhí mise ag dul ag an scoil náisiúnta is bás de chineál eile a bhí i gceist. Chuile dhuine dá raibh ar rang liom sa scoil náisiúnta, chuile dhuine amháin acu, d'imigh siad ar imirce. Bás eile! Ní raibh an Ghaeilge mar a deireann siad, ní raibh sí user friendly ag an am. B'fhéidir nach bhfuil ná fós, in áiteacha. Is cuimhneach liomsa an-náire a bheith orm le mo chuid Gaeilge sa mbaile mór de bharr nach raibh mo dhothain Béarla agam. Agus is cuimhneach le mo chomhleacaithe a d'imigh go Sasana, nach raibh siad in ann béile a ordú agus gur gheall siad go Dhia agus go Mhuire dá mbeadh clann acu go deo go mbeadh a ndóthain Béarla acu le go mbeadh siad in ann taisteal ar fud an domhain.

Ar ndóigh tá an saol athraithe agus níl sé sin fíor i saol an lae inniu ach níl an mheon athraithe fós i n-intinn na ndaoine agus sin é atá tábhachtach le n-athrú. Marach na coistí paróiste i mo cheantar sa, ní bheadh mise ag caint anseo inniu Bheadh muid marbh le deich mbliana fichead ar a laghad."

Bunaíodh na coistí paróiste agus astu sin a d'fhás Cearta Sibhialta na Gaeltachta, rud a thug misneach dhúinn, nach rinne dochar ar bith dhúinn, fiú amháin má bhí muid mí-mhúinte, agus má rinne muid rudaí nár cheart a dhéanamh ag an am. Ach rinne sé leas. B'fhéidir nach mbeadh dochar ar bith ann dhá mbeadh brainse dhóibh beo i gcónaí. Ag an am is cuimhneach liom gur fhiafraigh muid Údarás Gaeltachta agus gur fhiafraigh muid Raidió Gaeltachta.

Agus labharfaidh mé faoi Raidió go háirithe. Tá mé ag caint ar mo mháthair fhéin, go ndéana Dia grásta uirthi, a fuair bás dhá bhliain ó shin. Ní raibh rud ar bith eile, ní raibh meán ar bith eile le go bhféadfadh sí éisteacht leis. Ba í an Ghaeilge a teanga agus d'éist sí leis ó mhaidin go faoithin. Agus ní mór dhúinn a bheith cúramach ar bhealach nuair a bhíonn muid ag iarraidh an Raidió, a d'fhiafraigh muid don Gaeltacht a chur in oiriúint don tír ar fad. Mar ní mar a chéile go díreach an cineál meoin atá ag daoine chuile áit sa tír. Ní mar a chéile muid agus Sasanaigh, ní mar a chéile Sasanaigh agus Gearmánaigh. Sé an rud is nádúrtha ar an domhain é, an clár a bheadh feiliúnach i mBaile Átha Cliath, ní bheadh sé feiliúnach i gConamara agus an clár a bheadh feiliúnach i mBéal Feirste ní móide go mbeadh sé feiliúnach i mBaile Átha Cliath. Agus ní bheinn ach ag cur comhairle beag bideach—chuile uair dhá dtógar clár de Raidió na Gaeltachta go bhfuil muid ag fágáil easpa sa nGaeltacht, easpa sa Raidió a throid muid go géar ar a shon, ar son na Gaeltachta le go bhfanadh muid beo.

Is cuimhneach liom an coiste paróiste againn fhéin ag ceannach píosa talúna agus ag dul go dtí Údarás na Gaeltachta agus ag rá leo. Sin é an talamh! Tógaigí sibhse monarchain! Cuirigí obair ar fáil dúinn! Níor dhúirt muid leo cuirigí Gaeilge ar fáil dhúinn. Ba ró-chuma linn le firinne. Obair a theastaigh ar dtús. Theastaigh uainn fanacht sa mbaile ar dtús. Muna mbeadh muid in ann fanacht

sa mbaile ba chuma más Gaeilge nó Béarla a bhí againn. Ba tábhachtaí i bhfad go mbeadh Béarla againn agus lena gceart a thabhairt dóibh, caithfidh mé é seo a rá agus mé ag obair dóibh, ach lena gceart a thabhairt dhóibh chuir siad na monarchain ar fáil.

Tá lochtanna ar an Údarás, tá lochtanna ar chuile eagrais dá bhfuil ann. D'admhódh muid fhéin é. D'admhódh an bhainistíocht é. Sílim go measann daoine go raibh an tÚdarás, b'fhéidir freagrach go hiomlán as an nGaeilge a chur chun cinn sa nGaeltacht. Ach sé an cúram is mó a bhí orthu ná iarracht a dhéanamh tionscail a chur ar bun sa nGaeltacht agus roghnaigh siad foireann a bhí feiliúnach leis an gcinéal sin oibre a dhéanamh. Ní móide go raibh an fhoireann céanna uafásach feiliúnach leis an nGaeilge a chur chun cinn sa nGaeltacht. Ach ar a laghad rinne siad job áirid. Rinne siad réasúnta maith é. Sílim fhéin, mar duine Gaeltachta go ndeama.

Anois faoi láthair mothaíonn muid go bhfuil athrú polasaí ag teastáil. Tá a fhios againn go maith muna bhfuil Gaeilge sa nGaeltacht nach bhfuil aon ghraithe againn ann. Ní fiú Údarás Gaeltachta a bheith ann muna bhfuil Gaeltacht ann. Feiceann muid gur chóir a bheith ag athrú polasaí dhá réir. Níl muid ag ligean

maidí le sruth. Tá riar mhaith oibre déanta againn i gcursaí teilifíse, b'fhéidir in ngan fhios don saol, ag cur cursaí ar fáil agus ag traenáil daoine. Cuireann muid riar mhaith airgid isteach sna naonraí go deas ciúin; go leor airgid i gclubanna óige; cuidíonn muid le amhránaíocht ar an sean nós a mhúineadh don dream óg; ranganna Gaeilge. Agus tugann muid cúnamh do chuile chinéal féile dá bhfuil ann.

Amach romhainn! Bhuel tá mé ag cuimhneamh ar mo theaghlach fhéin. Triúr gasúr atá agam. Thóg muid le Gaeilge iad, ach tháinig an tráth nuair a bhínn ag dul ag cluichí le Páid go háirid agus leads óga a bhí ag dul ar scoil in éineacht leis. Stopaídis ag caint ar fad sa gcarr. Sé an fáth a bhí ansin ná gur Béarla a bhídis ag labhairt le chéile ag an méanscoil agus mheas siad mar gheall go raibh siad sa gcarr in éineacht liomsa nár cheart dóibh Béarla a labhairt. Dá bhrí sin bhí cinéal náire orthu Gaeilge a labhairt, agus níor labhair siad ar chor ar bith. Ar an bpointe a dtéidis amach as an gcarr chloisinn ag Béarlóireacht iad.

Ach más aon mhisneach é, tá an tráth tagtha go bhfuil Páid ag dul ag an Ollscoil anois agus tá na leads ceannann céanna ag teacht isteach ag an teach againn agus iad ag Gaeilgoireacht mar a bhíodh siad



Joe Steve Ó Neachtain

nuair a bhí siad ina ngasúir bheaga bhídeacha. Téann déagóirí, téann siad tré phíosa mar sin — nach bhfuil sé with it mar a déarfá a bheith ag labhairt na Gaeilge. B'fhéidir go bhfanann cuid acu mar sin ach ní fhanann siad ar fad. Tagann riar acu ar ais chomh maith. Údar misnigh é sin, ach údar droch mhisnigh iad na scoileanna náisiúnta. Tá cursaí thar a bheith go dona. Is féidir le duine amháin a bhfuil Béarla aige, scór a mhilleadh i gclós na scoile.

Tá muid ag iarraidh tabhairt faoi sin faoi láthair ar chuile bhealach dá bhféadfadh muid. Meon na dtuismitheoirí a athrú uimhir a haon. Tá muid ag cur drámaíocht ar bun sna scoileanna ionas go mbeidh seans ag na gasúir a bheith ag caint

aris. Níl aon seans cainte ann faoi láthair, is brú cnapaí é. Agus ní Gaeilge a bhí ar an dteilifís go dtí seo. Ní fhéadfadh aon mhilléan a thabhairt do na gasúir.

Is maith ann na Gaelscoileanna, ach ní leor iad dá fheabhas iad agus tá fíor mheas agam orthu. Mar thógadh sé céad bliain sa bhéas obair na nGaelscoileanna chomh h-aibithe leis an gcultúr atá ag fáil bháis sa nGaeltacht faoi láthair. Agus chuirfínn cultúr na Gaeltachta i gcomortas le Picasso. Dá fheabhas an phéintéireacht is fearr dhá bhfuil déanta faoi láthair beidh sé céad bliain d'aois sa bhéas sé ionchurtha le tada de na sean phictiúirí.

I dteannta a chéile is fearr muid. Mothaím nach bhfuil na heagraíochtaí ar fad atá ag plé leis an nGaeilge, nach bhfuil muid ag tarraingt ceart lena chéile. Agus ba mhaith liom a rá anocht ó fuair mé an deis ar son an Údaráis gur maith liomsa go háirid a bheith ag comhoibriú go mór libhse, Conradh na Gaeilge. Sílim gurbh é an job mór ceanna atá le déanamh againn. Más ag troid le chéile atá muid, nó ag argóint nó ag iarraidh a bheith ag gnótháil pointí ar a chéile, tá muid ar fad marbh ar aon nós. Tá muid i bhfad ró-bheag agus ró-lag le bheith ag argóint lena chéile."



Cló Iar-Chonnachta,

Indreabhán, Conamara

Fón: (091) 593307 Fax: (091) 593362

LEABHAIR / DLÚTHDHIOSCAÍ / CAISÉID NUA

LEABHAIR

Brídín, Colm Ó Ceallaigh (úrsceál)

Seanfhocail as Acaill, Tony Catherine Antoine William
An Cruastóir / An Mhéar Fhada, Johnny Chóil Mhaidhc
(dhá dhrama grinn)

CEOL & AMHRÁNAÍOCHT

Gaelcheol Tíre (físteip, CD & caiséad)

The Fertile Rock: Chris Droney (consairtín)

An Buachaill Dreóite: Joe Ryan (fidil)

Rinn na nGael: Nioclás Tóibín (amhránaíocht ar an sean-nós)

Ar Aon Bhuille: Antóin Mac Gabhann (fidil)

The Winds of Freedom: John Beag

AG TEACHT GO LUATH...

Mar chuid de chomórada deich mbliana Chló Iar-Chonnachta seolfar trí mhórchnuasach de scoth an ábhair a foilsíodh ó 1985:

Sláinte — cnuasach litríochta

Ceiliúradh — cnuasach ceoil & amhrán ar CD / caiséad

Blaiseadh — Cnuasach ón tsraith An Béal Beo

(Ábhar litríochta ar CD / caiséad: Aithris filíochta / scéalta & srl.)



GAELIC SEAFOODS (IRL) LTD.

Leitir Ard, Caiseal, Co. na Gaillimhe
Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe

Táirgeoirí Bradán den scoth.
Ag Soláthar Fostaíocht do Mhuintir
Ghaeltachta sa nGaeltacht.

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Tigh Phroinsias

An Spidéal
Teil: 091-83728

Oifig an Phoist
Siopa Spar
Cruaearraí & Earraí Grósaera

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

The Twelve Pins

Muintir Lawless, Bearna
Teil: 091-592368/592485

Beáranna • Bialann
Áiseanna Sóisialta
Seomra Cruinnithe
Bia na Mara & à la carte

Ceardlann an Phléaráca i Ros Muc

BA FUAR GRUAMA A BHÍ AN AIMSIR, GO díreach mar a bhí mo chroí an mhaidin sin a ndearma mé freastal ar chruinniú sa gCrannóg i Ros Muc, Fómhar na bliana 1993. Bhí mé dífhostaithe don chéad uair i mo shaol agus ní go maith a bhí mé ag déileáil leis an gcás, agus bhí drugall an diabhail orm roimh Gheimhreadh fada dímhaoineach eile.

Chuala mé ar Raidió na Gaeltachta go raibh Pléaráca ag reachtáil Scéim Ealaíona Pobail, agus go mbeadh cruinniú eolais ann, le fáil amach cé na ceardlann eagsúla a mbeadh spéis ag mná an cheantair iontu.

D'fhreastal slua mór ar an gcruinniú. Bhí go leor nach raibh spéis acu sna ceardlann mar nach raibh aon focaíocht astu, cé go raibh bunábhar agus teagascóir curtha ar fáil agus na ceardlann saor in aisce. Ní bheidh a fhios acu go deo an saibhreas a lig siad rith thréna lámha.

Ní féidir luach a chuir ar an eolas, ar an gcruthaíocht agus ar na scileanna a bhíonn ag duine, nach dtiocfadh go deo chun léargas marach an seans iontach seo a thug Pléaráca dhúinn, gan caint ar an bhféinmhuinín atá againn anois.

Socraíodh ag an gcruinniú go gcuirfí ceardlann ar siúl san ealaíon, sa cheol, sa damhsa ar an sean-nós, i mbun scileanna fiseán agus sa scríobhnóireacht chruthaíoch.

Ceardlann Ealaíne

Sí Gwen Uí Ghaora an t-ealaíontóir as an mBreatain Bheag a tháinig go Ros Muc tamall gearr roimhe sin a bhí i mbun na gceardlann ealaíne.

Ba mhór an mhisneach dhúinn duine ar nós Gwen, a tháinig go Ros Muc ar saoire agus a d'fhan, ag am a raibh an imirce agus an dífhostaíocht ag bánú an cheantair.

Damhsa

Sí Annie Devaney a bhí ag múineadh damhsa. Cé nár éirigh ró mhaith liom fhéin leis an

damhsa, bhí Annie an-chineálta ag cur an locht ar mo bhróga. "Bhí sé sa gcroí ceart go leor, ach ní raibh sé sna cosa."

Ceol

Paul Corbett a bhí ag múineadh ceoil agus bhíodh corr sheisiún againn in éineacht le gasúir na Scoile Náisiúnta a bhíodh dhá mhúineadh freisin.

Ceardlann Físeáin

Trevor Ó Clochartaigh a bhí i gceannas na ranganna video. Ní raibh a fhios againn aon bhlas faoi na ceamaraí a thug sé dúinn an chéad lá an oiread is dá mba spásárthach a bheadh os ár gcomhair amach. D'éirigh go breá linn a bhuíochas sin do Threvor.

Ceardlann Scríbhneoireachta

Thosaigh Máire Holmes ar cheardlann scríobhnóireachta cruthaíoch linn maidin Luan, agus ba mhaith cúthail a bhí muid uilig. Cé gur chónaigh muid at fad gar go maith dhá cheile bhí sé soiléir nach aithne mhór a bhí againn ar a chéile, agus bhí easpa misnigh orainn freisin.

An chéad rud a d'iarr Máire orainn a dhéanamh ná ainm an dán ab'fhearr linn ar scoil a scríobh agus ansin scríobh mar gheall ar an dán, cérbh é an file agus cén fáth a ndeachaigh an dán seo thar aon cheann eile i bhfeidhm orainn srl. An chéad tseachtain eile thosaigh muid ag cumadh píosaí beaga filíochta le treoir ó Mháire agus léadh Mairéad Uí Chuaig amach na píosaí a bhíodh scríofa againn ba chuma maith nó dona iad. Thug Mairéad agus Máire an-mholadh i gcónaí don obair agus thug sé seo misneach dhúinn.

Bhí an Nollaig ag teacht agus thosaigh muid ag déanamh cártaí Nollag ag na ranganna agus ag scríobh bhéarsaí beaga le cur leo.

Bhí roinnt mhaith dánta scríofa faoi seo agus socraíodh oíche filíochta a bheith Tigh Mhaidhcó agus tugadh cuireadh do fhilí ó

áiteacha eile i gConamara. D'éirigh go maith leis an oíche agus tar éis na Nollag thosaigh muid ag obair go dícheallach ag scríobh gearrscéalta, faoi eachtraí a tharla dhúinn fhéin, stair agus seanchas áitiúil, sean phaidreacha, sean leagannacha cainte agus filíocht.

Ag teacht gar do dheireadh an téarma bhí Máire Holmes den bharúl go raibh a dóthain ábhar againn le leabhar a fhoilsiú agus shocraigh muid go ndíreodh muid isteach ar seo a dhéanamh chomh luath is a thiocfadh muid le chéile arís mí Meán Fómhair.

Cé gur cheap mé fhéin nach raibh ann ach brionglóid, is brionglóid atá tagtha fíor mar tá an leabhar *Idir Mná* dhá fhoilsiú agus le seoladh i rith Féile Phléaráca Chonamara '95 ar an Déardaoin 14 Meán Fómhair, i dTeach Scribe.

Cúirt

Fuair Máire Uí Chonaola agus mé fhéin cuireadh roinnt dár gcuid filíochta a léamh ag 'Cúirt' – an Fhéile Idirnáisiúnta Filíochta i nGaillimh – anuraidh agus léigh Máire Seoighe agus Máirín Uí Dhubhda ansin i mbliana. Léigheamar ag an Scoil Éigse agus Seanchais, Áras Uí Cadhain, ag oícheanta áirneáin Tigh Pheadair Mhóir agus ar Raidió na Gaeltachta go minic.

Seo Linn go Boston

Tá cuireadh faighte againn go Boston, Mí Deireadh Fómhair le filíocht a léamh i nGaeilge ar ardán i Harvard, An Druid, Boston College agus áiteanna eile.

Is mór an onóir dhúinne é seo agus is mór an chreidiúnt é dár dteagascóir Máire Holmes, agus do Phléaráca. Beidh seisear againn, Máire Holmes, Mairéad Ní Scanláin, Máire Seoighe, Máire Uí Chonaola, Máirín Uí Dhubhda agus mé fhéin ag tabhairt ár naghaidh siar mar a deir Eoinín na n-Éan thar na farraigí móra fiáine ar an 11 Deireadh Fómhair '95 go Boston.

—Meta Uí Mhúille

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

An Cheathrú Rua 091-95154

Fón: 091-595154/595169 Facs: 091-595154Facs:

SEOID

Seoda & Ceardaíocht Marmair

Tuarlach, Ros Muc
Conamara
Teil: 091-74120

Blúiríní Eolais faoi Chamus

Pádraig Seoighe



Lady Dudley, a bád ag Scriob. B'i a thosaigh an Scéim Banaltrachta ar a bhfuil tagairt déanta san alt seo. (Bulochas do Theach Scribe as an grianghraf a chur ar fáil.)

• Lady Dudley nó Rachel Gurney

Rugadh Lady Dudley nó Rachel Gurney mar a bhí uirthi i Keswick i Sasana. Bhí a hathair ina Lord Lieutenant ar Éirinn, ina Chathaoirleach ar an Royal Commission on Congestion agus ina Governor General san Astráil. Bhí aithne ar Lady Dudley mar an bhean a chur scéim banaltrachta ar bun in áiteacha i gConamara. Bunaíodh stáisiúin sna háiteacha seo a leanas: **An Spidéal** (1904), **Cloch na Rón** (1909), **Ros Muc** (1925), **Rinn Mhaoile** (1929), **An Cheathrú Rua** (1932), **An Tulach** (1933), **An Cloigeann** (1935), **Leitir Mealláin** (1936), **Cill Chiaráin** (1938) agus **An Sraith Salach**

(1940). Rinneadh forbairt ar na stáisiúin banaltrachta seo go seirbhísí reatha sláinte sna seachtóidí.

Deirtear gur sa gcuan ag Scriob a báthadh Lady Dudley i 1920.

• Séipéil Chamuis

Ba é 'Teach na bPrayers' an chéad shéipéal Protastúnach a thóg muintir Scribe san áit agus bhíodh sé á úsáid ag Ismays Chasla chomh maith. Teacháin beag sa gcoill atá ann déanta as stáin agus léightí Aifreann ann go minic sa tsean aimsir. Ní bhíodh sé á úsáid tar éis 1935.

Ba ar an 15 Lúnasa 1897 a beannaíodh an séipéal nua i gCamus agus bhí an méid seo a leanas i gcló in **Irisleabhar na Gaeilge** i mí Iúil 1897:

"The dedication of the Camus church in Connemara will take place on the 15th August. This church has been erected in a very poor district in the wilds of Connemara by the exertions of Father Joseph Cassidy, Rosmuck, Maam Cross, Co. Galway, replacing the old thatched chapel, the last of its kind in Ireland. The ceremony is to be performed by Most Rev. Dr McCormack, Bishop of Galway. It is to begin with solemn Mass at 11am. The sermon will be preached in Irish by the accomplished Irish preacher Rev. M D. Conroy, Parish Priest, Spiddal. As this is

perhaps the first occasion in a century on which a dedication sermon has been preached in Irish, those who love the National Tongue should avail themselves the opportunity to be present. Visitors should reach Maam Cross by the train on Saturday. The station is only five miles from the new Church. We are sure that many of our readers will not fail to show their appreciation of the importance of this event, by, if possible, participating in its celebration."

Beannaíodh an séipéal céanna ag Searmanas Ath-Choisreacan a bhí ar siúl ar an 16 Márta 1985 tar éis deisiú as an nua a bheith déanta air. Tá an séipéal breis agus cheithre scór bliain d'aois agus tá cóir álainn anois air.

• Na Trí Chamus

Ní Camus ná dhá Chamus atá againn ach trí cinn. Tá Camus eile ann freisin — cuid de Chamus Íochtair déarfainn — ar a dtugtar 'Camus Craoibhe' i gcaint na seandaoine.

• Ceardaithe

Bhíodh saor cloiche, saor báid, táilliúr agus gréasaí i gCamas tráth. Bhí togha na seanchaithe agus na gcainteoirí ann freisin agus tá cuid acu ann i gcónaí.

Deir an tAmhrán Bréagach: "Tá fíodóir i gCamus ar ainm dó Sálalaoi." B'fhéidir go raibh a

leithéid ann. Níl cinn. Ar aon chaoi bhí déantús breá fíodóireachta i gCamus ag tús an chéid.

• Camus sna hAmhráin

Ní san Amhrán Bréagach amháin atá Camus luaite. Tá píosa breá cumadóir-eacht againn ar a dtugtar 'Spailpín Chamuis' agus is breá an píosa é.

Ar ndóigh tá amhrán cumtha ag Colm Ó Méalóid faoi Chamus (a cheantar dúchais) agus tá sé le fáil ar an gcaiséad: **Céad slán le Camus.**

Tá Camus luaite freisin in Amhrán Londain Shasana a scríobh Tom a' tSeoighe agus san amhrán Beairlín an Ghadaí:

*"Ó b'fhaide an lá ná an tseachtain ann,
Is mé ag iarraidh sinkeáil síos.
Bhí an t-allas do mo lagan,
Is bhí mé maraí' ag mo dhroim.
Nár smaoinigh mé ar an mbaile thiar,
Is ar a liachtaí lá breá saoil.
Bhí mé thiar ar chriathraigh Chamuis,
Is chaon roll agam sa bhfraoch."*
(Amhrán Londain Shasana)

*"Go dtiocfaidh Muintir Chamuis,
Ros Muc is Gleann Chatha
Nó nach mbeadh a fhios cé a chuirfeadh chun báis é!"*

(Beairlín an Ghadaí)

Níl a fhios agam cén fáth ar tugadh 'Maicíní' ar mhuintir Chamuis ariamh. Bhí an tainm sin orthu ariamh anall. Deirtí 'Maicíní Chamus, is amhais an Turlaigh is pocaidí dubha Ros Muc.'

Seans nach aon droch-ainm é.

Dr Micheál Ó Cathasaigh

— CÁRNA —

Ionad Sláinte Charna: Máirt - hAoine: 10am - 1pm
Ionad Sláinte Chill Chiaráin: Dé Luain: 10am - 1pm
Déardaoin: 3pm - 6pm
Ionad Sláinte an Chaisil: Dé Céadaoin: 3.30 - 4.30pm

Glactar le daoine le coinne ón 3 - 6pm i gCarna ar an Luan, an Mháirt, an Chéadaoin agus ar an Aoine

Ionad Sláinte Charna/Baile: 095-32281/32243/32304
Cill Chiaráin: 095-33429 Caisil: 095-31161

Tigh Fhlatharta

BEÁR & SIOPA GRÓSAERA

— Casla —

Teil: 572233

Go n-éirí le Féile an Phléaráca



Seosamh Ó Cuaig ar Inis Meáin, ag cuartú vótál le haghaidh thoghchán an Údaráis i 1994. (pic Bob Quinn)

Seosamh Ó Cuaig

ag caint le Una Ní Cheannabháin

mhaith acu is dream iad a tháinig isteach. *Fair play* dhóibh, d'fhoghlaim siad Gaeilge. Rinne siad iarracht mhaith i a fhoghlaím ar chuma ar bith ach tá go leor acu ina gcónaí istigh i nGaillimh. Sílim gur saol aicrne áirithe daoine atá acu.

Bíonn sé deacair i gcónaí ag dream a thagann isteach go dtí an taobh seo an sórt cultúir atá sa taobh seo a thuiscint. B'fhéidir go bhfuil an dá thaobh ann agus go mbíonn deacracht againne iadsan a thuiscint. Bhí cruinniú amháin againn lá san Údarás agus bhí siad ag caint ar mhuintir na háite a chur i gceannas ar na comhlachtaí Gaeltachta agus chuir mé ceist amháin. D'fhiafraigh mé cé mhéid duine as an nGaeltacht a bhí sa ngrád is airde san Údarás. Chuaigh muid tríd na grádanna ar fad. An grád is íle agus an dara grád is íle bhí siad lán le muintir na Gaeltachta. Tá sé ghrád ann ach nuair a chuaigh tú suas go dtí an grád is airde is é an freagra a fuair mé nach raibh an oiread agus duine amháin as an nGaeltacht sa ngrád sin. Is fadhb mhór í sin.

CÉARD IAD NA HAIDHMEANNA A BHÍ agat ar Bhord an Údaráis mar ionadaí pobail?

Is dóigh gurbh í an aidhm a bhí agamsa i gcónaí tuilleadh cumhachta a bhaint amach don Ghaeltacht agus féachaint leis na rudaí a theastaigh ón dream as ar fáisceadh mé féin — gnáthmhuintir na Gaeltachta, más féidir an focal sin a úsáid — a chur chun cinn. B'shin í an aidhm a bhí agam i gcónaí agus a bheas go deo ach níl a fhios agam cé chomh maith is a d'éirigh liom é sin a dhéanamh. Is dóigh nár éirigh sách maith liom nuair nár éirigh liom a ghabhail ar ais ar an Údarás arís.

An gceapann tú go dtuigeann siad siúd a bhfuil cumhacht acu san Údarás muintir Chonamara?

Déarfainn go bhfuil daoine ionraic nó díreach san Údarás ach cheapfainn go bhfuil beagán easpa tuisceana ann. An dream atá ar ard bhainistíocht an Údarais, is as saol eile iad, seachas saol na ndaoine atá thart anseo. Cuid

curach uaidh mar a thuigfeá. Ó thaobh cúrsaí iascaireachta dhe, bhí plé mhór agam leis na gliomaigh a chur chun cinn. Chuaigh mé féin agus daoine eile go Meiriceá, d'fhoghlaim muid céard a bhí ag tarlú i Maine agus thug muid ar ais an t-eolas agus tá an rud á dhéanamh anois. Tá gliomaigh á gcur amach. Sin rudaí a bhfuil baint ag muintir na háite leo. Ach choinnigh mé súil i gcónaí freisin ar na tionscail mhóra. Bhí baint mhór agam le Telemara ar an gCeathrú Rua a choinneáil oscailte, Cnótáil Ghaeltarra i dTuar Mhic Éadaigh agus Aer Árann.

An gceapann tú go bhfuil Conamara Thiar ag cailleadh mar nach bhfuil aon ionadaí Údaráis acu tar éis an toghcháin deireanach. An bhfuil sé sin go dona don áit?

Ní hé amháin go bhfuil sé go dona don áit ach tá sé go dona do na ceantair iargúlta ar fad. Má bhreathnaíonn tú ar an bhfostaíocht atá idir Gaillimh agus An Chreathrú Rua, tá roinnt mhaith ar bun ann. Tóg aníos ó Tigh Khit i nDoire Né go Cloch na Rón, ní hé an oiread sin atá ann agus tá na ceantair eile ar an gcaoi chéanna — ceantar na nOileán, cuir i gcás. Tá sé éasca a rá le tionsclóir monarcha a chur ar siúl in aice na Gaillimhe. Níl sé chomh héasca sin iad a mhealladh anoir go Ros Muc, go Cill Chiaráin ná go Cárma. Teastaíonn duine i gcónaí a chuirfeadh ina luí ar an dream atá i gceannas go bhfuil áiteachaí mar seo ann freisin.

Ach an chaoi a bhfuil sé faoi láthair tá an ceantar seo buailte, tá sé buailte gan duine ar an Údarás agus tá an ceantar buailte gan aon Chomhairleoir Condae. Bhíodh ionadaí poiblí sa taobh seo de Chonamara le os cionn céad bliain ach níl anois. Teastaíonn Comhairleoir Condae a chuirfeadh an ceantar seo ar bharr an liosta mar a chuireann comhairleoirí eile a gceantair féin. Ó thaobh an Údaráis de teastaíonn uaim an rud a bhí mé ag iarraidh i gcónaí a chur chun cinn. Tá súil agam go gcuirfear chun cinn ar bhealach eicint é. Ní mise atá á chur chun cinn faoi láthair ach níl aon neart agamsa ar sin.

An rithfidh tú arís?

Níl a fhios agam. Fanfaidh mé go mbeidh sé ann arís agus feicfidh muid linn.

Tá tú anois ag obair sa seomra nuachta i Raidió na Gaeltachta. An bhfuil dearcadh difriúil agat go háirithe ó thaobh bheith ag cur agallaimh ar bhaill den Údarás? Tá tú tar éis an dá thrá a fhreastal, mar déarfá.

Bhuel, ar an nuacht náisiúnta atá mé faoi láthair. Ciallaíonn sé sin nach mbíonn mé ag déanamh agallaimh le lucht an Údaráis. Ach is cinnte dearfa nuair a bheas go mbeidh sé i bhfad níos éasca duine acu a thuiscint. Ní bheadh sé chomh héasca do dhaoine a bheith ag éalú ó na ceisteanna nuair a bheadh eolas agat. Ón taobh sin de cuidiú a bheadh ann. Ach i gcónaí nuair a bhínn ag cur agallaimh, chuirinn agallamh sách géar orthu, roimhe seo, sula ndeacha mé ar an Údarás ariamh. Dúirt siad féin go raibh mé féarálte go leor leo. Tá tú in ann a bheith géar ar dhaoine agus a bheith féarálte leo san am céanna. Bheinn féarálte arís ach bheadh an t-eolas níos fearr agam leis na ceisteanna a chur.

Céard iad do thuairimí faoi Theilifís na Gaeilge?

Tabharfaidh sé obair do dhaoine óga. Sin rud maith agus obair mhaith a bheas inti agus tá súil agam go mbeidh an iocaíocht go maith. Ó thaobh na teilifíse féin níl a fhios agam cén chaoi a mbeidh sé. Is maith an scéal go mbeidh sé



Seosamh Ó Cuaig, mar bhall de Bhord an Údaráis. B'é a bhrúigh scéim deontas na gcurachaí chun cinn agus é ar an mBord.

(pic: Bob Quinn)

ar an Tulach, go mbeidh an ceanncheathrú ansin, ach an imní mhór atá ormsa faoi na cúrsaí seo uilig, céard a bheas ann le cur air? Níl mórán cainte déanta faoi sin. Agus tá an Ghaeilge beagnach imithe. Níl mórán Gaeilgeoirí ó dhúchas ag teacht chuig na scoileanna. Is le Béarla atá 90% de na gasúir á dtógáil. Tá an Ghaeilge féin chomh tanaí agus chomh

meascaithe leis an mBéarla nach fiú í a labhairt.

Is beag clár teilifíse i nGaeilge a bhfaigheann mise aon sásamh air. Mara mbítear á gcur i láthair i nGaeilge mhaith líofa níl mé in ann breathnú air, fiú amháin má bhíonn an t-ábhar réasúnta suimiúil. Má bhíonn droch-Ghaeilgeoir á chur i láthair níl mé in ann breathnú air. Bíonn fonn

orm a rá "sé an trua nach labhraíonn an bastard Béarla". Tá faitíos orm go mbeidh dream ag obair ar Theilifís na Gaeltachta mar atá cuid de na daoine atá ag obair ar na cláracha Gaeilge ar RTÉ, agus go mbeidh orm é a chasadh as chomh luath is a thiocfaidh sé air.

Micí Ó Flatharta

An Cheathrú Rua, Conamara Fón: 091-95110

**Grósaera, Trádálaí agus Búistéir
• Flo-Gas •**

Go n-éirí le Féile an Phléaraca!

TIGH DICK

An Tulach, Baile na hAbhann Teil: 93156
Úinéir: Eoin Ó Dúrcáin

**GRÓSAEIRÍ – GÁS
NUACHTÁIN – PÉINT**

Go n-éirí le Féile an Phléaraca!

Seán Mac Giollarnáth

1880-1970

Cé gur chaith sé cuid mhór dá shaol, mar aturnae agus mar ghiúistís ins na cúirteanna i gCondae na Gaillimhe, is féidir a rá gur fearr aithne atá ar Sheán Mac Giollarnáth, mar bhailitheoir béaloidis, agus mar fhear a scríobh faoin dúlra.

Rugadh sa mbreac-Ghaeltacht é – sa nGoirtín, in aice le Béal Átha na Slua, in 1880, agus tar éis a chuid scolaíocht, fuair sé post i Londain sa stáitseirbhís. Le linn dhó bheith i Londain, chuir sé an-suim sa nGaeilge, agus thosaigh sé ag freastal ar na ranganna Gaeilge a bhí dhá reachtáil ansin ag Conradh na Gaeilge. Ba dá bharr sin, a chuir sé aithne don chéad uair ar Mhicheál Breathnach, agus ar Phádraic Ó Conaire. Thagadh siad le chéile go minic, i dteach bia in Adelphi Terrace, agus mar gheall gurbh as Condae na Gaillimhe don triúr acu, agus go raibh suim acu sa scríbhneoireacht, is cinnte gur iomaí oíche fhada a chaith siad le chéile, ag caint 's ag comhrá faoi nua-litríocht na Gaeilge.

Go deimhin, casadh Seán Mac Giollarnáth agus Pádraic Ó Conaire go mion-minic ar a chéile ina dhiaidh sin, i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh, agus i gCarna, agus freisin i Ros Muc, i gCill Chiaráin agus in Árann.

D'fhág Seán Mac Giollarnáth Londain i 1908, agus ceapadh mar leas-eagarthóir ar an gClaidheamh Solais é, ag deireadh na bliana sin. Tar éis cúpla mí, b'é bhí ina eagarthóir ar an bpáipéar, i gcomharbacht ar Phádraic Mac Piarais. Scríobh sé roinnt altanna don pháipéar, agus i 1913 foilsíodh 'Mac na Mná Déirce' – aistriúchán a rinne sé féin agus Mícheál Mac Ruairí ar *The Shuiler's Child* le Séamas O'Kelly.

Bhí sé sna hÓglaigh, ach níor thóg sé páirt san Éirí Ámach, seachtain na Cásca, agus an bhliain dár gcionn, d'fhág sé a phost mar eagarthóir ar an gClaidheamh Solais.

Rinne sé freastal ar léachtaí an Law



Society, agus i 1920, fuair sé a dhindiúirí mar aturnae, agus chuaigh sé siar go Condae na Gaillimhe, go Bleá 'n Ríogh, áit a raibh sé gnóthach le cúrsaí dlí. Rinneadh giúistís de i 1925, agus go ceann chúig bhliana fíchead ina dhiaidh sin, bhí aithne air mar 'Seán Forde an Giúistís' ag dream amháin, agus mar Séan Mac Giollarnáth bailitheoir sean-scéalta ag dream eile.

Mar gheall go raibh sé ag taisteal ar fud an chondae, ag dul ó chúirt go cúirt, bhí an-seans aige castáil leis na daoine a raibh béaloideas agus seanchas acu. I 1934, foilsíodh 'Peadar Chois Fharraige', – bailiúchán breá de scéalta agus de chuimhní cinn sean-fhir, a thóg sé ó Pheadar Mac Thuathalán agus i 1936 bhí 'Loinnir Mac Leabhar agus scéalta gaiscí eile' i gcló. Ba ó Sheán Ó Briain agus ó thriúr nó ceathrar eile, a fuair Seán Mac Giollarnáth na sean-scéalta fada sin. Bhí cónaí ar Sheán Ó Briain i Loch Conaora, gar do Chill Chiaráin, agus ní raibh scéalai mar é, beo in Éirinn le feabhas

inseachta, de réir mar labhair Seán Mac Giollarnáth faoi. Agus i 1932 chuir Mac Giollarnáth, Seán Ó Brian in aithne don bhailitheoir béaloidis Séamas Ó Duillarga, agus chaith seisean cúpla seachtain in éineacht leis, agus thóg sé slám mór scéalta uaidh.

Bhí bailiúchán eile ar fáil ag Mac Giollarnáth i 1941, b'é sin 'Annála Beaga ó Iorras Aithneach' – stair áitiúla ón gceantar sin. Ach, chomh maith leis na leabhra sin a bhí bunaithe ar bhéaloideas agus ar sheanchas a fuair sé ó dhaoine eile, bhí roinnt leabhar a scríobh sé uaidh féin.

Bhí an-tsuim go deo aige in éanacha agus scríobh sé dhá leabhar 'Saol Éanacha' i 1925, agus 'Féilire na nÉan' i 1940. D'aistrigh sé péire eile, 'Ríocht na nÉan', agus 'The Seashore' a cuireadh i gcló i 1947, agus 'Cladach na Farraige' an teideal a bhí aige ar an gceann sin. Chuir sé liosta focal faoi éanacha, ar fáil do fhoclóir Uí Dhuinnín i 1927, agus tá tagairt déanta dhó sa réamhrá, mar Mr. Justice Forde.

San amhrán breá sin 'Ócum an Phríosúin', a chum Tomás Ó Lochlainn as Bun an Charnáin, agus a chas Cóil Neaine Pháidín go minic, tá tagairt do Sheán Mac Giollarnáth nó Seán Forde sna línte:-

*"Ó molaím sú na h-orna go deo deo is choíche,
nach mairg nach mbionn tóir ag rí
Sheoirse ar a dhéanamh,
Seán Forde a bheith ina ghiúistís go
gcomhairleodh sé na daoine,
Mar sé chuir mise ag foghlaim, le ócum a
spíonadh".*

Is iomaí scéal a bhí faoi, agus é ag taiséal ó áit go háit, agus ó chúirt go cúirt, – rudaí a tharla sna tithe ósta agus daoine a casadh air – agus insítear scéal faoin lá ar ghearr sé fíneáil ar fhear, nach raibh in ann an fíneál a íoc, agus mar gheall go raibh aithne ag Mac Giollarnáth air, d'íoc sé dhó é as a phóca fhéin.

Ach i 1949, 'sea tháinig an leabhar is mó cáil ón údar seo, *Mo Dhúthaigh Fhíadín*. Ins an leabhar seo, thug sé le chéile an t-

eolas cuimsitheach ar fad, a bhí aige ar an dúlra, chomh maith le seanchas agus béaloideas a bhí bailithe aige, le blianta roimhe sin. Chuir sé os ár gcomhair é, i nGaeilge bhreá nádúrach agus bhuaidh an leabhar seo duais an Chraoibhín, agus roghnaíodh é don Chlub Leabhar. Cuireadh ar fáil é freisin, mar eagrán scoile, faoin teideal 'Cúdar' – cheithre cinn déag de ghearrscéalta spéisiúla, a d'fheil go mór do ghasúir scoile.

Chuaigh Seán Mac Giollarnáth amach ar pinsean in

1950, agus chuaigh sé ar ais arís ag obair mar aturnae. Scríobh sé leabhar *Conamara*, a cuireadh i gcló in 1954 agus a bhí urraithe ag Comhar Chultúra na h-Éireann. Cuntas i mBéarla a bhí ann, ar na ceantracha éagsúla ar fud Chonamara, agus cuid mhaith den seanchas a bhain leo.

Is iomaí alt agus aiste a scríobh sé ina dhiaidh sin, agus bhí suim i gConamara agus sa mbéaloideas aige, go bhfuair sé bás i 1970, agus é deich mbliana agus cheithre scór.

–Dónall Ó Colchúin

Sliocht as an Leabhar Conamara a scríobh Seán Mac Giollarnáth agus a d'fhoilsigh Mercier Press i 1954 do Chomhar Cultúra Éireann:

The poverty of the coastal land might suggest that fishing is the staple industry, but this is not so for fishing is only an occasional occupation and the people, men and women have become versatile in many occupations that provide them with food, fuel and clothing, and that very often enable them to make appreciable savings. The sea indeed provides manure for the stony soil. Without the harvest of seaweed there would be no harvest from the land, for it is the weed washed ashore or cut at low tide that enables the industrious worker to grow his potatoes, his patch of corn and meadow hay. The toil of gathering the weed is the most laborious of the year's round. Men plunge into the retreating waves to snatch escaping brown hanks and women no less zealous carry dripping backloads beyond the high water mark. No clothes or footwear seem adequate to protect the worker from the soaking salt water, but a sea-wetting never gives a cold."

COMHARCHUMANN CONAMARA THAR Tta

Cill Chiaráin 095-33436
Ros Muc 091-74341

STÓR AN
CHOMHARCHUMAINN
Ábhar Tógála agus Feirme
SIOPA AN PHOBAIL
FORBAIRT POBAIL

Go n-Éirí go Geal leis an Pléaraca

Dónall Ó Colchúin



• Dónall Ó Colchúin agus a bhean Éimear 1993

Rugadh agus tógadh Dónall Ó Colchúin ar an gCeathrú Rua. Fuair sé a oiliúint i gColáiste Iarlíflatha, Tuaim agus ansin i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh.

Bhíodh suim i gconaí aige i scríbhneoireacht agus i gcumadóireacht, ach ba mhó cáil a bhí ag muintir na háite air mar shiopadóir ar an gCeathrú Rua. Filíocht phobail is mó a léirítear ina chuid dánta agus tá baint mhór ag stair na Ceathrúin Ruaigh leo, chomh maith le léiriú ar shaol an lae inniu.

D'fhoilsigh Dónall trí chnuasach filíochta: *Tobar na Croise, Teampall Bharr a' Doire* agus *Teachtaire Robeson*. Tá slám dánta eile nach raibh deis aige a chur i gcló. Bhí sé mar eagarthóir ar Irisleabhar Shéipéil Mhic Dara nuair a comóradh 100 bliain é. Bhíodh sé le cloisteáil go rialta ar Raidió na Gaeltachta ar chláracha ar nós *Leatsa Leagan*, *Siamsán Maidine* agus *Peann agus Pár*.

Thug sé léacht i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh don Chomhdháil 'Litríocht agus Cultúr na Gaeilge': *Colm de Bhailís agus 5 amhrán leis* (1992), *An dá Pheadar - Peadar Ó Direáin agus Peadar Ó Domhnaill* (1993) agus *Ruairí Mac Easmainn agus an Cheathrú Rua* (1994).

Bhíodh sé mar bhaill gníomhach de Choiste Chomórtas na nAmhrán Nuachumtha ó 1988 i leith. I mbliana d'éirigh le hamhrán Dhónaill sa chomórtas agus rinne an t-amhrán *Aill an Aifreann* ionadaíocht ar son na hÉireann i dTrá Lí, áit ar bhain sé amach an chéad duais sa Chomórtas Pan Cheilteach faoi Cháisc.

Ar an 27ú Eanáir 1995, d'fhuadaigh an bás uainn gan choinne Dónall ag 56 bliain d'aois.

Go dtuga Dia suaimhneas síoraí na bhFlaitheas dá anam.

–Áine Ní Cholchúin

Scannánadóir a bhfuil cónaí air i gConamara ó 1970 ... chaith sé a phost buan le RTÉ in aer i 1969
... tá sé anois ceapaithe ar Údarás RTÉ

SAN AGALLAMH SEO LE BRÍD NI CHARTÚIR NOCHTANN

BOB QUINN

..... A CHUID SMAOINTE AR RTÉ, AR CHONAMARA AGUS AR TNAG.

Ar dtús an bhféadfá cuntas gearr a thabhairt ar an tréimhse a chaith tú in RTÉ?

Chaith mé timpeall is ocht mbliana ag obair in RTÉ sna seascaidí. Thosaigh mé mar thraeneálaí. Bhí mé ag plé le cúrsaí fuaimne ar feadh dhá bhliain. Ansin mar leiritheoir d'fhan mé ann ar feadh cúig nó sé de bhlianta ina dhiaidh sin agus bhain mé an-taitneamh as. Bhí sé iontach. Rud nua a bhí ann agus bhí chuide dhuine óg. B'i an bhunchloch a bhí ag RTÉ an tríocha traeneálaí a bhí ann, dream nach raibh baint dá laghad acu le teilifís ná le raidió roimhe sin. Bhí daoine as chuide aird agus chuide cheird ina measc - grianghrafadóirí, ceoltóirí, péintéirí. Bhí chimney sweep amháin ann agus bhí intinn oscailte againn agus muid réidh le haghaidh chuide rud.

Cén fáth an raibh suim agat an chéad lá riamh i scannánaíocht?

Ní raibh suim agam i ndéanamh scannán. Thaitnigh scannán go mór liom. Bhíodh mé ag dul ag an cinema i gcónaí mar ní raibh aon teilifís ann le m'óige. Ní suim sa scannánaíocht ach suim i gceol, suim san ealaíon, agus suim in aisteoireacht. In RTÉ bhí mé ag plé le obair stiúideo. De réir a chéile d'éirigh mé tuirseach den obair stiúideo agus thóg mé ceamara amach agus rinne mé scannán beag. Ansin scannán eile agus thug mé gurbh é sin an cheird ab fhearr liom a dhéanamh. Sin é an chaoi ar thosaigh sé. Ní raibh clue agam i ndáiríre. Bhí sé suimiúil agus nua agus ní raibh mé sásta dul isteach i job ar bith eile - sórt tincéara a bhí ionam, bhí mé ag athrú jobanna ó bottle washer, go cléireach, go life saver, go múinteoir Béarla sa nGearmáin. Ní raibh clue agam nuair a chuaigh mé isteach sna scannáin. Tá sé mar an gcéanna anois chomh maith.

D'fhág tú RTÉ i 1969, cén fáth ar fhág tú?

D'fhág mé mar is dóigh go raibh mé craiceáilté. Is job iontach a bhí ann ach sa deireadh cheap mé nárbh fhiú tada an obair a bhí mé ag déanamh. Bhí mise ag cur chuide rud isteach sna scannáin sin agus bhí siad ag dul amach ar RTÉ, ag baint duaiseanna amach ar fud an domhain ach ag an am céanna thug mé sa deireadh nach raibh mé ach ag díol Persil. Sa deireadh cheap mé nárbh fhiú dom a bheith ag déanamh scannán le Persil nó Smarties a dhíol. B'shin an fáth ar fhág mé.

D'imigh tú as RTÉ ansin agus tháinig tú anuas go Conamara agus bhunaigh tú an comhlacht Cinégael le Seosamh Ó Cuaig agus Tony Cristofides, beirt a raibh baint mhór acu le Cearta Sibhialta na Gaeltachta. Céard iad na haidhmeanna a bhí agaibh nuair a thosaigh sibh an comhlacht?

Thugamar faoi deara céard a bhí ag dul amach ar an teilifís. Bhí daoine mór le rá, Gay Byrne agus a leithéid, ach ní minic a d'fheicfeá duine as Conamara nó cainteoir dúchais. Chonaic mise mar bhí mé ar Indian Reservation i gCeanada agus thug mé faoi deara na daoine sin ag breathnú ar an cavalry á mhilleadh agus bhí mé ag smaoineamh ar an mbní a bheadh ar fhéin-mhuinín na ngasúr seo ag fás aníos. Thug mé faoi deara gurbh é sin an fáth a raibh siad ag ól an iomarca. An life expectancy a bhí ann ná 33 bliain ag na fir agus 36 do na mná. Níl mé ag rá gur Indians a bhí anseo ach bhí an rud céanna i gceist ann. Mura bhfuil lomhá maith pearsanta ag duine faoi féin cheapadh sé nó sí nach fiú an saol. Mar gheall gur as an teilifís a bhí an brú is mó ag teacht ar shíceolaíocht agus féin — mhuinín an duine cheap muid go mba chóir go mbeadh pictiúir agus fuaimneanna ag teacht as an taobh seo tíre agus iarracht a dhéanamh iad

a chur ar an teilifís i dtreo is go bhfeicfeadh muintir na Gaeltachta go raibh siad chomh tábhachtach agus chomh líofa agus chomh ciallmhar agus chomh hálainn le leithéidí Gay Byrne.

Déarfadh daoine go raibh sé aisteach gur tháinig tú go Conamara le cur fút. Tar éis os cionn fiche bliain, an bhfanfaidh tú anseo? An bhfuil fréamhacha na hionspioráide a fhaigheann tú i gConamara?

Níl a fhios agam ar chur mé sios fréamhacha ariamh, mar is tincéara i gcónaí mé. De thimpist tá mé anseo le os cionn scór bliain anois agus ní fheicim aon áit eile a bhféadfainn cónaí ann tar éis na háite seo. Ní thuigim cén fáth mar i mí Feabhra nuair atá sé gruama chuide bhliain deirim go gcaithfidh mé imeacht ach tagann an tEarrach agus tuigim cén fáth a bhfuil mé anseo. Chomh maith leis sin tá pobal anseo agus ní go minic sa domhan lantarach a bhfuil pobal fanta. Tá sé nó chasta dul isteach sa bhfáth díreach ar leandáil mé i gConamara. Bhí mé i gConamara blianta fada roimhe sin agus ní raibh fhios agam go raibh Gaeltacht ann. Níor thuig mé go raibh aon suim agam i gcúrsaí Gaeltachta nó Gaeilge ach cuireadh in iúl dom rud amháin i RTÉ tré Liam Ó Murchú cé chomh tábhachtach is a bhí an Ghaeilge.

Scríobh mé ag Déasún Fennell a bhí i Maoinis ag an am. Bhí mé ag maireachtáil i gcarbhán i nDún na nGall, le mo bhean chéile agus leanbh agus scríobh mé chuig Fennell agus d'fhiafraigh mé dhó an bhféadfadh fear cosúil liomsa maireachtáil i gConamara. Faoi am seo thug mé chomh tábhachtach is a bhí an Ghaeilge mar sórt fascadh ón commercial consumer society. Ghlaoigh Fennell ar ais agus dúirt sé go cinnte go raibh sé éasca ag duine maireachtáil anseo má bhí sé láidir agus má bhí



Teilifís na Gaeltachta i mbun croalta le linn seiminedr ar chúrsaí teilifíse ag Oireachtas na nGael, Ros Muc 1987. Pádraig de Bhaldráite atá ag labhairt, agus is iad Billy Keady (na Forbacha) agus Tommy Collins (Doire) atá i mbun na gceamarai. Tá Seosamh Ó Cuaig le feiceáil ar dheis den phictiúr. (pic: Bob Quinn)

fuinneamh aige. Mar sin chuir mé chuide rud a bhí agam — agus ní mórán a bhí agam — isteach sa Volkswagen van agus thiomáin mé sios anseo agus tá mé anseo ó shoin. I gCárma a thosaigh mé, ansin bhí mé i Ros Muc, Baile na hAbhann, Na Forbacha agus ar feadh i bhfad san gCeathrú Rua. Is tincéara i gcónaí mé agus anois tá mé ar an Tuairín ach tá mé ag ceapadh go bhfuil mé leandáilte i gceart anseo. Tá spás agam anseo sa Tuairín le crainnte a chur. Is iontach an áit é seo.

Bhí baint mhór agat leis an bheachtas le haghaidh Teilifís na Gaeltachta. An bhfuil tú sásta anois go mbeidh toradh dearfach air bhur gcuid oibre?

I ndáiríre ní dóigh liom go bhfuil mórán baint ag Teilifís na Geilge mar atá pleanáilte agus an teilifís beag pobail a bhí ar intinn againn nuair a chuaigh muid suas ar Chnoc Mórdáin i 1987. Is rud mór é anois. Beidh sé scaipthe. B'fhéidir gur rud maith é sin. Níl mé ag rá nach rud maith é ach i ndáiríre níl mórán suime go pearsanta agam ann mar níl aon suim agamsa ach sa phobal seo, pobal Chonamara. Ní hé an rud a bhí i gceist agamsa nuair a bhí baint agam le Teilifís Pobail. Ní dóigh liom go gceapadh mórán dena daoine a bhí thuas ar Chnoc Mórdáin — agus bhí thart ar thríocha duine a thóg shifíní dul suas ar an gcnoc sin chun aire a thabhairt do na transmitters — níl a fhios agam an mbeadh mórán den dream sin sásta gurbh é seo an toradh a bhí siad ag iarraidh.

Bheadh sé go maith dá mbeadh sé dírithe ar an nGaeltacht. Tá an cheist casta mar beidh an lár ionad lonnaithe i gConamara agus beidh stiúideo i dTír Chonaill agus i gCiarraí agus caithfidh go mbeidh ábhar ó na Gaeltachtaí sin ar an stáisiún. Ach ag an am céanna is faoi scáth RTÉ a bheas chuide rud agus níl a fhios agam an

rud maith é sin. Ní dóigh liom go dtaithníonn sé fiú le RTÉ go bhfuil dualgas orthu é a shocrú suas. Níl mé ag iarraidh a bheith ag caitheamh anuas ar rud nach bhfuil tosnaithe fós ach i ndáiríre sé an taon rud a bheinn sásta a rá nach hé an rud a bhí i gceist againn ar Chnoc Mórdáin i 1987.

Mar a dúirt Joe Steve Ó Neachtain roinnt blianta ó shoin "Dá mbeadh séirbhís maith teilifíse ann anseo agus dá mbeadh deis ag daoine taobh amuigh don Ghaeltacht cúl éisteach nó cúl fhéachaint air, de réir a chéile b'fhéidir go scaipfeadh an teachtaireacht go bhfuil rud tábhachtach fiúntach ins na Gaeltachtaí". Dúirt sé nach raibh an Ghaeltacht ag iarraidh an Ghaeilge a bhrú ar an nGalltacht nó lucht nach labhraíonn Gaeilge agus sílim gurbh é sin an dearcadh ceart. Ach dá mbeadh sé go maith, dhá mbeadh sé taitneamheach agus cláracha fiúntacha air, de réir a chéile b'fhéidir go mbeadh daoine taobh amuigh ag breathnú air.

Tá tú féin ceapaithe ar Údarás RTÉ. An mbeadh tú in ann inseacht dom faoi sin?

Tá mise beagnach 30 bliain imithe ó RTÉ agus tá sé aisteach dul ar ais ann. Tá sé ar nós tosnú arís ar scoil agus foghlaim céard atá i gceist mar tá rudaí athraithe i gcúrsaí teilifíse ó thaobh teicneolaíochta agus tá béim níos mó anois ar ghnó na teilifíse. Tá mé cineál faiteach faoin mbéim sin mar nuair atá an gnó taobh thiar de chóras atá bainteach leis an ealaíon, tagann an ealaíon i gconat sa dara áit agus sin é an dearcadh ginearálta atá agam faoi RTÉ. Tá mé ag foghlaim agus tá sé aisteach 30 bliain tar éis dhom siúl amach as RTÉ go bhfuil mise mar

cheann de na bossanaí atá ar RTÉ. Mar a dúirt cara liom i gcárta a sheol sí chugam ina ndúirt sí "comhgháirdeas, the lunatics have taken over the asylum!"

An fáth a roghnaíodh mise ar Údarás RTÉ — agus níl anseo ach tuairim — mar nach duine polaitiúil mé: cinnte tá aithne agus bhí aithne agam ar Michael D Higgins agus bhí meas mór agam ar Michael D. agus an méid atá déanta aige ar son scannánaíochta agus ealaíona agus freisin sa nGaeltacht agus tá mé ag ceapadh gur roghnaigh sé mise mar cheapfainn go raibh sé ag iarraidh rud éigin a rá le RTÉ - "Caithfidh sibh athrú."

Dúradh go ngabhadh Michael D. as a mheabhair tar éis píosa ina aire rialtais ach más é seo an sórt aireachais atá i gceist, molaim é. Thóg sé seans mé a cheapadh. Tá súil agam gur thuig sé céard a bhí i gceist agus tá súil agam go dtuigim féin céard a bhí i gceist aige. Caithfidh mé cinneadh a dhéanamh go pearsanta an aontaíonn mé leis na rudaí atá á dhéanamh ag RTÉ agus mura naontaím déarfadh mé é sin agus má aontaím déarfadh mé é sin freisin agus gan fábharr mar tá mé neamhspleách. Níl tada le cáilliúnt agam. Níl job le cailliúnt. Níl meas an phobail le cailliúnt agam. Is cuma liom, déarfadh mé an rud atá ar m'intinn.

Ag filleadh ar ais ag TnaG — an gceapann tú go ndéanfaidh sé athnuachan ar an teanga. Tá an teanga ag dul i léig i gConamara i measc daoine óga. An gceapann tú go mbeidh tionchar dearfach aige go fadtéarmach?

Nuair a iarradh ar an bpobal a gcuid tuairimí a nochtadh do Chomhairle Theilifís na Gaeilge scríobh mé píosa beag agus dúirt mé mura bhfuil beagnach chuide chlár dírithe ar ghasúir óga na Gaeltachta tá deireadh leis an nGaeilge sa nGaeltacht agus deirim sin fós. Is cuma faoi chursai reatha, is cuma faoi nuacht agus tá a fhios agam gur mionlach mé leis an tuairim seo. Cinnte mura bhfuil Teilifís na Gaeilge dírithe ar ghasúir na tíre seo agus an Ghaeltacht is féidir libh slán a rá le Gaeilge.

An Mhaighdean Mhara

le Ruaidhrí Ó Tuairisg

TA DIFRÍOCHT MHOR AMHAIN IDIR AN Mhaighdean Mhara agus aon cheann eile de bháid mhóra Chonamara. Sí an taon bád mór í atá déanta ag an gclann a bhfuil sí acu fós — clann Mhic Dhonnchadha nó clann Johnny Jimmy Phealtsín as an gCuilleán, An Cheathrú Rua. Tá rud eile freisin ag baint léi, sí an bád mór deireadh í a tharraing móin go hÁrainn as Conamara ag tús na seachtóidí, timpeall 1972. As Caladh Thaidhg a bhíodh sí ag tarraingt.

Aois An Bháid

Bíonn an-sárú i gcónaí faoi aois na mbád seo — cé acu is sine, cén uair a leagadh cille agus mar sin. Is dóigh anois nach réiteofar go leor de na ceisteanna seo go beacht go deo agus caithimid imeacht de réir mar a deir seanchaithe linn agus daoine a nglacann muid leo go bhfuil fios a labhartha acu.

Chuaigh mé chun cainte ar ndóigh le Pádraig Johnny Jimmy. Thug sé roinnt mhaith eolais dom faoin mbád agus dúirt sé liom dul chun cainte le Pádraig a' Mháille as Doire Fhéarta Beag. Tá an-chur síos ag Pádraig ar sheanchas na mbád agus rudaí nach iad. D'iarr mé dhó cén fhaid An Mhaighdean Mhara déanta. Cosúil le seanchaí maith ar bith dúirt sé "Bhuel, ní féidir liom dáta a thabhairt dhuit ach inseoidh mé scéal dhuit. Tá Nóra John, máthair Jimmy an Oileáin curtha le trí scór agus chúig bhliana. Bhí sí ceithre scór agus chúig bhliana an uair sin. Bhí sí ina gasúr scoile — seacht nó ocht de bhlianta — agus í in éineacht le Seán Mháire Ó Flaithearta lá (athair mór Pheadar Ó Flaithearta, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge). Bhí seisean ina ghasúr beag scoile ag an am

freisin. Bhí an bheirt acu ag spraoi ar urlár an bháid seo (An Mhaighdean Mhara) agus í dá déanamh ag an Stáidín i gCuilleán. Thit Seán agus baineadh fiacail as. Anois oibrigh amach tú féin cén bhliain ar tharla na heachtraí seo". Má tá an bhliain mí-cheart is ormsa an locht ach déanaim amach gur thart ar 1852/53 a déanadh An Mhaighdean Mhara.

An Saor A Thóg Í

Sé Pádraigín Mhíchil Rua Mac Donnchadha an saor. Bhí seisean ina chónaí i Leacracha Móra i

dTír an Fhia. Thagadh sé aniar i ngleoiteog. Chomh maith leis An Mhaighdean Mhara rinne sé go leor bád eile — An Fancy atá sa Músaem i gCúl Trá, Co. an Dúin, An Lady Mhór atá ag Ben Mac Donnchadha i mBleá Cliath, Naomh Mártán, An Venus, An Beárbar (bád Bheachla an Fhatharta), An Package, An Bhruinnillín, (bád Staunton).


Ba uncail é Pádraigín Mhíchil Rua le Peaitsín John Mhíchil Rua, Máirtín John, agus Mike John. Bhí siad seo ar fad ag obair inntí. Is i Meiriceá a phós Peaitsín John agus is i mBaltimore a



Pádraig Johnny Jimmy agus a dheartháir Michael ag tógáil le céibh ag Caladh Thaidhg

(© Can de Burtéar 1991)

(ar chlé) An Mhaighdean Mhara ag treabhadh na farraige amach ó Árainn



Pádraig Jimmy, úinéir an Mhaighdean Mhara, agus a dhroim le halmadóir
(© Cian de Burtéar 1991)

rugadh Jimmy agus Johnny Pheatsín John. Dála an scéil, tá beirt mhac le Pádraig Mhicil Rua — Micí agus John, saortha bád — curtha i mBoston.

Bhí Pádraig ag obair ar bhád, An Chéirseach i nDoire Fhearta do Terry Mhicil Óig nuair a bhásaigh sé. Bhí gleoiteog aige féin fágtha ar Aill Theach an tSalainn (aníos ó Chaladh Thaidhg) a thugadh aniar as Tír an Fhia é mar a dúirt sé. Fuair sé bás ar Chnocán na hÓinsí, áit a bhfuil an tÓstán anois. Déanadh tórramh air i gCuilleán, i dteach Mháirtín John. Sí An Mhaighdean Mhara a thug siar go Garumna é, lá' Mhic Dara, áit a bhfuil sé curtha.

Chuaigh an bád go dtí Jimmy Pheatsín John. Fuair Jimmy Pheatsín saol fada. Bhí sé 95 nuair a bhásaigh sé.. Bhí Johnny Jimmy ag obair

innti lena athair nuair a bhí sé trí bliana déag. Thóg sé ceannas uirthi ar fad nuair a bhí sé scór bliain d'aois, sa mbliain 1944.

Bhíodh a dheartháir Máirtín Jimmy ag obair leis agus bhíodh Micil Sheáin Terry agus Tomásín Phóil as Doire Fhearta innti.

Ar an 21 Iúil 1988 a bhásaigh Johnny Jimmy agus thóg a mhac Pádraig í agus é féin scór bliain, díreach cosúil lena athair. Sé Pádraig an cúigiú glún de chlann Mhic Dhonnchadha atá sa Maighdean Mhara.

Ainm An Bháid

Bhí deck fada ar An Mhaighdean Mhara ar dtús, piosa maith siar ón gcrann ach giorraíodh é le níos mó lasta a thógáil. Cuirtear an cheist go minic, cén chaoi a bhfuair sí an tainm sin. Séard

a dúirt Pádraig a' Mháille liom go raibh an saor ag obair uirthi lá. Tá carraig bheag sa bhfarraige amach ón áit a raibh sé ag obair. Bhí an charraig díreach léi agus chonaic sé lámh ag teacht aníos ón bhfarraige ar an gcarraig. "Tá sí baistithe" a deir sé. "Tabharfaidh muid An Mhaighdean Mhara uirthi".

Ré Oibre An Bháid

Rinne sí an obair a rinne chuile bhád mór eile — móin go hÁrainn, agus Cinn Mhara, lasta anoir as Gaillimh ag siopadóirí Chonamara. Scilling an tonna a fuair siad ar an ualach agus chuiridís ballasta amach i nGaillimh le ualach níos mó a thabhairt siar. Ba throm an obair í ag cur ballasta isteach agus amach sna báid gan aon deis.

Tharraing An Mhaighdean Mhara ag siopa Chonroy i Ros Muc, ag O'Donnell agus Kane ar an gCeathrú Rua agus ag Monica Réamoinn i dTír an Fhia agus ag Larry Farmer i dTrá Bháin. Chaithfí í a fholmhú le curachaí anseo. Tharraing sí stuf ag Beachlaín Bermingham i gCinn Mhara, go dtí An Chéibh Nua agus feamainn chuig Delia Lydon i nGaillimh.


Anuraidh a rinneadh comóradh ar thógáil shéipéal na Ceathrún Rua, 100 bliain ó shin. Sí an Mhaighdean Mhara a thug an tábhar uilig amach as Gaillimh le haghaidh an tséipéil chomh maith le ábhar don scoil agus do theach an tséiplínigh. Sé Peatsín John a bhí ag plé léi an uair sin.

Le teacht na leoraithe go Conamara agus leictreachas agus gás in Árainn tháinig deireadh le obair na mbád. Ní raibh fágtha ag tarraingt mhóna ag tús na seachtóidí ach An Tónal agus An Mhaighdean Mhara. I rith na mblianta is iomaí duine a dúirt liom faoin bpléisiúr a bhain siad as an turas go hÁrainn ar cheann de na báid seo luchtaithe le móin. Bhí Pádraig Johnny Jimmy in éineacht lena athair agus Máirtín Jimmy ar an turas deireadh le móin as Caladh Thaidhg. Go hlnis Meáin a chuaigh siad. Bhí sé seacht nó ocht de bhlianta ag an am.

Bhí an bád ina cónaí ar feadh cúpla bliain go dtí gur thosaigh an athbheochan i lár na seachtóidí. Bhuaigh sí an chéad gheall aríst i gCill Chiaráin in aghaidh an Morning Star, agus bhuaigh sí an chéad gheall síos go Cinn Mhara le móin, agus an geall thíos chomh maith.

Faoin am seo bhí roinnt mhaith oibre le déanamh uirthi agus chaith sí dhá bhliain ina cónaí. Sé Johnny Jimmy a rinne go leor den obair uirthi agus sé Colm Mhichael Labhráis a chuir craiceann uirthi. Ní raibh sí ach réitithe nuair a bhásaigh Johnny, beannacht Dé lena anam.

Chomh maith leis an mbád a dhéanamh siad clann Mhic Dhonnchadha féin a rinne na seolta di go dtí gur cuireadh terylene uirthi timpeall 1990. Nuair a chuirtear ceist cé acu is deise de bháid Chonamara tá An Mhaighdean Mhara



Johnny Jimmy Pheatsín sa Mhaighdean Mhara ag geall i gCill Chiaráin

luaite i gcónaí ar cheann acu. Deirtear gur tháinig Máirtín Ó Cathasaigh ag breathnú uirthi agus é ag iarraidh múnla di a thógáil. Dar leis ba mhór an spóirt í.

Bád Ádhúil

Ba bhád an-ádhúil í i gcónaí. Níor briseadh ariamh í agus níor tharla aon droch thimpiste do éinne a bhí ag plé léi. Cosúil le go leor bád eile, bhíodh corr-bhraon poitín innti ag dul soir. Tógadh Jimmy Pheatsín i gCinn Mhara inti le 16 galún poitín. Tugadh tow go Gaillimh di agus bhí sí coinnte sa dug. Bhí an bád le díol, le n-ioc as an fine ach d'íoc duine eicint é agus scaoileadh léi.

Dúirt Pádraig a' Mháille liom go raibh na Johnannaí agus na Báillí an-mhór le chéile i gcónaí agus nach ndéanfadh tada Jimmy Pheatsín nuair a fuair sé an sean-phinsean ach a dhul síos go Gaillimh leis an gcéad deoch a thabhairt do Johnny Phetair.

Dúirt Pádraig liom freisin gur tháinig Sasanach go dtí é féin blianta beaga tar éis an chogaidh ag cur tuairisce An Mhaighdean Mhara. Tar éis a bheith ag caint le Johnny Jimmy thaing sé £700 uirthi. Ba mhór an méid airgid é ag an am. Chuaigh Johnny go dtí a athair "A h-ainm féin ní dhíolfainn ar an méid sin, ná ar sheacht míle dhéag. Níor fhág sí ariamh mé gan builín ná muigin tae", adeir sé.

Bhí báid eile ag na Johnannaí freisin. Bhí An Bileachal acu a rinne Johnny Keane i gCinn Mara. Bhí sí ag Seán Ó Riada níos deireannaí agus briseadh í thiar faoi Gharumna. Bhí an Beautín acu. Muintir Chonghaile as Leitir Meallain a rinne í. Cailleadh í i gCuilleán. Bhí an Geárdnar acu a rinne an Ráinneach. Is de seo a báthadh Johnny Pheatsín John.

Tá An Mhaighdean Mhara ag seoladh níos fearr ná ariamh na laethanta seo le sean-seolta calico nó le seolta nua terylene. Anuraidh, bhuaigh sí Corn Chlíodhna Cussen, le haghaidh na sraithe seoltóireachta do bháid mhóra. Go mba fada buan Pádraig Johnny Jimmy agus a chriú agus An Mhaighdean Mhara.

Tá mé fíor-bhuíoch do Phádraig Johnny Jimmy agus do Shannon, do Phádraig a' Mháille agus Nóra a chuir fíor-fháilte romham agus a thug chuile chabhair dom leis an alt seo a chur i dtoll a chéile.

T. Ó Máille Teo.

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,
Soláthraí Tógálaithe,
Éadathóireacht

Tigh Chlarke

Ros Muc 091-574152/574126

Beár & Ceol
Siopa
Funeral Home – Adhlacadóir

Ar an Satharn 16 Meán Fómhair, fágfaidh rothaithe An Spidéal ag 9.00 ar maidin le taisteal go Ráth Cairn. Tá an turas seo á dhéanamh ag muintir Ráth Cairn agus a gcairde mar chomórach 60 bliain ar bhunú Ghaeltacht Ráth Cairn.

AN TURAS ANIAR

Bunaíodh **Gaeltacht Ráth Cairn** i 1935 nuair a tháinig 11 clann as Conamara. Is de bharr cuid mhaith stocaireachta agus brú polaitiúil atá Gaeltacht Ráth Cairn ann. Mar chuid den fheachtas bhí mórthuras rothaíochta ón Spidéal go Baile Átha Cliath i 1934. D'fhág 40 de mhuintir Chonamara ar rothair chun toscaireacht a chur os comhair na bpolaiteoirí i nDáil Éireann.

Is mar seo a dhéanann **Éamon Ó Cíosáin** cur síos ar an turas úd ina leabhar **An t-Éireannach**:

"Ar Aoine Chéasta 1934, bhailigh **Séan Ó Coistealbha** a chuid fear go deireanach sa lá, agus thugadar a n-aghaidh soir. Rinneadh an méid sin ar bhéagán fógra ionas nach mbeadh eolas roimh ré ag na Gardaí le stop a chur leis an ngluaiseacht i nGaillimh... Rothaíodar leo san oíche fhuar agus na réaltaí ag soilsiú go geal os a gcionn. Shroicheadar **Baile Átha Cliath** an mhaidin dár gcionn, agus fáiltíodh rompu i **gCearnóg Pharnell**. Bhí béilí ann, agus pluideanna a bhí fáighe ar iasacht ag **[Séan] Beaumont** ó bheairic de chuid airm an tSaorstáit! Chuaigh toscaireacht ó na fir isteach go **Teach Laighean** chuig **De Valera**."

De réir insint **Éamon** rinne na Gardaí iarracht stop a chur leis an turas ar an mbealach siar. Níl muid ag súil le haon deacracht den chineál sin ar thuras an chomórach.

Turas agóide a bhí i dturas rothar 1934. Bhí go leor agóide agus troda ag teastáil le go bhfaigheadh muintir **Ráth Cairn** aitheantas agus cothrom na Féinne. Cuireann **Turas Aniar 1995** in iúl go bhfuil **Ráth Cairn** fós ag troid ar son a cearta.

Mar chuid den chomórach nochtfar cuimhneachán i gcuimhne na bhfear a rinne an turas stairiúil 1934

Má tá rothar agat agus fonn ort páirt a ghlacadh sa chomórach agus sa spraoi,

beidh fáilte romhat teacht linn cuid den bhealach ón **Spidéal** go **Gaillimh**, ag fágáil an **Spidéal** ag 9.00 ar maidin Dé Sathairn 16 Meán Fómhair.

Beidh fáilte speisialta dhá chur roimh mhuintir **Ráth Cairn**, a bheas tagaithe anoir don turas, in **Óstán an Dóilín**, **An Cheathrú Rua** an oíche roimhré, ar an Aoine 15 Meán Fómhair. Beidh **An Scadán Rua** agus **Bréag** ag cur neart ceoil bríomhar ar fáil.



Fir Mhuintir na Gaeltachta ag dul isteach in Áras Chonradh na Gaeilge tar éis dóibh rothaíocht go Baile Átha Cliath ón Spidéal i 1934.

Óstán an Imperial

• GAILLIMH •

Beár, Bia agus Lóistín

Go n-éirí le Féile an Phléaraca!

Go n-éirí go geal le Féile an Phléaraca

SEÁN Ó DUBHDA
Tógálaí Tí

MÁIRÍN BN UÍ DHUBHDA
Múinteoir Ceoil
Pianó agus Úirlisí eile
Amhránaíocht

Cárna. Fón/Fax: 095-32247



Johnny Mháirtín Learaí agus Ned Ó Fatharta ag comhrá cois counter i Ffostrasol na Breataine Bige.

Cuairt ar fhéile cheoil Cnapan i bhFfostrasol na Breataine Bige

le Johnny Mháirtín Learaí

Fearacht Raiftearaí nár lig an tairsint ar cairde nuair a fuair sé an cuireadh go Baile Uí Laoi, nuair a d'iarr Pléaraca ormsa an mbeadh suim agam a theacht leo go Ffostrasol na Breataine Bige, thoiligh mé ar a dhul. Bhí an-cháil cloiste agam ón dream a bhí thall anuraidh ar an bhféile Cnapan agus chomh maith le sin ba bhreá liom an tír a fheiceáil don chéad uair.

Caithfidh mé a rá go raibh beagán drogaill orm roimh an turas farraige a thógfadh trí huair go leith ach ba é deireadh an scéil é nár airigh muid an t-am ag imeacht go raibh muid in amharc Holyhead. Arnó ní raibh an bád an doimhin i bhfarraige ar chor ar bith nuair a chuaigh muid i mbun ceoil thuas ar 'deic' agus nuair a ruaig an

bháisteach as sin muid thug muid ár naghaidh ar an mbéar, áit ar leanadh leis an amhránaíocht. Ba é an turas ar an mbus ó Holyhead go Ffostrasol a thóg sé huair, an chuid ba thuirsíúla den aistir agus bhí sé thart ar a naoi a chlog nuair a tháinig muid ar an mbaile beag sin. Chuir muintir na háite fáilte romhainn agus arnó bhí aithne acu ó anuraidh ar chuid den ngrúpa.

Baile fíor-bheag é Ffostrasol gan ann ach aon tábhairne amháin agus siopa ní dhó ach is éachtach go deo an t-eagrúchán a dhéanann an coiste leis na sluaite ollmhóra a mhealladh chuig an bhféile agus na himeachtaí uilig a riaradh chomh héifeachtach agus a rinne siad. Bhí oíche mhór cheoil san ollphobal an

chéad oíche sin. Grúpaí ceoil den chuid is mó a bhí ar stáitse ach thóg muid go réidh muid féin ag cur aithne ar dhaoine agus ag ól corrdheoch.

Bhí sé i gceist go dtabharfadh muid cuairt ar scoileanna an lá dár gcionn ach bhí sé de mhí-ádh orainn gur chlis an bus (fan belt!) ar an mbealach agus níor casadh na gasúir scoile orainn chor ar bith. Chuir seo diomá orm féin mar gur chaith mé trí lá ag teagasc an tsean-nóis do dhaoine óga i gcathair Ghlasú cúpla bliain ó shin le linn dúinn a bheith ag freastal ar an Tryste Festival agus bhain mé fíor-thaitneamh go deo as mo sheal sa seomra ranga.

Bhí an t-ollphobail lán go doras arís oíche Dé hAoine. Is dóigh go raibh suas le chúig mhíle duine i láthair ag éisteacht le lear mór grúpaí Breatnach agus Éireannach. Orthu siúd a chas ceol bhí 'Dervish' agus 'Four Men and a Dog'. Chuir mé féin an-spéis i mbuon as Soweto a thug taispeantas dá gcultúr féin agus go deimhin fuair muid deis ina dhiaidh sin dreas comhrá a bheith againn leo.

San iarnóin ar an Satharn a chuaigh an grúpa s'againne ar stáitse. Daoine óga is mó a bhí páirteach agus ba mé féin an t-aon amhránaí sean-nóis a bhí orthu. Ós ag caint ar shean-nós mé ní miste ceann dena scéilíní greannmhara a tharla a inseacht anseo.



Patrick Simmonds (An Spidéal), Micheál Deairbe Ó Fatharta (Na hAille) agus Fionnuala Ní Eidhin (An Spidéal) ag casadh ceoil ag an fhéile Cnapan sa Bhreatain Bheag.

D'iarr fear as an mbaile, duine den lucht eagraithe theacht ag a theach le haghaidh tae maidin Dé Domhnaigh agus nuair a hinsíodh dó gur ar an sean nós dúchasach a chasaim, ní raibh aon mhaith aige ann go gcasfainn stéibh. Thosaigh mé ar Chuaichín Ghleann Neifin agus ní raibh mé gaibhte i bhfad air chor ar bith nuair a d'éirigh gadhar mór dubh a bhí istigh faoin gcathaoir amach gur shuigh sé ar a leath deireadh os mo chomhair ag breathnú suas san éadan orm. Thosaigh air ansin ag ologón agus ag tafann nach raibh le déanamh agamsa ach éirí as th'eis an chéad véarsa agus pléascadh amach ag gáire i dteannta a raibh eile i láthair.

Níor ghoill an turas fada ar ais go Holyhead orainn chor ar bith mar gur fhág muid breá luath maidin Dé Domhnaigh agus thóg muid neart scítheanna ar an mbealach. Bhain mé féin an-sult go deo as na radharcanna breátha 'níos feadh an chósta.

Tá mé thar a bheith buíoch do Pléaraca a d'eagraigh an turas as ucht cuireadh a thabhairt dom. Bhí muid ag caint eadrainn féin go bhféadfaí a leithéid de fhéile a eagrú i gConamara. Tá fhios agam go mbainfí sult as ach creid uaimse é go mbeadh allas le cailleadh lena leithéid a eagrú agus go dteastódh coiste láidir misniúil.

Labhair Bríd Ní Chartúr le Cathal Goan, Ceannasaí TnaG le gairid. Phléigh siad na ceisteanna a bhíonn dhá gcur ag an bpobal maidir leis an tseirbhís nua teilifíse tré Ghaeilge, a bheas a cheanncheathrú i mBaile na hAbhann.

Tá an Teilifís ag Teach

I LÁTHAIR NA HUAIRE SI RTÉ ATÁ I gceannas ar bhunú an stáisiúin nua ach deir Cathal Goan gurbh é an aidhm atá ag gach duine go mbeidh TnaG neamhspleách go hiomlán ó RTÉ ach nach féidir sin a bhaint amach "go dtí go dtugtar isteach reachtaíocht".

Maidir le déanamh na gláracha don stáisiún nua deir Cathal Goan go bhfuil tús curtha leis an gcéad bhabhta coimisiúnaithe. "Tá muid ag súil go mbeidh léiritheoirí ag tosú ar na cláracha sin lá ar bith feasta." Tá suas le tríocha nó dhá scór uair a' chloig de chláracha le déanamh. Tá os cionn fiche uair a' chloig déanta cheana féin ag Telegael sa Spidéal, cláracha atá ceannaithe isteach agus athghuthú déanta orthu. "Is cláracha do pháistí iad — cláracha, tá súil agam, nach bhfaca páistí roimhe seo agus measaim go ngabhfaidh siad go maith i gclonn an an bpobal amach anseo."



Cathal Goan

An mBeidh Blas Gaeltachta Air?

Bhíodh an Feachtas Náisiúnta Teilifíse agus an Meitheal Oibre a bhunaigh Teilifís na Gaeltachta i Ros Muc ag cur go leor béime ar chomh tábhachtach is a bhí sé go mbeadh blas Gaeltachta ar an seirbhís nua ach an mbeidh, fiú má tá an ceanncheathrú le bheith sa Ghaeltacht?

Deir Ceannasaí TnaG nár mhaith leis go gceapadh aon duine gur seirbhís Gaeltachta a bheas ann. "Níleamar bunaithe ar na prionsabail céanna lenar bunaidh Raidió na Gaeltachta. Níl mé ag rá rud ar bith i gcoinne na bprionsabal ach tá mé ag rá gur prionsabail eile atá i gceist anseo. Tá na préamhacha sa nGaeltacht ach caithfidh muid na háiteacha eile a thabhairt linn chomh maith agus mar a tá a fhios againn uilig tá go leor Gaeilge ins na bailte móra anois, tá go leor den phobal Gaeilge ann. B'fhéidir nach bhfaigheann siad an deis an teanga a úsáid go laethúil mar a úsáidtear i sa nGaeltacht. Ag an am céanna d'fhéadfá a rá, tá tús á chur le pobal Gaeilge ins na bailte móra agus ins na cathracha agus ba mhaith linn a bheith ag freastal orthu sin chomh maith."

Ach an mbeidh siad in ann an dá thrá a fhreastal nó an gcaithfidh muintir na Gaeltachta suim ann mura mbeidh sé dírithe orthu féin ar dtús? Céard faoin dearcadh go gcaithfear na Gaeltachtaí a thabhairt leat ar dtús agus ansin leanacht ar aghaidh leis an dream eile?

Deir Cathal nach dtig le TnaG dearmad a dhéanamh gur sa Ghaeltacht atá "tobar na Gaeilge" agus gur as an nGaeltacht a thiocfaidh cuid mhaith den inspioráid.

Na Jabannaí Sa Teilifís

Cé ag an mbeidh na jabannaí ag dul? An mbeidh tús áite tugtha don Ghaeilgeoir ó dhúchas? Is léir nach mbeidh mar go mbeidh sé "ag braith ar chumas na ndaoine chun an job a dhéanamh agus sin é an slat tomhais is tábhachtaí atá ann" dar le Cathal Goan.

Cé go ndeirtear gur ar an dTulach a bheas an cheanncheathrú, tá cúigear as ochtar den fhoireann atá fostaithe go dtí seo, ag obair as oifig i mBaile Átha Cliath. Deir Cathal Goan go mbeidh "bunús na fóirne" lonnaithe ar an dTulach i gceann bliana. nuair a bheas an ceanncheathrú tógtha.

"Tá súil agam mí Lúnasa seo chugainn go mbeidh daoine istigh ansin (sa cheanncheathrú) ag obair ar nós an diabhail. Ba cheart go mbeadh muid uilig, bhuel ní bheidh muid uilig anseo, beidh daoine in áiteacha eile ach beidh croí na fóirne anseo. Beidh mise agus an bhainistíocht ag obair anseo, faoin am seo an bhliain seo chugainn."

Ainm Na Teilifíse

Is léir ó Chathal Goan nach bhfuil sé an-tógtha

leis an ainm "Teilifís na Gaeilge". Deir sé go bhfuil go leor daoine ag ceapadh gur droch ainm atá ann. "Cibé ar bith, tá sé ró fhada, mar ainm. Is cinnte go dtiocfaidh giorrú air".

Aithníonn sé nach mar a chéile an seirbhís teilifíse atá le bunú agus an cineál seirbhíse a theastaigh ón Meitheal Oibre a chuir Teilifís na Gaeltachta ar bun i Ros Muc, 1987. "Measaim go raibh béim níos mó ag an am sin ar sheirbhís áitiúil nuair a bhí an agóid sin ann. Ní hé sin an rud atá i gceist againn — seirbhís náisiúnta, sa mhéid is go bhfuil muid ag iarraidh pobal iomlán na Gaeilge a thabhairt linn, seachas an pobal áitiúil."

Céard Faoi Na Páistí Scoile?

Chreid an Feachtas Náisiúnta Teilifíse go mba chóir don stáisiún nua Gaeilge díriú ar pháistí, leis an teanga a shábháil. Ní maith le Cathal Goan an chaint seo faoi shábháil na teangan. "Caithfidh muid a bheith iontach soiléir faoi seo — ní shábháilfidh TnaG an Ghaeilge agus níl muid anseo leis an teanga a shábháil. Táimid anseo le seirbhís teilifíse mhaith a chur ar siúl, sin an dearcadh atá againne. Ní hé an príomhdhualgas atá orainn a bheith inár slánaitheoirí ar an teanga. Sé an rud atá muid ag iarraidh a chur i gcrích ná sceideal tarraingteach clár a chur ar fáil a mbeidh daoine sásta breathnú air. Tá béim á chur ar chláracha do pháistí, mar má bheireann muid linn anois iad fanfaidh siad linn agus beidh ar a laghad trian den sceideal dírithe ar pháistí, idir páistí réamhscoile suas go dtí na déagóirí."

Agus an dtiocfaidh le TnaG dul i gcoimhlint le leitheidí Coronation St.? Deir Cathal Goan go bhfuil Coronation St. chomh seanbhunaithe i samhlaíocht gach duine faoin am seo go nardaíonn sé an cheist ar cheart dúinn a bheith in iomaíocht leis nó ar cheart é a fhágáil ar leath taobh agus bealach eile a aimsiú. "Tá na ceisteanna sin le dloradh againn. B'fhéidir nach bhfaighfimid réiteach ar gach ceist craoltóireachta ach déanfaimid ár ndícheall sceideal leathan a chur ar fáil a bheidh tarraingteach don chuid is mó den phobal Gaeilge idir óg agus aosta."

Go néirí leo.



Teilifís na Gaeltachta ag craoladh ó Chnoc Mordáin i 1987

'Nach mór an chliú is an chreidiúint atá ag dhul don dream A chuaigh go mullach Mhordáin 's chuir an fearas ina chrann. Nuair a shroich an scéala na seomraí thuas sa Dáil Ní dhearna Máire ach díriú agus casadh a bhaint as an bpeann.'

Seo véarsa a scríobh Mícheál Ó Cuaig as Aill na Brún, Cill Chiaráin do Amhrán na Teilifíse. Roghnaíodh é mar cheann de na véarsaí a bhí le dul in Amhrán na Teilifíse ach fágadh ar lár é nuair a deineadh taifead ar an amhrán i Raidió na Gaeltachta. B'fhéidir gur trí thimpist a tharla sé, más ea is éasca an scéal a chur ina cheart.



Taisteal Chonamara Teo.


Noel Mac Donnacha

An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-595111/593022

Coláiste Chamuis

Indreabhán
Co. na Gaillimhe
Teil: 593162



Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca

Céard é 'Cunús'?

Ní fios cén chéad duine a raibh an oiread sin drochmheasa ar a chomharsa aige gur *cunús* a thug sé air. Focal coitianta anois é *cunús* (conús an litriú caighdeánach) i gcaint Chonamara, cé go mba rí-annamh sa litriocht é go dtí gur thosaigh an Cadhnach ag scríobh. Tá suas le scór sampla de in *Cré na Cille*. Níor aimsigh mé ach an t-aon sampla de sa tseanlitríocht.

Sa rann seo thíos as *Caoi Oisín i ndiaidh na Féinne*, laoi Fiannaíochta de chuid na hochtú haoise déag atá sé.

Seo é an rann (ach leasú beag ar an litriú):

Ábhar mo chaoi mar táim gan treoir
gan amhrac, fós gan lúth gan réim
crínsheirgthe lomchreatach deireoil
im chuail chanóis gan rith gan léim.

'A *wretched creature*' an Béarla a chuir Staindis Mac an Aodhaigh Ó Gráda ar 'cuail chanóis' san eagrán den laoi a d'fhoilsigh sé sa bhliain 1887. Is é an sampla céanna sin (ach 'cuail canóis' mar litriú air) atá san fhoclóir ag an Duinníneach agus 'a heap of rubbish; an old and bereft person' mar aistriú air.

Ní mór dul siar chomh fada le lár na seachtú haoise déag le buncíall an fhocail sa Nua-Ghaeilge a aimsiú. Ag an bhfoclóirí Risteard Phuincéad a chríochnaigh foclóir mór Laidin-Gaeilge sa bhliain 1662 (ach nár foilsíodh fós) atá an sampla is sine den fhocal, ar feadh m'eolais, mar seo 'cadaver' i.e. *canas*. 'Corp', 'conabhlach' is ciall do 'cadaver' na Laidine. Bhain Tadhg Ó Neachtain as foclóir an Phuincéadaigh é agus chuir isteach ina fhoclóir Gaeilge-Béarla é timpeall na bliana 1739 agus 'carcass' mar Bhéarla air.

Ní deacair a thuiscint gur aon fhocal amháin iad 'canas' agus 'cunús' ach a mheabhrú gurbh í Gaeilge Oirdheiscirt Uladh a bhí ag an bPhuincéadach agus go ngiorraíu an guta deiridh i bhfocail mar 'canós' (e.g. *neascóid* > *neascoid*) sa chanúint sin agus ar an taobh eile maidir le Gaeilge Chonamara gurb é an chéad siolla a lagaítear sa chineál sin focal (e.g. *neascóid* > *nioscóid*) agus freisin go ndéantar *ú* de ó taobh le *n* nó *m* (e.g. *nás* > *nús*).

Deirtear *cunús* anois le rud atá ó mhaith, ira phíosai miona nó ina chonamar lofa ach deirtear freisin leis an duine é mar mhasla. Más ait leat sin féach go dtugann an Ciarraíoch 'conabhlach' nó 'abhlach', focail a chiallaíonn go bunúsach 'creatlach nó bréineoil ainmhithe' ar dhuine le teann drochmheasa.

— An Dr Tomás de Bhaldraithe



RAPIRE TEORANTA

INDREABHÁN
CO. NA GAILLIMHE

Teil: 091-593211
Facs: 593078

*Go n-éirí go Geal
leis an bPléaraca*

Tigh Learaí Ramhar

An Cheathrú Rua Teil: 595399

Beir Leat (Take Away)

OSCAILTE SEACHT LÁ NA SEACHTAINE
DEIREANNACH SAN OÍCHE

Go n-éirí leis an bPléaraca

Le gach dea ghruí ó

TIGH CHADHAIN
— Cill Chiaráin —
Siopa Grósaer & Beár

Cárna

Fón/Fax: 095-33409


Go n-éirí go geal le Féile an Phléaraca

TIGH FHLATHARTA

• CASLA •

BEÁR & SIOPA GROSAERA

095-572233



SEÁN MONAGHAN

AGUS AN

MÁIMÍN CAJUN BAND

'DAMHSA AN DREOILÍN'

Ag casadh in Áras Pobail Chois Cuain, Ros an Mhíl • Dé Domhnaigh 17 Meán Fómhair

Ceiliúradh Ceoil

8.00 i.n.
Dé hAoine 15 Meán Fómhair
Óstán an Dóilín
An Cheathrú Rua

Antóin Mac Gabhann
Chris Droney,
Marcas Ó Murchú,
Dara Bán,
Johnny Mháirtín Learaí,
Johnny Connolly,
Parson's Hat,
Ann Mulqueen,
Maidhc Mháire Ghabha,
Caitríona agus Josie
Ó Ceannabháin,
Máirtín Tom Sheáinín,
John Carty,
Éinniú
Eibhlín Ní Bheaglaioich
Bearta Ó Domhnaill
Tola Custy
agus go leor eile.

Fear an Tí:
Máirtín Jaimsí Ó Flaithearta
Urraithe ag Heineken

“Tá siad ag Teacht”

— Maratón na gCurachaí

Urraithe ag GUINNESS

12.00 Dé Sathairn 16 Meán Fómhair

Ní hé an chéad uair ariamh é curachaí ag iomradh ó Chonamara go hÁrainn. Cúpla bliain ó shoin rinne roinnt curachaí an turas farraige ón Dóilín go hInis Mór le airgead a bhailiú do charthannacht. Ach sé an chéad uair rása a dhéanamh den turas céanna. Tá thart ar 10 míle farraige idir Trá an Dóilín agus Cill Rónáin.

Curachaí cheithre sheas nó naomhógáí a bheas ag tógáil páirte sa mharatón.

Beidh ar chuile churach bairille Guinness a thabhairt leo ar an turas isteach go hInis Mór, le haghaidh ceann dena tithe tábhairní ar an oileán. Tá comhlacht Guinness ag déanamh urraíochta ar an rása agus beidh duais-

chiste de £600 ar fáil don lá — £300 don chéad naomhóg, £200 don tarna ceann agus £100 don tríú foireann. Beidh duais £120 ann chomh maith don fhoireann ban is fearr ar an lá, a chríochnaíonn an cúrsa.

Tá sé i gceist ag Pléaraca go mbeidh an rása seo ann chuile bhliain agus chuige sin tá píosa álainn dealbhadóireachta adhmaid déanta go speisialta ag Diarmaid Mac an Adhastair, Béal a' Daingin a bheas ina bhuanthrofaí do mharatón na gcurachaí. Beidh sé ina choimhlint idir fóirne Chonamara agus na fóirne ó Chiarraí, a bhfuil caint acu ar thíocht aníos don rás mór, féachaint cé ag a bhéas an trofaí an chéad bhliain.



Michael Loftus (Leitir Mealláin); Réamonn Ó Súilleabháin (Poll Uí Mhuirinn) agus Seán Kelly (Máimín) — an criú a bhain an bua amach ag sraith na bpointí do churachaí i mbliana. As deich rás bhí 83 pointe ar fad acu. Turas go New Orleans i mí Deireadh Fómhair an duais mhór atá le fáil acu.
(pic: Aodán Ó Conchúir)

Óstán an Cheathrú Rua

Teil: 595116 Facs: 595187



Níl uait ach an seirbhís is fearr le haghaidh an lá speisialta sin.

- Aire Pearsanta
- Togha na Beatha
- Rogha Mór de Bhia Chlár
- Rogha Pleanáil Boird
- Cómpórd agus Suaimhneas
- Carr Bainse
- Cairpéid Dearg ón Carr go Doras agus go leor eile freisin!

Níl áit níos fearr i gcóir do bhainis nó do chóisir

ELKAY ÉIREANN

CASLA, CONAMARA

Go n-éirí go geal le is an bPléaraca

An Ghleoiteog

BIALANN

Ros an Mhíl Teil: 091-572237

Stéigeanna • Bia Mara • Sailéidí

À la carte • Fíon

Bia den Scoth - Oscailte 7 lá



Leitir Móir, Conamara
Fón: 091-72498

I gcóir ballraíocht saol maith

Nioclás P. Ó Conchubhair

Leitir Móir

Teil: 81114 (obair); 81102 (baile)

SIOPA CRUA EARRAÍ

*Pluiméireacht • Adhmad
EarraíLeictreach • Péint*

Tigh Rory

LEITIR MÓIR • 8.30am - 8pm

• SIOPA •

*Gás, Gual, Blugas
Beatha Beithíoch srl*

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

HEANEY'S BUTCHERS

• BÚISTÉIRÍ •

Leitir Móir, Conamara Teil: 81216
& Arda Fhaiche an Chaisleáin Teil: 61796

Soláthraí do Óstáin & Bialanna

CLÁR PHLEÁRÁCA '95

Dé hAoine 8 Meán Fómhair

8.30pm **OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE** san gClubtheach, Galfmara, Anach Mheáin le Joe Connolly.
BRONNADH 'GRADAM AN PHLEÁRÁCA'

10pm Oíche go Maidin leis
NA CEANNABHÁIN BHÁNA agus
BEARTLA Ó DOMHNAILL mar aoi speisialta san
gClubtheach, Anach Mheáin.
Beár iomlán le síneadh ama ar fáil don oíche.

Dé Sathairn

11pm **COMÓRTAS OSCAILTE GAILF**, Galfmara, Anach
Mheáin. Eolas: 091-72498

GEALLTA BÁD SEOIL i gCuan Chasla.

1.30pm Rása aonair do ghleoiteoga, le duine amháin sa mbád.

3.30pm Geallta dona Gleoiteoga Beaga (faoi 23' agus faoi 21')
agus Móra, Púcáin, Dinghies.
Urraithe ag Sally & Paddy O'Brien (Island Ferries) agus
ag Tigh an Táilliúra.
Eolas: Pádraig de Bhaldráithe 091-81126

8pm • **COMÓRTAS TOM PHÁIDÍN TOM** •
Comórtas Amhránaíocht ar an Sean-Nós le haghaidh
Com Tom Pháidín Tom i dTigh Chualáin, Coill Rua.
(Urraithe ag Tigh Chualáin).
Léifidh Liam Mac an Iomaire agus Joe Steve Ó
Neachtain sliochtanna as an leabhar cáiliúil **Cré na Cille**,
le Máirtín Ó Cadhain ag an mbriseadh.

11pm **OÍCHE SEITEANNA & CÉILÍ** le **EISCIR RIADA**.
in Ionad Pobail, Na Forbacha.

11pm **CEILIÚRADH LÁ CHIARÁIN**
Céilí agus damhsa in Ionad Pobail, Cill Chiaráin le ceol
ó PJ Ó hIarnáin agus Swallow's Tail.

Dé Domhnaigh 10ú

11am **AIFREANN AN PHLEÁRÁCA** ó Shéipéal Thír an Fhia.

12am **Ag Seoladh thar an gCeann**. Na Báid ag fágáil Chaisín,
Leitir Mealláin agus ag seoladh timpeall ar Cheann
Gólaím go Caladh Thaidhg.
[Urraithe ag Coillte Teo.]

12.30pm **COMÓRTAS POOL**
Tigh Phlunkett, Leitir Móir.
Eolas: 091-74346/74021.

2pm **MUIR — SEÓ SRÁIDE AN PHLEÁRÁCA**
Sráidbhaile an Spidéil.

2pm **QUADRIATHLON CHONAMARA**
(Snámh, Kayak, Rothaíocht agus Rith/Siúl) sa Chuigéal
Beag, Leitir Mealláin.
Urraithe ag VEC na Gaillimhe
Eolas: 091-74202/74021.

5pm **Comórtas Saighid**
Tigh Mheaic, Cárna.
Eolas: 091-74346/74021.

6pm **Taispeántas Ealaíona an Phléaráca**
dhá oscailt in Óstán na Ceathrú Rua.

8pm **AN CHÉAD KARAOKE TRÉ GHAEILGE**
An Crúiscín Lán, An Spidéal.
Urraithe ag an gCrúiscín Lán

11pm **Damhsa na Lán-Gealaigh**
le **ÉINNIÚ** agus **NA FÍRÉIN**
i gCeol na Mara, An Spidéal.
(Síneadh ama sa mbeár).

11pm **Comórtas Jiveála le ceol ó CHILLÍN**
Tigh Antaine Laoi, Leitir Mealláin.
(Síneadh ama sa mbeár).
Urraithe ag Tigh Laoi

Dé Luain 11ú

8pm **OÍCHE SCÉALAÍOCHTA AGUS SEANCHAIS** Scoil
na hAirde, Cárna.
Fear an Tí: Eddie Bheartla Ó Conghaile.
Eagraithe agus Urraithe ag Comharchumann Chonamara Thiar.

Dé Máirt 12ú

7.30pm **Comórtas Amhránaíochta ar an Sean Nós** do
dhaoine óga faoi 16 bliain agus idir 16 agus 21, i
gcuimhne ar Sheán Chóilín Ó Conaire, san Ionad
Fiontraíochta i Ros Muc. Seisiún ceoil ina dhiaidh.
Eagraithe ag Coiste Pobail Ros Muc.

9pm **ÁIRNEÁN** — véarsaíocht, agallaimh beirte, ceol,
amhráin agus scéalaíocht á chur i láthair ag Joe Steve
Ó Neachtain.
Tigh Pheadair Mhóir ar an mBántrach.
Seolfar leabhar drámaí le Johnny Chóil Mhaidhc ag tús
na hoíche.

CLÁR PHLEÁRÁCA '95

Dé Céadaoin 13ú

8pm **Comórtas Damhsa ar an Sean Nós** do dhaoine óga
faoi 18mbl.

9.30pm **COMÓRTAS DAMHSA AR AN SEAN-NÓS** (oscailte
do dhaoine os cionn 18 bliain amháin) sa Chistin, An
Cheathrú Rua, i gcuimhne ar Mháirtín Beag Ó Gríofa.
Fear an Tí: Máirtín Jaimisí Ó Flaithearta
Urraithe ag Muintir Uí Shé, An Chistin, An Cheathrú Rua.

Déardaoin 14ú

8.30pm **TEACH SCRÍBE** - Seoladh an leabhair **IDIR MHNÁ**.
Oíche filíochta ina dhiaidh.
Eagraithe ag Ceardlann Sciobhnóireacht na mBan, Ros Muc.
Eolas: (091 - 74116)

9.30pm **AN CRÚISCÍN LÁN, AN SPIDÉAL**
LOYKO - Grúpa ceoil ón Rúis.

Dé hAoine 15ú

11am **Lá Spóirt** Scoileanna Iarbhuíochais na Gaeltachta
i gCárna.
Eolas: Roibeárd Ó hÉalaí, Scoil Phobail Chárna 095-32245

8pm **'CEILIÚRADH CEOIL'**
Óstán an Dóilín, An Cheathrú Rua. Ceolchoirm ag
comóradh 10 mbliana ceoil ó Chló Iar-Chonnachta le
scoth na gceoltóirí is na bhfionadóirí.
Fear an Tí: Máirtín Jaimisí Ó Flatharta Urraithe ag Heineken.

11pm **AN CIORCAL CRAICEÁILTE:**
Bréag agus An Scadán Rua.
Óstán an Dóilín, An Cheathrú Rua.
Cuirfear fáilte speisialta roimh rothaithe Ráth Cairn.
Síneadh ama sa mbeár.

Dé Sathairn 16ú

11.30am **COMÓRTAS IDIR MHONARCHANA**
á eagrú ag Údarás na Gaeltachta ar Pháirc Chamuis.
Eolas: Peadar Ó Maoláin 091-592011

12pm **'Tá Siad ag Teach' — Maratón na gCurachai**,
urraithe ag Guinness, ón Dóilín go hInis Mór.
Oscailte do fhóirme sinsireacha le curach cheithre
sheas (naomhóg).

2pm **Lá Spóirte agus Scléipe** do chuide dhuine ar Pháirc
Chamuis. Eagraithe ag Coiste Pobail Chamuis le urraíocht áitiúil.

2pm **Comórtas Peile na mBan** (7 a'taobh) ar Pháirc
Chárna.
Eolas: Máire Uí Fhlatharta 095-32569

3pm **Rásaí Curachai** ag Trá an Dóilín
• Fir - Sóisear (Curachai Canbháis)
• Curach le triúr ban.

11pm **Óstán na Ceathrú Rua — Ceol, Craic agus Céilí** le
BEGLEY AGUS COONEY

Dé Domhnaigh 18ú

6pm **Siamsa in Áras Mhic Dara**, An Cheathrú Rua do na
seandaoine.

8pm **An Cheathrú Rua - The Bishop's Story** - scannán Bob
Quinn agus Haicíní Cois Cuain — clár grinn 30 nóiméid
atá déanta ag Eo Teilifís do TnaG.

9.30pm **Tigh hAnraí** ar an Droim - **Siamsa na nOileán** le
Bobby Gardiner.
Fear an Tí: Máirtín Tom Sheáinín

11pm **Damhsa an Dreoilín**
Seán Monaghan agus an **MÁIMÍN CAJUN BAND**
Ionad Pobail Chois Cuain, Ros an Mhíl.
(Síneadh ama sa mbeár).

Imeachtaí eile atá ar bun sa gCeantar

Dé Domhnaigh 10 Meán Fómhair

2pm **ROTHAÍOCHT URRAITHE**
Ó Chasla go Ceann Gólaím. Eolas: 091-81133

2pm **Seó Talmhaíochta Chois Fharraige**, An Spidéal.
Eolas: 091-83161

10-17 Meán Fómhair

SOLAS 21
Taispeántas Ealaíona i nDámhlann an Spidéil

Dé Sathairn 9 Meán Fómhair

TURAS ANIAR
— Rothaíocht ón Spidéal go Ráth Cairn

11-13 Meán Fómhair

Camchuaire dráma ón mBriotáin
'An Rí Marc agus a Chluasa Capall'

An Chéad Karaoke tré Ghaeilge

Dé Domhnaigh 10 Meán Fómhair
8.30pm An Crúiscín Lán, An Spidéal

Anuraidh tháinig an smaoineamh chun cinn go mba mhaith an rud é Karaoke tré Ghaeilge a chur ar bun le linn Pléaráca Chonamara. Ní fhéadfaí é a dhéanamh anuraidh mar bhí an tam ró ghearr ach cuireadh Risteárd Mac Aodha ag obair ar an dtionscnamh agus tá an beart déanta aige. Beidh an chéad Karaoke tré Ghaeilge ar bun sa Chrúiscín Lán ar an Domhnach, an 10 Meán Fómhair.

Comórtas a bheas ann le £100 mar chéad duais (urraithe ag an gCrúiscín Lán) agus £50 don tama duine le £30 ag dul don tríú duine.

Beidh roghnú le déanamh idir thart is scór amhrán Gaeilge nuachumtha, a cloistear go minic ar Raidió na Gaeltachta. Seo cuid dena

hamhrán a bheas sa Karaoke;

Pócaí Folamh 'gus Cloigeann Tinn
An Caroline Anne
Deoraí Thír an Fhia
An Cailín Álainn
An Damhdn Alla
Tír na nÓg
An Ladhra Tré
Máirín
Ag éisteacht leis an Raidió
Cóilín Phádraig Shéamais.

Sé Diarmaid de Faoite a bheas ina fhear a' tí ar an oíche agus is cinnte go mbeidh an-spraoi agus craic sa Chrúiscín, ar an Spidéal don chéad Karaoke tré Ghaeilge!



Ned Ó Fatharta (Ros Muc) ag taispeaint cúpla steip do mhuintir na Breataine Bige, ag an bhféile mór ceoil Cnapan, níos túisce i mbliana.

Idir Mná

Leabhar nua Filíochta ó Sciobhnóirí
Ros Muc le seoladh i dTeach Scribe
ar an Déardaoin 14 Meán Fómhair

Le dhá bhliain anuas tá grúpa ban ag tíoct le chéile go rialta i Ros Muc ag ceardlann scríbhneoireachta faoi stiúir Mháire Holmes ón Spidéal. Ceathrar atá sa ghrúpa: Meta Uí Mháille, Doire Iorrais; Máire Seoighe, An Turlach Beag, Ros Muc; Máire Uí Chonghaile, Cill Bhriocáin, Ros Muc agus Máirín Uí Dhubhda, Cárna. Is mar chuid den Scéim Ealaíone Pobail, atá dhá reachtáil ag Pléaráca, a eagraítear na ceardlann scríobhnóireachta.

Anois tá leabhar réitithe ag an ngrúpa banscríobhnóirí. *Idir Mná* an tainm atá ar an leabhar, atá dhá fhoilsiú ag Pléaráca i gcomhar le Cló Iar-Chonnachta. Sa leabhar tá meascán de phrós agus de fhilíocht ón gceathrar ban. Beidh *Idir Mná* dhá sheoladh i dTeach Scribe ar an Déardaoin, 14ú Meán Fómhair. Beidh léamh filíochta i dTeach Scribe tar éis seoladh an leabhair agus beidh an file Moya Cannon atá ina Eagarthóir ar an



Máire Holmes (ar chlé) a bhí ag stiúradh na gceardlann scríbhneoireachta i Ros Muc, in éindí le Meta Uí Mháille (Doire Iorrais), Máire Uí Chonghaile (Ros Muc) agus Máire Seoighe (Ros Muc) — triúr de na mná a bhfuil saothar scríbhneoireachta le foilsiú sa leabhar 'Idir Mná'. Seolfar an leabhar i dTeach Scribe ar an Déardaoin 14 Meán Fómhair.

Tá saothar scríbhneoireachta le Máire Ní Dhubhda (sa ghrianghraf ar dheis) le fáil sa leabhar *Idir Mná*.
pic: Bob Quinn

iris *Poetry Ireland*, chomh maith le Liam Ó Muirthile i measc na bhfilí a bheidh ag léamh. Beidh grúpa banscríobhnóirí Ros Muc ag

tabhairt a naghaidh ar Bhoston, Mheiceiceá sa bhFómhar lena gcuid saothair scríbhneoireachta a léamh ansin.



CEARDLANN AN SPIDÉIL

• Ag ceiliúradh 10 mbliana •



Caith seal linn i gCeardlann an Spidéil, áit a bhfuil scoth na ceardaíochta agus ealaíne le feiceáil.

Buiochas dár gcustaiméirí uilig

• FÁILTE ISTEACH •

TÍGH NEACHTAIN

AN TSRÁID TRASNA



LÓN AR FÁIL Ó 12.30-2.30PM

BIALANN AR OSCAILT LUAN GO SATHARN
7.00-10.00PM

Teil: Bialann 091-66172 Beár 091-68820

CEOL TIGH NEACHTAIN

Go n-éirí go geal le Pléaráca '95



Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

Bia Mara—An príomh chomhlucht margaíochta don tionscail feirmeoireacht éisc in Éirinn.

Díolann Bia Mara luach £16 milliún sa mbliain de bhradáin úra, bric agus sliogéisc ó fheirmeacha mara ar chósta thiar na hÉireann. Tá os cionn 250 duine fostaithe ag soláthar an éisc seo do mhargaí na hEorpa.

Go n-éirí go geal le Pléaráca '95

TEACH MÓR SCRÍBE

Iascaireacht Bradáin agus Bric
Foghlaoireacht
Bialann • Ceadúnas Iomlán Dí
Lóistín

Teil: 091-74110 Facs: 091-74179



ARRAMARA TEO.

CILL CHIARÁIN, CONAMARA
Teil: 095-33404 / 33417
Facs: 095-33494

Seamus McGarvey • Micheál Ó Maoilchiaráin

MUIR – Seó Sráide na Féile

2 i.n. Dé Domhnaigh 10 Meán Fómhair • AN SPIDÉAL

Ar an Domhnach an 10 Meán Fómhair beidh Seó Sráide le feiscint sa Spidéal. MUIR an téama atá ar an Seó Sráide, atá curtha le chéile ag an ngrúpa atá ar Scéim Fostalachta Pobail an Phléaráca i Ros Muc. Tháinig an smaoineamh faoi Sheó Sráide ó Oifigeach Ealaíona an Údaráis, Joe Steve Ó Neachtain. Is faoi stiúir Shille Nic Conaonaigh ón Spidéal atá an Seó Sráide dhá chur le chéile. Tá Macnas ag cur comhairle agus cúnamh ar fáil do ghrúpa Chonamara.

Tá cheithre sheachtaine caite ag grúpa na Scéime ag obair ar an seó ó roghnú an téama go múnla na naimnithe éagsúla. Dá gcaithfeadh duine súil isteach san Ionad Fiontrálachta i gCill Bhriocáin le cúpla seachtain anuas, d'fheicfidís rollaí sreangán, latex agus carnán sean pháipéir nuachta — an bunábhar atá dhá úsáid leis na plosaí éagsúla a dhéanamh.

Is iontach an méid ama, an méid oibre agus an méid samhlaíochta atá curtha isteach sa Seó Sráide ag an ngrúpa. Tá laethanta fada caite san ionad fiontrálachta i Ros Muc ag triail bealaí éagsúla le bairnigh, corr éisc agus smugaile róin a dhéanamh. Tá uaireanta fada caite, le linn na haimsire te a bhí againn le gairid, ag greamú, ag péinteáil, ag lúbadh agus ag ceangailt.

Sé príomh aidhm an seó sráide ná plosa craic a chur ar fáil do mhuintir na h-áite mar chuid de Phléaráca Chonamara i mbliana. Beidh an Seó Sráide le feiscint ar shráidbhaile an Spidéil thart ar 2.00pm ar an Domhnach an 10ú Meán Fómhair.

Dála an scéil, tá Taispeántas Chois Fharraige ar bun an lá céanna i gColáiste Chonnacht. Beidh an-lá sa Spidéal.



Drumadóir as an seó sráide a chuir Macnas ar siúl i nGaillimh i mbliana. Tá Seó Sráide réitithe ag Scéim Fostalachta Pobail an Phléaráca agus beidh sé le feiceáil sa Spidéal ar an Domhnach 10 Meán Fómhair. 'Muir' an téama atá ag an seó sráide seo.



Slán le hInis Meáin

Ar an gcéad Domhnach de mhí Iúil, 1970 a chéadsheol mise go hInis Meáin. Ba é an chéad uair ar fharraige mhór an Atlantaigh mé. Bhí mé i mo bhliain dheireannach sa choláiste ársa Má Nuad, agus mé ar bheagán Gaeilge. Bhí tuairim mhaith agam go mbeadh tréimhse i nGaeltacht Chonamara nó ar oileán Gaeltachta i ndán dom, agus bhí sé thar am agam tosnú ar fheabhsú mo chuid Gaeilge.

Bhí an choicíos roimhe sin caite agam ag obair ar scéim thithíochta do lánúineacha óga, sa Mhuirbheach i nGaillimh. Sheas mé isteach ar an Naomh Éanna i ndug na Gaillimhe don chéad uair an mhaidin cheobhránach smúitiúil mheirbh sin. Bhí an fharraige ciúin cailm, ar ndóigh in aimsir mar sin, agus níorbh fhada gur thit mé i mo chodladh, tuirse na hoibre, an luathsheolta, agus na bpiontaí a bhí ólta sa Trappers Inn ar bhóthar Thuama, an oíche roimhe, agus

mé féin is mo chairde ón Muirbheach ag fágáil slán lena chéile.

Chodail mé ar an mbealach ar fad amach tríd an gCuan, thar Cheann Bóirne chomh fada le hInis Oirr. Torann shlabhra ancaire an bháid a dhúisigh mé amach ar aghaidh thrá leathan an oileáin sin. Ní mórán a bhí le feiceáil mar gheall ar an gceo trom samhraidh, ach bhí curachaí ag teacht le taobh an tsoithigh le daoine a thabhairt i dtír.

Bhí an ceo fós ann ag dul i dtír dom in Inis Meáin, mo chéad uair i gcurach agus mé faiteach go maith. Baineadh geit asam nuair a chonaic mé daoine gléasta i veisteanna agus treabhsair cheannasna, pampooties ar chosa ag cuid acu, Gaeilge bheo ghlan dothuigthe (domsa) á spalpadh acu. Chuaigh mé chun an tí lóistín a bhí socraithe dom ag séiplíneach na n-oileán, Pádraig Mac Giollagáin — Tigh Phádraig Pheait Sheáin, ó dheas den séipéal. Don chéad uair i mo shaol

d'airigh mé gasúir ag labhairt Gaeilge go nádúrtha, agus nach orm a bhí an t-iontas, agus mé fós ag cuimhniú (go siceolaíoch) ar Ghaeilge mar theanga mhí-nádúrtha scoile.

Luaigh mé ceo ar mo chéad turas chuig na hoileáin, ceo a dhó agus a ghlan teas na gréine le trathnóna álainn fadradharcach a chur ar fáil dúinn. Faoi cheo de chineál eile a sheol mé do na hoileáin mar shéiplíneach i Samhain na bliana dár gcionn, focail Synge — "the long nights after Samhain" ag torann i mo chluasa.

Cúpla mí roimhe sin ceapadh mar prefect os cionn lucht staidéir i gColáiste Iarfhlaitha i dTuaim mise. Bhí gráin agam ar an bpost. Níor cheap mé gur le haghaidh sin a hoirníodh i mo shagart mé, ach le bheith amuigh i measc an phobail. Mar dhuine réasúnta óg idéalach

(Thuas) Gort saothraithe Phádraig Standúin le 8 mbliana anuas. Tá sé aistriúite go Tuair Mhic Éadaigh. Go néirí leis.

IONAD OIDHREACHTA ÁRANN



Cill Rónáin,
Inis Mór,
Oileán Árann
Teil: 099-61355
Facs: 099-61354

Cuir tús le do chuairt ar Árann in Ionad Árann!

Cuirfidh do chuairt ar an ionad nua seo an tírdhreach, an stair, an cultúr agus na traidisiúin a bhaineann le Oileáin Árann in aithne duit.

Le cabhair painéil eolais agus scannán chlosamharc, tabharfar léargas chuinn freisin ar nithe ar nós gnéithe geolaíochta na n-oileán, dúnta Árann maraon leis an tírdhreach fisiciúil.

Chun sult níos mó a bhaint as do chuairt, buail isteach chuig Ionad Árann, chun treoir níos fearr a thabhairt duit le linn do thurais mór-thimpeall an oileáin.

Ar oscailt ó mhí Aibreán go dtí mí Dheireadh Fómhair

Fáilte romhat isteach!



ISLAND FERRIES TEO.

Cladhnach, An Cheathrú Rua 091-72273
& Plás Victoria, Gaillimh 091-61767
Facs: 091-62069

Aran Seabird • Aran Express

Ag seoladh as Ros an Mhíl ar a laghad dhá uair sa ló
go
OILEÁIN ÁRANN
i 40 nóiméad

Ceangail speisialta bus idir Gaillimh agus Ros an Mhíl

Gach eolas agus ticéid ar fáil ag an oifig i:
Plás Victoria, Gaillimh

nó ar an gcéibh i:
Ros an Mhíl

bhí mé glan in aghaidh an fhoiréigin, agus dhiúltaigh mé pionós corpartha a úsáid le smacht a choinneál ar na gasúir. Ar ndóigh níor thaithin sé seo le húdaráis an choláiste nó le tuismitheoirí, mar ní fhaca siad gur féidir smacht a choinneál ar aon bhealach eile. Le linn saoire na Samhna i 1971, scríobh mé alt don *Western People* faoin teideal *The Dog Collar* – *From the Inside* inar thug mé le fios gur cheap mé nach le haghaidh fosaíocht a dhéanamh ar ghasúir mhéanaicmeacha an Iarthair a hoirníodh mé. Foilsíodh an t-alt ar an Aoine agus bhí mé ar an Naomh Éanna, ag seoladh mar shéiplíneach d'Inis Oírr agus Inis Meáin an Chéadaoin dár gcionn.

An uair sin, agus le leathchéad bliain roimhe bhí ar mhuintir na n-oileán an sagart a thabhairt trasna an tSunda Shalaigh idir dhá Aifreann an Domhnaigh, nó am ar bith lá nó oíche a bheadh crúóg, glaogh ola ná eile.

Bhí ar gach teach ar ch'aon oileán an sagart a thabhairt trasna an tSunda, uair nó mar sin in aghaidh na bliana, de réir a dtuair. Bhí sé sin go hálainn sa samhradh ar ndóigh, nuair a thabharfaí cead don sagart féin iomradh. Ach bhí laethanta geimhriúla ann 'a mbíodh maidhmeanna móra farraige ag caitheamh curach is criú

anseo is ansiúd ar bharr an uisce.

Bhí farraige mhór ann ar an darna Satharn de mhí na Nollag 1972. D'éirigh le mo chriú an churach a sheoladh gan mórán trioblóide ó thrá Inis Oírr. Bhí mé le faoistin a éisteacht in Inis Meáin an lá sin, an chéad Aifreann a rá ar maidin lá arna mhárach, agus filleadh ar Inis Oírr don darna Aifreann. Bhí turas deas againn siar, maidin bhreá sheaca, torann na maidí rámha níos airde ná mar ab ionduil ar aer sheaca na maidne, boladh álainn tobac ó phiopaí Mhike Mhéin. Ar rudaí mar sin a chuimhníonn duine nuair a bhreathnaítear siar tar éis duit a bheith i mbaol do bháite.

Nuair a bhíomar i bhfoisceacht cúpla céad slat don sleamhnán nó slip Inis Meáin, bhí sé soiléar nach shin é an lá le bheith ag iarraidh dul i dtír ansin. Bhí maidhmeanna ag briseadh thar an gcéibh, na fir, a bhíodh go hionduil ar bharr na céibhe le cur in iúl do mhuintir Inis Oírr cén uair a raibh sé in airíocht teach i dtír, bhíodar ag seasamh i bhfad siar, ag béiceadh agus ag tabhairt comharthaí lámha dá gcomhoileánaigh dul soir abhaile go beo.

Ach bhí an churach tar éis snámh soir ró-fhada. Feicim fós an mhaidhm a d'éirigh taobh amuigh dinn ina balla

uisce ag briseadh ag an mbarr. Níl fhios agam cén chaoi ar éirigh leis na fir a bhí in éindí liomsa an churach a chasadh i dtreo na maidhme in am, nó cibé caoi ar éirigh leis an gcurach dul tríd nó dul thairis. Ar chaoi ar bith níor rug an tonn sin orainn, agus thánagamar slán, buíochas le Dia. Ar lá mar sin a chuirfeá curach i gcosúlacht le bróg Chríost ag siúl ar an bhfarraige.

Ach bhí dóthain den saol sin feicthe ag muintir na n-oileán. Gairmeadh cruinníúcháí agus cuireadh an chontúirt in iúl d'Ardeaspag Thuama, Seosamh Ó Cuinneáin. Nuair bhí sagart le spárail aige an samhradh dár gcionn, thug sé sagart lán-aimseartha d'Inis Meáin, agus is mar sin atá an scéal ó shin.

D'fhill mise ar Inis Meáin mar shéiplíneach i 1987 agus is ann a chaith mé seacht as na hocht mbliana atá caite. Tá cumha agus uaigheas fós orm ina dhiaidh, cé go bhfuil mé ag socrú isteach go deas i measc mhuintir Mhaigh Eo anseo i dTuar Mhic Éadaigh.

"Take me home to Mayo" a chas cuid de mo chairde i dTigh Fitz i gCill Éinne an oíche ar thug muid Dráma na Páise d'Inis Mór. Is beag a cheap mé go dtiocfadh sé fíor chomh luath sin.

• Siopa & Ósta •

TIGH CHRISTÓ

Ros Muc 091-574121

**Ceol Traidisiúnta • Smailceanna
Peitreal • Leabharlann
Fístéipeanna
Gual • Flo-gas**




AER ÁRANN

**AERFORT CHONAMARA
Eidilí Laethúla go dtí Olléain Árann**

Oifig Eolais: Aer Árann, Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán
Facs: 091-93034 & 93054

IONAD NA BHFÉILEACÁN



Oscailte ó thús Bealtaine go deireadh Meán Fómhair

Luan - Satharn 10am - 5pm

Dé Domhnaigh: 2pm - 6pm

CASLA, CO. NA GAILLIMHE
Teil: 091-572210 Facs: 091-572370



Standún

STANDÚN TEO.

An Spidéal,
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-83102/8

Togha agus Rogha na Tíre
Déan do chuid Siopadóireacht
tré Ghaeilge sa Ghaeltacht

Go n-éirí go geal leis an tPléaraca

AN FOCLÓIR PÓCA

- 200,000 cóip díolta cheana
- 552 leathanach
- 30,000 ceannfhocal
- Treoir le haghaidh fhuaimniú na bhfocal Gaeilge
- Téarmaí nua
- Táblaí Briathra
- Ainmneacha tireolaíochta



Tá an Foclóir Póca ar na leabhair Ghaeilge is mó díol riamh. Áis iontach é d'idir fhoghlaimeoirí agus dhaoine a bhfuil an teanga ar an dtoil acu. Idir na focail a thugtar, an raidhse samplaí, an treoir fhoghraíochta agus an t-eolas gramadaí is mó ná foclóir é – is riachtanas é.

£4.60

AN GÚM

Jackie Ó Cualáin

Cárna, Co. na Gaillimhe
Fón: 095-32331
Facs: 095-32532

– Member of the National Housing Guarantee –

Conraitheoir Tógála

Seirbhís Tógála ar fud Chonamara
Níl aon jab ró-bheag nó ró-mhór dhúinn.

Go n-éirí go geal leis an tPléaraca

Caitheamh Aimsirí na nDaoine sa Seansaol

le Séamas Ó Cualáin

Sciortar Uisce nó Sceidíní

Cluiche deas simplí é seo a d'imrítear cois farraige áit a bhfuil neart leacóg nó leicíní. D'imreodh páistí, cailíní is buachaillí, fir is mná an cluiche agus bhíodh an-tóir air le linn na huaire breá—go háirithe i ndeireadh an earraigh agus i dtús an tsamhraidh.

Chloisfeá daoine ag rá: "Fág seo go ndéanfaidh muid sciortar uisce nó sceidíní!"

Níl le déanamh sa chluiche seo ach na leicíní nó na leacóga a chur ag scinneadh ar uachtar na mara. (Níor chuala mé riamh go n-imrítear an cluiche le taobh locha mar ní bheadh leicíní feiliúnacha ar fáil ansin.)

An duine a chuirfeadh an leicín ag scinneadh níos faide amach ar dhromchla na farraige ba ag an té sin a bheadh an bua.

Caiseal

Caitheamh aimsire eile a mbaintí an-taitneamh as agus a bhí coitianta go maith ba ea an caiseal a chur ag rince nó, faoi mar a deirtí, a chur ina chodladh.

Dhéantaí an caiseal as adhmaid an-chrua agus d'fhágtaí é tréimhse sa simléar lena righniú is a stálú. D'fhéadfadh sé a bheith beag nó mór agus le go mairfeadh sé go ceann i bhfad chuirtí táirne le mullach cruinn a íochtar an chaisil.

Bhí dhá chineál caisil ann—ceann a chaití agus ceann a bhuaillí le laisc.

I dtaobh an chaisil a chaití, chuirtí eite nó clais leanúnach gan bhriseadh ann le haghaidh ruóige nó sriogáin. D'fháiscadh an duine a bhíodh á

chaitheamh an sreangán isteach go docht san eite agus ansin chaitheadh sé an caiseal an-sciobtha le brí is le fuinneamh ar an urlár. Cé go mbíodh na hurláir garbh is aimhréidh go maith ag an am mar sin féin bhaineadh an té a bhí oile ar an gcaitheamh aimsire seo ceol as an gcaiseal.

Níor theastaigh aon eite ón gcaiseal mar d'úsáidtear laisc lena choinneáil ag dul timpeall. Bhí barriall leathair thar cionn mar sheasadh sí níos faide ná laisc éadaigh. Ba amuigh faoin spéir le linn an earraigh agus i dtús an tsamhraidh a d'imrítear an caiseal seo.

Bhí **Gabha Mháire Hughie** ina cheárta sna hAille an mhaidin earraigh seo agus ó tharla nach raibh aon duine ag teacht thug sé aghaidh ar an ngarraí thíos ag an gcladach le hiomaire fataí a chur. Bhí sé cromtha síos ag scaradh na sciollán nuair a tháinig gasúr go dtí é.

"Céard atá uait?" a d'fhiafraigh an ghabha.

"Tá mé ag tíocht chuig an gceárta", d'fhreagair an stócach.

"Suas leat mar sin," a dúirt an gabha, "agus beidh mé suas i do dhiaidh".

Bhí an gasúr ina sheasamh ag doras na ceárta nuair a tháinig an gabha tar éis míle bealaigh a chur dhe ón ngarraí.

"Cá bhfuil an t-asal?" a dúirt an gabha.

"Ní hé an t-asal atá agam," arsa an buachaill, "ach an gcuirfidh tú 'spike' i mo chaiseal?"

[Ba é **Pádraig Ó Fáthartha** an gabha, go ndéana Dia trócaire air, agus **Micil Ó Gríofa** ab ainm don ghasúr ach chinn orm a fháil amach aon eolas eile faoin

ógánach.]

Tarraingt an Mhaide

Shuíodh beirt fhear urrúnta láidre ar aghaidh a chéile ar an urlár agus a gcuid cos sínte amach uathu sa gcaoi go mbeadh dhá bhonn bróg chaon duine in aghaidh a chéile. Ansin thugtaí feac láí nó cos sluaiste dhóibh.

Ach sula dtosaíodh an tarraingt shocraíte cé ag a mbeadh an dá láimh istigh agus an dá láimh amuigh sa gcéad bhabhta. Dhéantaí suíomh na lámh a mhalartú sa dara tréimhse le go bhfaigheadh chaon duine cothrom na Féinne.


Bhíodh sé ina ghéarfhéachaint nuair a thosaíodh an cluiche—duine acu ag iarraidh an duine eile a ardú den urlár. Bhíodh an lucht féachana á ngríosú agus ag rá leo gan géilleadh. Go hiondiúil mhaireadh an choimhlint an-fhada ach amanna eile b'fhéidir go ngéilleadh duine de na hiomaitheoirí éasca go leor. Is cinnte nach raibh gnaithe ar bith ag meatachán nó ag séacla a bheith páirt-each i gcluiche mar seo.

Rud amháin faoi Tharraingt an Mhaide gur léirigh sé má bhí fabht nó máchail ar bith sna comhlannaigh. D'imrítear an cluiche sin san Arm le géaga na saighdiúirí a láidriú.

Faic

Séard a bhí sa bhFaic píosa éadaigh fite fuaite go dlúth docht ina chéile nó níl fhearr fós píosa de shúgán déanta as féar glas—bhí sé seo an-chrua ar fad.

An-chluiche a bhí anseo a d'imrítear



Beirtí Tim Ó Conghaile (Camus) ag caitheamh na gcruithe. Tá an-chur síos ag Séamas Ó Cualáin ar an gcluiche san alt seo.

dtithe san airneán agus freisin ag tórraimheacha seandaoine. Ní mór cuimhneamh go mbíodh dhá oíche tórraimh ann san am (taobh thiar de dhroichead an Spidéil).

Ógthir ba mhó a d'imríodh Faic agus níor mhór deichniúr, dháréag, nó níos mó le go mbeadh cluiche maith ann. Shuíodh na himritheoirí i bhFáinne ar an urlár agus a gcuid cos craphtha isteach acu agus bhíodh fear amháin sa lár.

Thoghtaí an fear i lár báire i dtosach. Ach ba bheag den fhonn a bhíodh ar aon duine glacadh leis an gcuid seo den imirt mar ba mhinic a d'fhaigheadh seisean drochíde ó na himreoirí eile. Sé'n chaoi a gcaití crainn air seo. Thugtaí uimhir do na himreoirí ar fad agus céibí cén uimhir a phioctaí bhíodh ar an té ar leis an uimhir sin dul i lár baill.

Thosaíodh an imirt ansin. Bhíodh an Faic á chur faoi na glúine ó dhuine go duine ag na himreoirí. "Scaoiligh tharaibh

an faic!" a bhíodh ag fógairt nó "Tharaibh, Tharaibh an Faic!" agus nuair a bhíodh an imirt faoi racht seoil ní chloistí ach "Tharaibh! Tharaibh!"

I rith an achair bhíodh an fear sa lár ar a chroídhícheall ag iarraidh breith ar an bhFaic le go bhféadfadh sé féin suí síos. Go deimhin ba iomaí sin snaidhm aniar sa droim a d'fhaigheadh sé sula n-éiríodh leis. Agus dá mba rud é go mbíodh aon sean fhaltanas-agus go hiondiúil bhíodh—idir an fear i lár báire agus duine de na himreoirí thugtaí buille nimhneach dó ó am go ham.

Tharraingíodh seo achrann. Tharla an-chuid achrainn ag tórramh seandaoine in Indreabhán blianta ó shin. Bhí slua mór cruinn sa teach. Tháinig siad aniar as an mBántrach agus anoir ón Spidéal agus i ngeall ar bhuillí fealltacha a tarraingíodh tharla roinnt mhaith troda is imris in imeacht na hoíche.

Caitheamh na gCruithe

Cluiche simplí é a imrítear faoin aer. Bíonn dhá phionna iarainn saite go daingean docht sa talamh agus iad thart ar sheacht dtroigh fichead—nó, faoi mar a deirtí, fad trí chapall óna chéile.

Is gnách go mbíonn beirt ar gach foireann agus nuair a thosaíonn an comórtas nó an cluiche seasann duine ó gach taobh—le crú i chaon láimh leis—ag gach pionna.

Tosaíonn beirt ag caitheamh i dtreo pionna amháin agus nuair a bhíonn siadsan críochnaithe agus an scór comhairthe téann an cúpla eile i mbun imeartha. Caitheann siad seo i dtreo an phionna a raibh an chéad bheirt ag caitheamh uaidh.

Fearacht liathróide láimhe marc is fiche a theastaíonn le cluiche a bhuachan. An té a bhfuil a chrú níos gaire don phionna faigheann sé marc amháin ach má bhíonn a dhá chrú chun tosaigh ar chruithe a chéile comhraic éiríonn leis dhá mharc a ghnothú. Má chuireann duine an crú ina sheasamh le taobh an phionna scóráilann sé trí mharc ach más rud é go gcuireann sé an crú timpeall ar an bpionna faigheann sé cúig mharc.

Cé go n-imrítear an cluiche seo in áiteanna éagsúla ar fud Chonamara blianta ó shin ba iad muintir Chois Fharraige ba mhó a bhí luaite leis. Leath an caitheamh aimsire sna fichidí agus sna tríochaidí agus ní dheachaigh Domhnach ná lá saoire thart nach bhfeictear sluaite bailithe ag crosbhóithre ar feadh an bhealaigh ó na Forbacha siar go crosbhóthar na Tuláí. Rud eile a chuidigh le dul chun cinn an chluiche ag an am nach raibh aon caitheamh aimsire eile—peil nó iománaíocht—ag na hógánaigh.

Ba ag teach cairr Neilín ag ceann an Bhóthair Bhuí a bhí an t-ionad coimhlinte ag muintir chnoc na hAille. Ní raibh cinneadh ar bith le **Tom Mháirtín Tom** (Tomás Ó Donnchadha) as **Baile na mBroghach**. D'fhéadfadh an t-imreoir seo crú a chur timpeall ar uaireadóir chomh hábailt aclaí céanna agus a chuirfeadh sé timpeall ar phionna é. Ní iontas ar bith mar sin go ndeireadh muintir Chois Fharraige nuair ba mhan leo gaisce duine a mholadh: "**Sháraigh sé Tom Mháirtín Tom ag caitheamh na gcruithe!**"

Is dóigh gurbh í an imirce mhór as Cois Fharraige i ndeireadh na dtíochaidí agus i dtús na ndaichidí ba chúis leis am meath a tháinig ar an gcluiche. Agus níl gar a shéanadh nuair a d'imigh an capall d'imigh an cheárta agus na cruithe i leaba a chéile.



An Bradán Feasa

45 Sráid Doimnic, Gaillimh
Fón: 091-67824 Facs: 091-63699

Ionad Eolais Chonradh na Gaeilge
Seirbhísí Oifige: Fótóchóipeáil, Clóscríobh, C.V.,
Scanóir, Aistriúcháin agus go leor eile.

le gach dea ghruí ó

Colm Ó Mainnín

An Garáiste, Ros Muc

SEIRBHÍS IOMLÁN GARÁISTE

091-574113

Cuairt ar Bhéal Feiriste

Úna Ní Cheannabháin

Thaisteal grúpa beag ó Phléaráca go Béal Feirste an chéad dheireadh seachtaine de mí Lúnasa. Bhí Féile an Phobail ag tosnú in Iarthar Bhéal Feirste. Turas eolais a bhí ann, le seans a thabhairt do dhaoine ó Chonamara eolas agus aithne a chur ar mhuintir Iarthar Bhéal Feirste. San grúpa a thaisteal bhí Mairéad Ní Scanláin, Meta Ní Mháille, Treasa Ní Mhaoleoin, Mandy Ní Mhurchú, Dáithí Ó Muirí, Caomhán Ó Scolaí, Róisín Ní Mhainnín agus Turlough O'Connor. Pádraic Ó Flatharta a bhí ag tiomáint an mionbhus agus sé a bhí an-fhoighneach linn ar feadh an deireadh seachtaine.

Ar an mbealach suas d'fhanamar oíche i Mell Parish Hall i nDroichead Átha — malai codlata ar an urlár crua ach bhíomar chomh tuirseach go gcodlódh muid ar 'tacks' mar a deir siad sa mBéarla. Bhí deis againn an oíche sin freastal ar choirmcheol, a bhí ar bun mar chuid de Fhéile na Bóinne, ag a raibh John Beag Ó Flatharta ag amhránaíocht, Johnny Phádraig Pheter ag casadh agus Róisín Ní Mhainnín ag damhsa.

Go luath maidin Dé Domhnaigh, thugamar ár naghaidh ar Iarthar Bhéal Feirste. Cuireadh fáilte romhainn sa gCultúrlann i mBóthar na bhFál. Chonaiceamar an 'Opening Day Carnival Parade' ar Bhóthar na bhFál. Ag tógáil páirte sa bparáid bhí floats, fancy dress, baill áitiúla Chumann Lúthchleas Gaeil agus bannaí ceoil áirithe as an áit féin agus áiteacha eile.

Thugamar ár naghaidh ar Pháirc na bhFál áit a raibh na Screaming Bin Lids ag casadh, agus freisin Caravane des Quartiers as an bhFrainc. Chuaigh muid, nó chuaigh cuid againn, (ní chuirfidh mé aon ainm ar an dream nach ndeachaigh mar bhí fonn óil orthu seo) ag breathnú ar an dráma Ceolchoirm Gigli. Bhaineamar an-tainneamh as an dráma seo, ina raibh Gearóid Ó Cearbhalláin, John 'Boy' Ó Muireagáin agus Mairín Ní Dhuibhir ag aisteoireacht.

Tar éis an dráma bhuaileamar síos ag Cumann Chluain Ard. Bhí an-oíche anseo idir léamh filíochta, séisiún ceoil, Bréag-ag casadh Reggae agus rac trí Ghaeilge agus damhsa. Dhamhsaigh mé féin agus Mairéad Ní Scanláin cúpla steip, chas mé féin cúpla stéibh de amhrán agus ar ndóigh d'ólamar ár ndóthain. Oíche,

nó ar cheart dom á rá, oíche go maidin iontach a bhí ann!

Ar ais sa gCultúrlann ansin, marbh tuirseach, malai codalta arís ach ba chuma mar bhí an oiread sult bainte againn as an oíche nár mhiste dhúinn cá gcodlódh muid!

Maidin Dé Luain, tar éis bricfeasta d'fhreastal muid ar oscailt oifigiúil Fhéile an Phobail. Bhí Ceolatón ar siúl taobh amuigh den Chultúrlann. Chuaigh mise ag breathnú ar thaispeantaisí a bhí sa gCultúrlann. Bhí ealaíon ar taispeáint ann le Robert Ballagh, Nóirín Nic Alastair, agus Margaret McCann. Thugamar cuairt ansin ar oifig Shinn Féin agus ar an 'Woman's Falls Road Centre'.

Sa trathnóna, tugadh ar thuras muid timpeall cuid de Iarthar Bhéal Feirste faoi stiúradh John Boy Ó Muireagáin agus Éamonn Ó Cionáin. Stopamar i dtosach ag 'Milltown Cemetery'. Chuaigh an áit seo i bhfeidhm go mór orm — an méid leacracha ag comóradh daoine óga a raibh bás fáighte acu de bharr na dtrioblóidí sa Tuaisceart. Uaigh amháin, ag a stopamar bhí an méid seo scríofa ar an leac:

"Interred here Vol. John Caffrey I.R.A. Died on prison ship"

Tugadh chuig uaigh Bhooby Sands ansin muid agus bhí liosta ar na huaigheanna de na fir a fuair bás ar stailc ocras na H-Blocanna sa gCeis Fhada.

D'inis Éamonn scéal dúinn faoi Seán Martin a bhásaigh agus é ag freastal ar léacht ar cén chaoi le gránáid a úsáid. Óglach de chuid an IRA a bhí ann. De thimpist thit an pionna as an ngránáid agus in áit gach a bhí ina chomhlúadar á phléascadh leis féin, chlúdaigh sé an gránáid beo lena chorp agus séideadh é féin.

Ag leac uaigh eile bhí scéal brónach a bhain le Éamonn é féin. Seo go díreach an scéal mar a bhí scríofa ar an leac:

"McDonald

In loving memory of Mervyn and Rosaleen assassinated 9th July 1976

Both aged 26 years".

Iníon le Éamonn agus a fear céile a bhí i gceist.

Ar ais ar an mbus chuamar thar Cumann na Méirleach Poblachta. Is club é seo do iarphríosúnaithe, agus buaileann siad leis na cairde a rinne siad i bpriosún



Úna Ní Cheannabháin, Doire Iorrais, atá ar Scéim Fostalochta Pobail an Phléaráca, agus i ar Bóthar na bhFál i mBéal Feirste

sa Chlub. Níl cead ach ag príosúnaigh a bheith mar bhaill ar an gCumann seo!

Chuamar go Baile Andarsan ansin, áit a bhfuil Páirc Chasement, príomhpháirc peil Ghaelach Bhéal Feirste. Is anseo a dúnmharaíodh an bheirt saighdiúr Sasanach, cúpla bliain ó shoin, nuair a thiomáin siad isteach i lár sochraide.

Is i mBaile Andarsan atá an Ghaeltacht bheag, Bóthar Seoigh.

Chuamar ó Bhaile Andarsan go Baile Stiobhaird. Protastúnaigh a bhíodh ann ó thús ach bhog na teallaigh Caitliceacha isteach de réir a chéile. Anois ar thaobh amháin den bhóthar tá Caitlicigh agus brat na hÉireann crochta agus ar an taobh eile tá na Dilseoirí agus na Union Jacks crochta. Ar ndóigh ní mheascann siad. Chuaigh muid freisin go dtí an áit a rugadh Bobby Sands. Tá leac cuimhneacháin anseo dó.

Bhí an trathnóna ag sciarradh uainn, ach bhí áit amháin eile a raibh muid ag iarraidh dul, Bóthar na Seanchille agus chuaigh. Samhlaigh an bus le cláruimhir '95 G' agus 'Taisteal Chonamara' scríofa ar an taobh ag taisteal síos an bóthar seo!

Déarfainn le duine ar bith gur fiú dóibh cuairt a thabhairt ar Bhéal Feirste. Is dream an-deas, cinéalta iad agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo ar fad go háirithe le Janet Muller a bhí iontach dúinn, le oibrithe an 'Caifé Glas', agus leis an gCultúrlann. Buíochas le Mairéad Ní Scanláin ó Phléaráca a d'eagraigh an turas agus le Co-operation North a chuir airgead ar fáil dó. Is fada linn go dtiocfaidh muintir Bhéal Feirste go Conamara, leis an nasc eadrainn a dhlúthú.

Tá a fhios agamsa i mo intinn féin gur mhothaigh mé difriúil agus mé ag filleadh abhaile. Bhí iontas orm le spiorad breá an phobail, suáilceas na ndaoine tar éis na mblianta fada dena trioblóidí. Le cúnamh Dé mairfidh an suaimhneas!





Foireann oibre Mheitheal Forbartha na Gaeltachta (MFG): (ó chlé) Séamas Ó Gallchoir (Oifigeach Réigiún Dhún na nGall); Sairí Ní Fhlatharta (Oibrí Fiontair, Connacht/Na Mí) Antóin Ó Sé (Príomhfheidhmeannach agus Oifigeach Réigiún, Gaeltachtaí na Mumhan) agus Ivan Mac Philip (Oifigeach Réigiún, Connacht/Na Mí).

Pic: T. Ó Céidigh

LEADER II

Tá Clár LEADER II don Gaeltacht réidh le tosú. Céard é Leader? Céard tá Leader ag iarraidh a bhaint amach? Cén cineál togra a fhaigheann cúnamh airgid tré LEADER? Cén caoi ar féidir cúnamh a fháil ó Leader? Chuaigh Úna Ní Cheannabháin chun cainte le IVAN MAC PHILIP, atá ina Oifigeach Réigiúnach le Meitheal Forbartha na Gaeltachta (MFG) - an eagraíocht atá i bhfeidhil Clár Leader na Gaeltachta.

Is as Gaeltacht Dhún na nGall do Ivan Mac Philip ó thúis. Tá oifig réigiúnach MFG lonnaithe sna hAille, Indreabhán, trasna an bhóthair ó Ghairmscoil Chomchille agus is ann atá Ivan ag obair in éindí le Sairí Ní Fhlatharta ó Bhaile na hAbhann. Tá Sairí fostaithe mar oifigeach fiontair faoi scáth LEADER don réigiún Connacht/Na Mí.

Mhínigh Ivan dhom gur focal Fraincise é Leader, a sheasann do "Liaison entre actions et développement d'économie rurale" agus is clár Eorpach é le forbairt tuaithe, a chothú.

Cuireadh Meitheal Forbartha na Gaeltachta ar bun i 1991 le clár LEADER I a reachtáil sna ceantacha Gaeltachta.

Is comhpháirtíocht atá i MFG idir pobail na Gaeltachta, An Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta. Tá structúr an-chasta ag MFG. Tá an Gaeltacht roinnte i dtíre réigiún - Gaeltachtaí na Mumhan, Gaeltacht Dhún na nGall, Gaeltacht Chonnacht agus na Mí. Tá coiste réigiún de 11 comhalta ag gach réigiún—9 ionadaí pobail, duine ón Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta chomh maith

le ionadaí ó Údarás na Gaeltachta. Ar bharr ar fad tá Coiste Láir ann ar a bhfuil beirt ionadaithe ó gach ceann dena coistí réigiúnacha chomh maith le Traolach Ó Laoghraire ó Údarás na Gaeltachta agus Michael Keane ón Roinn Eacnamaíochta, Ollscoil na Gaillimhe. Sé Pádraig Ó Dúrcáin atá ina Chathaoirleach ar an gCoiste Láir. Is faoin gCoiste Láir atá an cinneadh deireannach le déanamh faoi iarratas ar bith.

Siad na comhaltaí pobail atá ó Chonamara ar an gcoiste réigiún do Chonnacht/Na Mí ná iad seo leanas: Gearóid Ó Cosgordha - ceantar Chonamara Thiar; Peadar Tommaí Mac Donncha (An Cheathrú Rua) - Na hOileáin agus An Cheathrú Rua; Peatsaí Mac Fhlanncha (Na Forbacha) - Cois Fharraige; Áine Bhreathnach - Dúiche Sheoighe; Tommaí Ó Cadhain (Maigh Chuilinn) - Dúiche na Coiribe. Donncha Ó

Gallchoir ón Corrán, Co. Mhuigheo atá ina Chathaoirleach ar Choiste Réigiúnach Chonnacht/Na Mí. Tá Donncha Ó Gallchoir agus Pádraig Mac Donncha (Ráth Chairn) ar an gCoiste Láir do Chonnacht/Na Mí.

Thug MFG tré chlár LEADER I cúnamh le haghaidh 350 togra sna ceantacha Gaeltachta ar fad. Dúirt Ivan Mac Philip liom gur tháinig 225 togra ó dhaoine príobháideacha agus tháinig an 125 eile ó eagraíochtaí pobail. D'éirigh le LEADER I 193 post lánaimsire, 137 post páirtaímsire agus 185 post séasúrach a chruthú leis an £1.65 milliún a cuireadh ar fáil dóibh.

Tá méadú 55% fáighte ag MFG le Clár Leader II a fheidhmiú. Deir Ivan gur é seo an méadú is mó airgid agus an tarna % méadú is mó, a tugadh do aon eagraíocht forbartha faoi chlár Leader. "Is léiriú é sin ar chomh maith is a bhí ár bplean. Bhí plean an-chumasach curtha le chéile againn."

Beidh ar MFG 20% den chostas riaracháin a bhailiú iad féin. Níl sé socraithe fós cén chaoi a ndéanfar é sin a dhéanamh.

Chomh maith le postanna agus saothrú a chur ar fáil do dhaoine sa Gaeltacht, chuir MFG 'Ón mBonn Aníos', plean cuimsitheach turasóireachta don Gaeltacht, le chéile. Sé an bunsmaoineamh atá sa phlean turasóireachta go mba chóir úsáid a bhaint as an nGaeilge 'mar phríomhfheidhiciúil' leis an turasóireacht a chur chun cinn sa Gaeltacht.

Is ar thograí turasóireachta a caitheadh an chuid is mó den airgead -54%-faoi Clár LEADER I sa Gaeltacht. Chuir LEADER mar shampla, cúnamh ar fáil chun an Brú breá atá in Inis Oirr, a bhunú agus chun an húicéar "An Fámaire" a thógáil agus a fheistiú amach le haghaidh saoire mara do thurasóirí. Is ar thurasóireacht cultúrtha a bhéas go leor den bhéim faoi chlár LEADER II chomh maith.

Creideann Ivan gur féidir an Ghaeilge a úsáid le turasóirí a mhealladh chun na Gaeltachta. "Tá daoine ag iarraidh an cultúr a fheiscint timpeall orthu nuair a thagann siad go Gaeltacht Chonamara. Mar shampla tá sé fáighte amach againn go bhfuil turasóirí ó

thíortha eile ag iarraidh fanacht i dtíthe ina bhfuil Gaeilge le cloistéal ag an teaghlach."

Admhaíonn Ivan go bhfuil sé deacair go minic a chur ina lú ar dhaoine sa Gaeltacht go mba chóir an Ghaeilge a úsáid i bhfógraíocht, ar bhiachlár agus le custaiméirí. "Nuair a bhíonn duine ag tiomáint anoir ó Ghaillimh, ní bheadh fhios agat go bhfuil tú i gceantar ina labhartar Gaeilge. Chuirfeadh sé iontas ort an méid turasóirí a bhíonn i dteangbháil linne ag gearán faoi na fógraí i mBéarla amháin a bhíonn le feiscint sa Gaeltacht. Ní thuigeann daoine ó thíortha eile a thagann ag an nGaeltacht ar saoire cén fáth nach mbaintear úsáid as an nGaeilge ar fhógraí móra agus comharthaí bóthar i gceartlár na Gaeltachta."

Tugann Ivan an-mholadh don eagraíocht Gaillimh le Gaeilge agus an obair mhór atá déanta acu le roinnt blianta anuas, le go mbeadh Gaeilge le feiscint i bhfógraíocht gnó. Tá níos mó Gaeilge le feiscint ar bhiachlár i gcathair na Gaillimhe ná mar a bhíonn le feiscint ar bhiachlár i roinnt dena bialainn i nGaeltacht Chonamara. Deir Ivan Mac Philip go mb'fhéidir go dteastaíonn eagraíocht Chonamara le Gaeilge i nGaeltacht Chonamara lena chur ina lú ar lucht gnó anseo gur tairbhe dóibh an Ghaeilge chomh maith le Béarla a úsáid i bhfógraíocht, atá dírithe ar thurasóirí.

Céard a bhéas ar bun faoin gclár LEADER II?

- Tá sé i gceist ag MFG cúnamh a thabhairt faoi LEADER II le margáíocht a dhéanamh ar 'Saoire Gaeil' - pacáiste saoire a thabharfaidh deis don chuairteoir cultúr beo na Gaeilge a bhlaiseadh sa Gaeltacht.
- Tá sé i gceist feachtas margáíochta 'Déanta sa Gaeltacht' a thosnú, le ceardalocht d'ardchaighdeán a dhíol.
- Cuirfear seirbhís comhairleoireachta ar fáil do eagraíochtaí pobail agus daoine príobháideacha chun bainistíocht a chuid gnótha a neartú.
- Eagrófar cúrsaí oiliúna.
- Cuirfear seirbhís eolais ar fáil do dhaoine a bhfuil gnó beag acu sa Gaeltacht.

Deireann Ivan go mbeidh tús áite tugtha 'dona ceantair neamhfhorbartha' faoi chlár LEADER II.

Seo leanas an leibhéal cúnamh a bhéas ar fáil ó MFG do thograí faoi Chlár Leader II, a shasaíonn na coinníollacha atá leagtha síos:

- Deontas suas go
- 80% den chostas suas go £5,000 le haghaidh Staidéar Féidireachta a dhéanamh ar thogra forbartha.
- 20% cúnamh le áiseanna lóistín a chur ar fáil i gceantacha a bhfuil éileamh ar lóistín agus a bhfuil ganntanas lóistín ann cheana.
- 50% den chostas le margáíocht a dhéanamh.
- 100% den chostas do thograí a bhaineann le forbairt pobail.
- 50% le haghaidh oifigí turasóireachta a reachtáil.
- 50% le haghaidh áiseanna turasóireachta a fhorbairt.
- 50% le haghaidh tograí cultúrtha.
- £5000 nó £100 sa tseachtain mar dheontas fostaíochta.

Céard tá le déanamh ag duine nó ag eagraíocht más mian leo buntáiste a bhaint as Clár LEADER II? Bhuel tá foirm iarratais réasúnta simplí ag MFG le líonadh i dtosach. Deir Ivan go gcuideann sé go mór le duine atá ag déanamh iarratais go mbeadh an obair baile déanta acu roimh ré agus go gcuirfí ar fáil do MFG an oiread eolais agus a chabhródh le MFG cinneadh a dhéanamh.

Seoltar na foirmeacha agus aon eolas breise ag Ivan Mac Philip, MFG, Na hAille, Indreabhán agus má tá bunús maith leo cuirfidh Ivan an t-iarratas os comhair Coiste Réigiún Chonnacht/Na Mí. Má ghlactar leis an iarratas ag an leibhéal sin téann sé ansin os comhair an Choiste Láir. Tá Ivan agus Sairí ar fáil san oifig sna hAille (091-93410) le eolas, comhairle agus cúnamh a thabhairt do dhaoine nó do choistí atá ag smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar MFG le cúnamh a fháil faoi Chlár LEADER le togra a chur chun cinn.

Go n-éirí go geal le Pléaraca Chonamara

Feilm Éisg Chuigéil Teo.

An Bóthar Buí, An Cheathrú Rua

Teil: 091-595018

BREANDÁN Ó TUAIRISG CONRAITHEOIR TÓGÁLA

LOCHÁN BEAG, INDREABHÁN,
CO. NA GAILLIMHE

FÓN: 091-93201

Uachtarán nua an Chonradh

Toghadh Gearóid Ó Cearbhalláin ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge mí Bealtaine seo caite. Béal Feirsteach go smior é Gearóid, lán le fuinneamh agus smaintí. B'é a bhí ina eagarthóir ar LÁ, an páipéar Gaeilge seachtainiúil a fhoilsítear i mBéal Feirste. Chas Úna Ní Cheannabháin agus Bríd Ní Chartúr leis an Uachtarán nua ag an gceolchoirm mór faoin aer a d'eagraigh an Conradh, ar pháirc Choláiste Chonnacht an mhí seo caite, le eolas a fháil ar céard a bhí i gceist aige a dhéanamh le Conradh na Gaeilge.

Admhaíonn Gearóid Ó Cearbhalláin, cé go bhfuil brí i ngluaiseacht na Gaeilge nach raibh ann le fáda an lá, go bhfuil Conradh na Gaeilge 'imeallaithe' i saol na Gaeilge. Feiceann sé go bhfuil sé thar am don Chonradh na daoine atá gníomhach i saol na Gaeilge agus na Gaeltachta a mhealladh isteach sa Chonradh, sa gcaoi is go bhféadfadh an Conradh a bheith ina eagraíocht fuinniúil láidir ag labhairt ar son pobal na Gaeilge.

Níl aon chraobhacha don Chonradh gníomhach i gConamara ach tá sé i gceist ag Gearóid Ó Cearbhalláin an scéal sin a chur ina cheart. "Tá brí agus fuinneamh mór ins an bpobal Gaeilge i gConamara agus ba mhaith liom go mbeadh an bhrí sin sa Chonradh. Sílim gurbh é an rud a chaithfidh mise a dhéanamh, a thaispeáint do dhaoine an tábhacht atá le eagraíocht Ghaeilge agus na buntáistí a bhaineann le Conradh na Gaeilge. Ba mhaith liom dul ag na daoine atá ag tiomáint na dtionscnamh Gaeilge éagsúla i gConamara, an dearcadh atá agamsa faoi Chonradh na Gaeilge a mhíniú dóibh, le go dtiocfadh cuid acu seo isteach. B'fheidir go gcaithfidh muid Conradh na Gaeilge a athrú agus é a chur in oiriúint don rud atá ann."

Ní labhrann Gearóid Ó Cearbhalláin faoi 'Athbheochan na Gaeilge' ná 'Aithréimniú na Gaeilge' — an aidhm is mó a luaitear le Conradh na Gaeilge. Ina áit labhrann sé faoi 'pobal na Gaeilge' a thabhairt le chéile faoi bhrat an Chonradh sa gcaoi is go mbeidh an Conradh in ann labhairt ar son 'pobal na Gaeilge'. Dar le Gearóid is ionann 'pobal na Gaeilge' agus duine ar bith, bíodh siad sa Ghaeltacht, i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste nó in áit ar bith eile, an fhad is go bhfuil siad ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid mar phríomh theanga. Aithníonn sé nach bhfuil mórán cosúlachtaí idir grúpaí éagsúla den phobal Gaeilge. "Tá aitheantas dhá iarraidh againn, tá cearta áirithe uainn, caithimid a

bheith in ann ár dteanga a úsáid agus a bheith beo i siúlomh Pro-Ghaelach. Tá airgead rialtais iontach tábhachtach chuige sin. Ach ní thig leat dul i bhfeidhm ar aon rialtas mura bhfuil tú eagraithe."

Creideann Gearóid Ó Cearbhalláin go mba chóir go mbeadh tionchar ag Conradh na Gaeilge ar an rialtas. "Ar bhealach sa tréimhse áirithe seo tá muid mílte sa mhéid is go bhfuil Aire Gaeltachta ann atá iontach bádhúil leis an nGaeilge. Tuigeann sé rudai agus tá dearcadh deimhneach aige féin ach ní bheidh seisean ann i gcónaí ach beidh pobal na Gaeilge ann i gcónaí agus beidh riachtanaí againne agus caithimid a bheith ábalta cur le chéile agus ár gcás a chur os comhair an rialtais. Is eagraíocht náisiúnta muid agus is ceannaire náisiúnta mise. Tá an chumhacht agamsa an cas a chur os comhair na gceannairí náisiúnta ag leibhéal náisiúnta ar son eagraíocht náisiúnta bunaithe ar cheisteanna ar bith ar mhaith leis an eagraíocht a chur."

Ach admhaíonn Gearóid go bhfuil an eagraíocht lag ag an leibhéal áitiúil. "Tá leagan amach náisiúnta againn ach níl an chumhacht áitiúil againn go fóill. De réir mar a chruinníonn muid neart ag leibhéal áitiúil is amhlaidh is cumhachtaí a bheidh an guth náisiúnta. Sílim má tá muid chun cuspóirí áirithe a bhaint amach caithimid teacht le chéile agus seasamh le chéile agus guth aontaithe a bheith againne agus sin an tábhacht le Conradh na Gaeilge."

Tá an-dóchas aige go dtiocfaidh fás mór ar an nGaeilge agus pobal na Gaeilge. Deir sé gur tharla sé i ngnéithe eile den chultúr Gaelach — ón spóirt go dtí an ceol — agus go dtiocfaidh sé faoin nGaeilge chomh maith

Luann sé TnaG mar shampla den méid ar féidir a bhaint amach trí bhrú a chur ar rialtas. "Ach tá fiche ceist ann agus ní dóigh liom go gcuireann pobal na Gaeilge go leor brú ar an

Rialtas agus fiú nuair a chuireann, de thairbhe nach bhfuil muid chomh láidir sin, ní gá dóibh fiú agus éisteacht. Ach de réir mar a chruinníonn muid neart sílim go mbeidh orthu éisteacht. Má chuireann muid le chéile beidh muid láidir agus éisteacht an Rialtas le láidreacht agus níl aon amhras faoi sin. Caithimid bealaí oibre nó bealaí troda, más mian leat, a oibriú amach. Ní bheidh siad i gcónaí mar an gcéanna ar chuide cheist. Tá na daoine is díograsaí agus is fuinniúla sa tír páirteach i dtionscnamh éagsúla i ngluaiseacht na Gaeilge agus dá dtiocfadh linn na daoine sin a tharraingt le chéile, más féidir linn iad siúd a fháil ceangailte le Conradh na Gaeilge beidh guth againn agus bheadh eagla ar rialtas ar bith gan éisteacht leis."

Céard é dearcadh Gearóid ar mheath na Gaeilge sa Ghaeltacht i measc an dreama óig? Deir sé go bhfuil sé cineál faisíúnta do dhaoine óga Béarla a labhairt sna ceantacha Gaeltachta agus síleann sé go gcaithfear an Ghaeilge a dhéanamh faisíúnta. Sin ceann de na cúiseanna a eagraíodh an ceolchoirm i gColáiste Chonnacht le bannaí ceoil ar nós Éinniú, Na Firéin agus Bréag. "Caithfidh muid fómhá nua aimseartha agus bríomhar a chur chun tosaigh ó thaobh na Gaeilge de. Níl aon amhras orm ach go mb'iad na daoine óga a spreag an réabhlóid ceoil, spóirt agus rince. Siad na daoine óga a spreagfaidh an réabhlóid sa nGaeilge agus a iompróidh an Ghaeilge ar aghaidh ins na glúnta eile. Caithfidh tú úsáid a bhaint as na meáin chumarsáide leis an nGaeilge a dhéanamh faiseanta agus caithfidh tú úsáid a bhaint as an gcóras faiseanta atá ann i láthair na huair. Leanann daoine óga ceol, réaltaí scannán, teilifís agus rudai mar sin. Caithimid na bealaí sin uilig a úsáid. Rud amháin atá fíor faoi dhaoine óga, níl siad sásta an chrois a iompar níos mó. Ní raibh siad ariamh sásta an chrois a iompar. B'fheidir go raibh barraíocht de iompar croise ag baint le gluaiseacht na Gaeilge. Má cheanglaítear an teanga le spóirt, le spraoi, le saol sultmhar; má thaispeánann muid gur féidir buntáiste aird a bheith ann; más féidir linn a thaispeáint go bhfuil i bhfad níos mo seans agat post a fháil má tá Gaeilge agat sílim go gcuideoidh sé cuid mhór. Sílim go meallfadh sé sin daoine óga. Ní gá dúinn iad a bhuailleadh le bata cultúrtha le iad a choinneáil ar an dtaobh sin againne."



Trí ghlún fonnadóirí: Michael Mháire a' Ghabha Ó Ceannabháin; a mhac Paul agus a mháthair Máire a' Ghabha. Beidh an triúr acu le cloisteáil ag an oíche seanchais, scéalaíochta agus amhránaíochta i Scoil na hAirde, Cáma, ar an Luan, 11 Meán Fómhair, áit a bheas Eddie Bheartla Ó Conghaile ina fhear an tí. (pic: Bob Quinn)



TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE
Amharclann Náisiúnta na Gaeilge Teo.

180 suíocháin
Aiseanna Cleachtadh

Seó Samhraidh
Seirbhísí Riaracháin

DRÁMAÍOCHT DO GACH DUINE!

Má tá aon eolas uait faoi imeachtaí nó aiseanna na Taibhdhearca, téigh i dteangbháil linn nó buail isteach chuig:

TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE
An tSráid Láir,
Gaillimh

Teil: 091-562024 (oifig); 563600 (1-6pm áirithint)
Facs: 091-563195

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO

Ionad Fiontraíochta, Ros Muc, Conamara
Teil: 091-74355 Fax: 091-74356

BIA • UISCE
MONATÓIREACHT TIMPEALLACHTA

TOMÁS O'HARE & ASSOCIATES (T. Ó hÁr Teo.)

Design & Preparation of Quality Assurance Systems (ISO 9000, Q Mark)
Quality Assurance In-House Training
Independent Produce/Systems Auditing
Customised Software Development
Production & Engineering

Seirbhís Ardchaighdeán ar fáil


4 Waldemar Terrace, Dundrum, Dublin 14
Teil: 01-2961101 Facs: 01-2988309
nó Ros Muc, Conamara Teil: 091-74377

'Cóilín Phádraig Shéamais' ag dul go Sasana

Tá an gheamaireacht **Cóilín Phádraig Shéamais** a scríobh Joe Steve Ó Neachtain do Phléaráca, le taisteal go Londain sa bhFómhair. Léireofar 'Cóilín Phádraig Shéamais' ar an Domhnach 29 Deireadh Fómhair, in Ionad na nGael (The Irish Centre) i gCamden Square. Chonaic os cionn 3,000 duine 'Cóilín Phádraig Shéamais' mí na Márta seo caite, nuair a leiríodh an gheamaireacht i hallaí pobail ar fud Chonamara agus Árann. Sé Trevor Ó Clochartaigh a léirigh 'Cóilín Phádraig Shéamais' do Phléaráca.

Tá sé i gceist ag Pléaráca 'Cóilín Phádraig Shéamais' a chur ar stáitse uair amháin i gConamara, uair amháin i dTaibhdhearc na Gaillimhe agus i Ráth Cairn sular dtéann siad go Londain leis. Anuraidh cé gur thaisteal Pléaráca go Ráth Cairn, níor éirigh leo an gheamaireacht a léiriú mar gur fágadh na cultacha i gConamara ach cuireadh coirmcheol ar an stáitse ina áit.

"Beidh orainn 50 duine a thabhairt go Londain. Cosnóidh sé sin £5,000. Beidh orainn an tairgead sin a aimsiú roimhré. Ach os rud é gurb é an imirce buntéama 'Cóilín Phádraig Shéamais' shíleamar go mba chóir dúinn



Tommai Steven Ó Nia ó Ros Muc dhá réiteach le dul ar stáitse. B'é Tommai a bhí i bpáirt Micil sa gheamaireacht 'Cóilín Phádraig Shéamais' Pic: Bob Quinn

é a thabhairt go Londain le deis a thabhairt do na mílte duine as Conamara sa gcathair sin, geamaireacht Joe Steve a fheiceáil. B'fhéidir go spreagfaidh sé

roinnt acu le filleadh abhaile agus jabanna a thógáil san tionscail teilifíse!" adúirt Donncha Ó hÉallaithe (Cathaoirleach Pléaráca).



Cuid de na hionadaithe óna tithe tábhaithe a thóg páirt sna comórtais saighid a reachtaíleadh i dTigh Mheaic (Cárna) le linn Phléaráca Chonamara anuraidh. B'é Larry Keady (ionadai Tigh Darby) a ghnóthaigh

comórtas na bhfeir anuraidh agus b'i Bairbre Nic Dhonncha (Tigh Anraí) a ghnóthaigh Comórtas na mBan. Beidh na comórtais saighid ar bun arís i dTigh Mheaic ar an Domhnach 10 Meán Fómhair (pic: Aodán Ó Conchúir)

TIGH CHÓILÍN CONROY

Indreabhán Teil: 091-93386

Ollmhargadh & Stáisiún Seirbhíse
Oscailte 7 lá na seachtaine 8am – 10pm

Grósaelrí • Gual • Nuachtáin • Cadhnairí
Stroighín • Deisiú boinn pollta

Go n-éirí leis an bPléaráca



Dearadh JEK

An Monarchan, Loch an Mhuilinn,
Gleann Mór, An Cheathrú Rua Teil: 091-595338

Seodra airgid dea-mhianaithe
lámhcheardaithe



Cláraigh le Conradh na
Gaeilge agus glac páirt
inár gcuid oibre
ar son na Gaeilge

CONRADH NA GAEILGE
6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Teil: 01-4757401

Tigh Mhic Oireachtaigh

Cárna Fón: 095-32239 Facs: 095-32333

Ollmhargadh Nua-Aimsireach
Togha na Feola i Rannóg an Búistéara
• Lotto • Arán Baile • Cácaí Milse • Cácaí Úlla •
• Bureau de Change • Western Union • Eangachaí •
• Rópaí • Ruógaí •

Tabhair tacaíocht do do shiopa áitiúil
Os cionn 100 bliain ag freastal ar an bpobal

Tigh Mheaic

Cárna 095-32240

Teach Tábhairne agus Brú
suite ar Bhruach na Farraige
faoi bhun an tSléibhe

Tránna áille agus ciúnas



An Comhlachas
Náisiúnta Drámaíochta

3 Dhráma Gaeilge ag Féile Amharclainne
Átha Cliath in Amharclann Choláiste Mhuire

6 & 7-10-95: **Idir Dhá Shorcas** ag Aisteoirí na Tíre
13-10-95: **Le Cuimhne na nDaoine** ag Aisteoirí na hOllscoile, Gaillimh
14-10-95: **An tOcras Mór** ag Aisteoirí Chúil Aodha.

Áirithint: An Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, B.Á.C. 01-4783814

SAORTHA CHAMUIS
TEORANTA

Tógálaí Kayak

Camus, Co. na Gaillimhe
091-74202

Aimsiú nó ionradh?



An tAth. Gearóid Ó Fatharta (Na hAille, Indreabhán) nó Gerry Willie mar is fearr aithne air, in éindigh le grúpa daoine óga ón mBreasail, lena mblionn sé ag obair.

SA MBLIAIN 1992 COMÓRADH AR FUD Mheiriceá Theas 500 bliain ó aimsiú na h-ilchríche sin. Bhí a mhacasamhail céanna de chomóradh san Madre Patra, An Spáinn agus An Phortaingéil.

Deir an stair oifigiúil linn gur aimsigh na Spáinnigh tíortha labhartha na Spáinnise agus na Portaingéilise Ibha Españnhola nó An Bhreasail thart faoin mbliain 1492. Má théann muid níos faide leis an scéal, níl sé rí-thábhachtach ceist amháin a chur díreach agus sí sin ceard is ciall le 'aimsiú' tíortha Mheiriceá Theas.

I leabhar staire ar bith a phiocas duine suas, léighfidh sé nó sí gurbh iad na h-Eorpaigh a 'd'aimsiigh' tíortha Mheiriceá Theas. Tá fhios ag an domhan mór anois sul má chuir Eorpach ar bith cois ar na tailte seo go raibh pobal mór

daoine ansiúd lena dteanga, a gcultúr agus a gcreideamh fhéin. Níl fhios againn go cruinn cén daonra a bhí ann, deir foinnsí áirithe idir 70-90 milliún. Bhí suas le 2,200 cultúr agus teanga difriúil ann, lena gcreideamh agus a nDia beo féin.

Ba í seo an cinéal domhan a shroich na h-Eorpaigh timpeall na bliana 1492 agus thosaigh siad ar 'craobhscaoileadh' an chreideamh agus an t-sibhéalachas. Ach cén sort Críostaíocht agus sibhéalachas? Sibhéalachas agus Críostaíocht nár thug aitheantas nó omós don chultúr, ach níos measa fós a chloí an cultúr céanna sin.

I rith na gcéadta bliain rinne na h-Eorpaigh slad uafásach, náireach. Sampla amháin dhó sin ná cás Haiti. Nuair a shroich Columbus an tír i 1492 bhí daonra 300 míle Indiach ar an oileán;

sa mbliain 1508 ní raibh ann ach 57 míle. Tharla an cinéal 'glanadh' seo sna tíortha ar fad. Mar gheall ar chúiseannaí go leor thosaigh na Portingéiligh ag tabhairt isteach sclábhaithe dubha ón Aifric go dtí An Bhreasail ag tosáil timpeall na bliana 1529. Tugadh isteach ar fad timpeall 5 mhiliún sclabhaí. Sul má cuireadh an sclábhail ar bhord loinge san Aifric, laistíodh é nó í, agus brandáilíodh comhartha na croise orthu le iarann te. Chiallaigh sé seo dhá rud: go raibh an cháin 20% íoctha leis an Rí agus go raibh na sclábhaithe baistithe. Ní raibh teagasc ná soiscéalachas ar bith i gceist ag an am sin.

Is sa mbliain 1888 a cuireadh an sclábháíocht ar ceal go h-oifigiúil. Ach de réir figiúirí oifigiúla an stáit, tá os cionn 42 milliún gasúr ar na sráideanna inniu. Tá siad ocrach, dearóil, gan dídean, gan scoil ná cóir leighis, agus is dubh atá siad. Agus tá na hIndiachaigh dhá sladadh chuile lá.

Críochnóidh mé leis an doiciméid a thug ionadaí ghrúpa Indiachaigh don Phápa Eoin Pól II i rith ceann dhá chuid turais go Peru.

"Muide daoine thíortha na nAndes, ba mhaith linn an seans seo a thapú le do Bhlobla a thabhairt ar ais duit, mar i rith chúig chéad bliain níor thug sé inár mbealach grá, ná síochán, ná ceart ná cóir. Le do thoil tóg do Bhlobla agus tabhair ar ais d'ár dtíoránaí í mar is cosúil gur géire a theastalonn a theagasc móralta uathu siúd ná uainne. Ó shroich C. Columbus na tailte seo brúadh síos ár scórnaigh luachanna, cultúr, creideamh agus teanga na hEorpa."

Agus muid ag ceiliúradh, ag spraoi, agus ag pléaraca smaoineoidh muid siar beagáinín. Nach muid clann an ghorta mhóir. Cén chaoi ar caitheadh linn i Meiriceá agus muid ar imirce —'No Irish need apply?'

Cén chaoi an gcaitheann muid féin le mionlaigh, leis an lucht siúil mar shampla? Tá fáiltíorm orm nach go han-mhaith é.

—An tAth. Gearóid Ó Fatharta



Karaoke sa gCrúiscín!

An Crúiscín Lán mar a bhí nó Tigh Tom Johnny mar a glaoth air ag an am. Ceaptar gur tógadh an pictiúr thart ar 1950. Is sa teach seo a bheidh an chéad Karaoke ariamh trí Ghaeilge ar siúl ar an Domhnach 10 lá mar chuid de Phléaraca Chonamara.

Sa phictiúr ar chlé tá Séamas Ó Cualáin a chur an seanghrianghráf seo ar fáil dúinn.




Banc Aontas Éireann

An Cheathrú Rua
Teil: 95218

Ar Oscailt:
Luain; Déardaoin; Aoine
10.30-12.30pm
1.30-3pm

Go n-éirí go geal le
Pléaraca Chonamara!

PÁDRAIC Ó SÉAGHDHA



Ros an Mhíl, Baile na hAbhann
Teil: 091-72132

OLLMHARGADH

Go n-éirí go geal le Pléaraca Chonamara

J. WALSH MP&I

• COGASLANN •

An Spidéal, Teil: 091-83201

Go n-éirí go geal leis an Pléaraca

An Crúiscín Lán

An Spidéal, Conamara
091-83148


Beár, Bia na Mara
Ceol & Craic

Go n-éirí go geal leis an Pléaraca



Máire Treasa Griffin, Caitlín Uí Chualáin agus Peigi Uí Chualáin — a ghnóthaigh an chéad áit i Rása Curachaí na mBan in Anach Mhedín le linn Phléaráca Chonamara anuraidh. Ar an Dóilín a bheas Rása na mBan i mbliana.
pic: Aodán Ó Conchúir

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca



HOFNAFLÚS Teo,
Casla, Conamara 091-572550

SIN SIN

TEORANTA

CILL BHRIOCÁIN, ROS MUC 091 - 74349

TREVOR Ó CLOCHARTAIGH,
STIÚRTHÓIR/LÉIRITHEOIR

Feicfidimid ag an bPléaráca sibh!

TIGH LEAVY

**BEÁR & DEOCHLANN
BIALANN & SIOPA**

CILL CHIARÁIN, CONAMARA
FÓN: 095 - 32230

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara

Tigh Cholchúin

An Cheathrú Rua

**SIOPA GRÓSAERA
& TÉIPEANNA CEOIL**

Teil: 091-595164



CUMANN DORNÁLAÍOCHTA ROS MUC/CAMUS

Na dornálaithe óga ó Chonamara a thaisteal go Meiriceá an mhí seo caite. Bhí an turas eagraithe ag Cumann Dornálaíochta Ros Muc/Camus. D'éirigh thar barr leo thall, deirtear linn. Ar chúil (ó chlé): Cóilín Ó Conghaile, Leitir Mucú, Camus; Cristopher Breathnach, Rosmuc; Cóilín Ó Catháin, Leitir Móir; Máirtín Ó Gríofa, Leitir Móir; Peadar Breathnach, Camus; Máirtín Ó Mainín, Camus Iochtair Sa Idr; Darach Ó Dubháin, Muicineach, Camus; Micheál Ó Cuanaigh, Muicineach, Camus; Tomás Ó Gríofa, Leitir Móir; Damien Lee, Caiseal. Chun tosaigh: Pádraig Mac an Rí, Tír an Fhia, Leitir Móir; Pádraig Ó Ceallaigh, Leitir Móir; Gary Ridge, Caiseal; Micheál Ó Ceallaigh, Leitir Móir; Roibéard Ó Bheiligh, Camus Iochtair; Francis Nee, Caiseal.

Turas Dhornálaithe Óga Ros Muc agus Camus go Boston

'Níor chaill fear an mhisnigh ariamh é — go deimhin níor chaill! Ach don té nach raibh i Florian Hall, Quincy, an oíche céanna, is cinnte gur chaillleadar oíche shonrach.

Anseo a throid dornálaithe óga Chamus agus Ros Muc in aghaidh fóime áitiúla Bhothon. Thosaíodar thar cionn agus níor ligeadar a gcuid maidí le srutha aon am. Thugadar taispeántas briomhar le spiorad agus spreacadh láimh ó thús go deireadh. Maidir leis an lucht féachana — b'iad a bhí coinnithe ar a gcosa i gcaitheamh an ama. Ba mhinic a gcríoithe ag buaileadh níos sciobthaí ná an cloigin a bhí ag fógairt deireadh na mbabhtáí. 'Tá sé agat anois, coinnigh leis!' a d'fhógair an macalla misiúil timpeall an halla.

B'é Tom Clifford fear fístéipe na hócáide. Is garr go gcaolfar imeachtaí na hoíche ar a chlár rialta 'On The Move'. Ag deireadh na hoíche bronnadh duais speisialta ar Dhara Ó Dubháin as a ardchaighdeán dornálaíochta. Go gairid ina dhiaidh sin thug an tAthair Ó Gríofa, sagart paróiste Chamuis, óráid spéisiúil i nGaeilge agus i mBéarla. Ní fhéadfaínn mo pheann a leagan uaim gan buíochas a ghabháil leis an slua mór as Conamara a rinne an aistear fada lena bhfoireann dúchais. Tá súil agam nach fada eile go mbeidh oíche Chonamarach eile againn i gcalphort Bhothon.

Shaun Ó Cualáin
(Boston & Corr na Rón)

Ceol na Mara

An Spidéal

Lóistín, Bialann & Beár

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

PÁDRAIG Ó CONGHAILE SIOPADÓIR

Camus Uachtar,
Camus, Co. na Gaillimhe
091-574199

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Oiliúnt Teilifíse...

Bíonn go leor daoine óga ag fiosrú cén chaoi le post a fháil i dtionscail na teilifíse. Ní féidir post a fháil gan oiliúnt ar ndóigh. Tá cúrsa oiliúna coicise do thosnathóirí le tosnú ar an 11 Meán Fómhair sa Spidéal. Tá an cúrsa dhá reachtáil ag Gaelmedia li gcomhar le Údarás na Gaeltachta.

Tuilleadh eolais: (091) 592888.

Bunscoileanna físeáin

Beidh Pléaráca ag tosnú cúrsaí i mbunscoileanna físeáin do thosnathóirí i mí Dheireadh Fómhair. Beidh ranganna ar bun i Ros an Mhíl; Ros Muc; Cill Chiaráin agus ionad ar bith eile a bhfuil éileamh ar chúrsa. Do na daoine a dhéanann cúrsaí le Pléaráca, beidh comórtas físeáin, urraithe ag Telegael agus Údarás na Gaeltachta, ar bun níos deireanaí sa bhliain le duaischiste £1000 ar fáil dona buaiteoirí.

Is féidir níos mó eolais faoi na cúrsaí seo a fháil ó oifig an Phléaráca (091-574346). Is tré Ghaeilge a reachtáiltear cúrsaí an Phléaráca.

Aisteoireacht don teilifís

Más spéis leat an aisteoireacht don teilifís beidh cúrsa ar bun sa Galway Film Centre ar an 7 Deireadh Fómhair faoi stiúir an sár scannánadóir Bob Quinn.

Tá eolas le fáil faoin gcúrsa seo ón uimhir 091-770748.

Díograis. Is í an díograis crolár na forbartha cruthaithí. I mBanc na hÉireann, táimid díograiseach i solathar an raon is samhlaith agus is úsáid de sheirbhís bainceireachta. Táimid díograiseach freisin i bhforbairt agus i dtácu leis an dtailiann as a n-eascairíonn smaointe naithe agus lionscnamh.



Banc na hÉireann

An Rí Marc agus a Chluasa Capaill

I mbliana mar chuid den fhéile cuirfear an dráma "An Rí Marc agus a Chluasa Capaill" ar stáitse do ghasúir bunscoile Chonamara. Cé gur dráma i mBriotáinis atá i gceist, beidh sé an éasca do gasúir na Gaeltachta an scéal a leanacht. Tá an comhlacht drámaíochta "Ar Vro Bagan" ón mBriotáin, a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu, ag tíoct go hÉireann ar chuireadh ó Phléaráca Chonamara.

Maireann an dráma "An Rí Mar" thart ar 50 nóiméad. Tá sé dírithe ar an aoisghrúpa 4 - 12. Cuirfear ar stáitse é i mBriotáinis agus beidh tráchttaireacht Ghaeilge leis, sa gcaoi is go mbeidh fhios ag na gasúir céard tá ag tarlú ar an stáitse. Tá an dráma féin bunaithe ar an sean scéal Ceilteach faoin rí a raibh cluasa capaill air, scéal atá le fáil sa mBriotáin, sa mBreatain Bheag, i gCorn na Breataine, agus in Albain — agus in Éirinn mar "Labhraí Loingseach".

Tugtar scéal an dráma anseo thíos.

AN SCÉAL

Fadó, fadó ó shin ar Karn, oileáir beag in aice le Porsall sa mBriotáin, a bhí an caisléan inar tógadh an rí Marc. Bhí an-tóir ag an rí Marc ar an bhfiach, agus ó mhaidin go tráthnóna d'fheicfí ag fiach é sna coillte agus sna gleannnta.

Ach má bhí tóir ag an rí Marc ar an bhfiach is mó go mór an tóir a bhí aige ar a chapall. Capall íontach a bhí inti - bhí sí chomh maith ar an bhfarraige is a bhí sí ar an talamh. Is mar

gheall ar sin a raibh Morvarich, "an capall mara" mar ainm uirthi.

Lá dá raibh an rí ag fiach, chuaigh sé sa tóir ar fhia álainn. Tharraing sé a bhogha agus scaoil sé saighead leis an bhfia. Tharla rud aisteach. In áit an fhia a bhualadh d'iompaigh an saighead ar ais agus chuaigh sé i gcroí an chapail. D'éirigh an Rí go feargach agus bhí sé leis an bhfia a mharú ach in áit an fhia fuair sé banphrionsa álainn roimhe.

"A Mharc", arsa an banphrionsa, "mar go

AMCHLÁR AR VRO BAGAN

An Rí Marc agus a chluasa capaill

TURAS AR NA SCOILEANNA NÁISIÚNTA

Dé Luain 11 Meán Fómhair:

10.00a.m. Ionad Pobail Chill Chiaráin.
1.30p.m. Tearmann na Foiméise. Camus

Dé Máirt 12 Meán Fómhair:

10.00a.m. Halla Tír an Fhia
1.30a.m. An Cheathrú Rua.

Dé Céadaoin 13 Meán Fómhair:

10.00a.m. Halla na Tulaigh
1.30p.m. An Spidéal

raibh tú ag iarraidh mé a mharú, as seo amach is iad cluasa do chapail a bheidh ort féin." Agus ón lá sin amach, bhí cluasa capaill ar an Rí Marc. Níor inis sé a scéal do dhuine ar bith, ach d'fhan ina chaisléan i bhfolach taobh thiar de chuirín mór....



Ar Oscailt:

Luan go Satharn: 10am – 5pm
Dé Domhnaigh: 2pm – 6pm

20% Lascaine i gCaitheamh an Phléaráca

CASLA, CO. NA GAILLIMHE
Teil: 091-572210 Facs: 091-572370



AN BIÚRÓ GNÓ

Treasa Dundass
Coill Sáile
Cill Chiaráin
Teil & Facs: 095-33457

Próiseáil Focail • Bainistíocht Sonraí
Cuntais • Facs • Comhfhreagras
Fótóchóipeáil

Tigh Mhóráin

Cárna

Siopa Grósaera
agus Beár

095-32244/32763

Oifig an Phoist

• CAMUS •

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara

IASC MARA

Speisialtóirí Bhia Mara

IASC MARA Teo.,
Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-572136

TURASÓIREACHT CHONAMARA AGUS ÁRAINN

OIFIG EOLAIS

COIS CUAIN, CASLA
CO. NA GAILLIMHE
FÓN/FACS: 091-572582

Gach rath ar an bhFéile



Gradam an Phléaráca

Pádraig Tom Phatch Ó Ceannabháin (Coill Sáile, Cill Chiaráin), a ghnóthaigh Gradam an Phléaráca anuraidh, as an méid atá déanta aige thar na mblianta le cultúr dúchasach na Gaeltachta a chur chun cinn.

Beidh an Gradam, atá le feiceáil ar dheis, le bronnadh ar dhuine nua ag Oíche Oscailte Phléaráca Chonamara, ar an Aoine 8 Meán Fómhair i nGalfmara, Anach Mheáin.

pic: Bob Quinn



Comhar Creidmheasa Choim Cille Teo.

Tel: 091-593421

UAIREANTA OSCAILTE

CNOC - Aoine 10.30-5.00; Sath. 10.30-3.00; Domh. 11.30-12.30; Máirt 10.30-4.00

TULACH - Sath. 11.30-12.30; Domh. 11.30-12.30

SPIDÉAL - Domh. 11.30-12.30

Tá muid ann le cabhrú leis na daoine



Baile Ard
An Spidéal
Co. na Gaillimhe
Éire

Tel: +353.91.83500
Facs: +353.91.83611

ÓST NA NOILEÁN

• TIGH LEE •

Leitir Mealláin 81161

ÓST & BIALANN

CEOL GACH
DEIREADH SEACHTAINE

Go n-éirí leis an bPléaráca



Meaircín agus Joe Clochartaigh, na saorbháid ó Mhaoinis, le model den bád deireannach a thógadar, An Meaircín Joe. Beidh borradh iontach ag tíocth faoi tógáil bád ariist i gConamara de bharr Scéim Eorpach, atá ceadaithe do Chumann Húicéaraí na Gaillimhe. "Saor Bád" atá ar an scéim agus tá £7,500 ceadaithe faoi Clár Horizon do Chumann na Húicéaraí le plan a chur le chéile chun cúrsa oiliúna do dhaoine óga ó Chonamara a chur ar bun, i dtógáil agus i ndeisiú bád seoil. Má éiríonn le Cumann na Húicéaraí plan sásúil a chur le chéile, a bheas inghlactha, ba chóir go mbeadh tús dhá chur leis an Scéim Oiliúna seo mí Eanáir seo chugainn. Ba cheart go gcuirfeadh an cúrsa seo glúin nua saorbháid ag obair agus go gcoinneodís an traidisiún lena bhain Meaircín agus Joe Clochartaigh beo i gConamara. Comhghairdeachas le Cumann na Húicéaraí.

(Buiochas le Noel Ó Tuairisg a chur an pictiúr thuas ar fáil).

TIGH TOMMY

CEOL, COMHLUADAR
& CRAIC

INDREABHEÁN FÓN: 091 - 93246

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca!

Tigh Phlunkett

Leitir Móir

• Siopa • Bureau de Change •
• Beár • Posta • Peitreal •

*'Má bhíonn tú thart
ná tigh tharais'*

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca!

Tigh an Táiliúra

An Cheathrú Rua


Beár, Ceol & Craic
gach deireadh seachtaine

CEARDAÍOCHT

Nead Síoda

• Dearthóireacht Teicstíle • Dathú •
• Éadach Lámhphriondálte •
• Lása • Fíodóireacht •

Hilairí Nic Cába
Cois Locha, Gleann Mór, An Cheathrú Rua
091-595314



Máirtín Mhichael Labhráis Breathnach -An Fear Deireannach ar Inis Eilte

Tá sé ráite gur Fia nó Eile an chiall atá leis an bhfocal 'Eilte'. Tá carraig taobh thoir don oiléan a a nglactar 'Carraig Lám na hEilte'.

Níl ar an oiléan ach teach amháin, ach tá ballaí thoir i lár an oiléain agus is dócha go raibh cónaí ann sul má tháinig mo mhuintir anseo, ach níl aon eolas cé iad fhéin. Tá an t-oiléan thart ar dhá mhíle timpeall agus is thart ar thrí scór go leith acra talún atá ann.

Sa mbliain 1892 a tháinig mo sheanathair agus mo sheanmháthair, Labhrás Breathnach agus Máire Phaitseach anseo ag maoirseacht do Chonraí. Cheithre bliana d'aois a bhí m'athair Michael Labhráis ag an am. Ní raibh aon phá ag dul dhóibh ach bhí cead acu an talamh a usáid le cur a dhéanamh - fataí, coirce is rudaí mar sin agus le eallach a choinneál. Bhí neart móna freisin ar an oiléan agus ní raibh aon chosc orthu í a bhaint le díol.

Chaith mo mháthair Mary Mhichael Sheáinín Ó Conaola, roinnt blianta i Meiriceá, agus rinne mé iontas ariamh gur phós sí isteach ar oiléan, ní mar gheall go raibh sí i Meiriceá ach ní mba bean farraige í. Bhíodh tinneas farraige uirthi agus gan í ach ag gabháil ón oiléan go Ros Muc

ag an Aifreann - achar thart ar deich noiméad.

Dhéarfainn go cinnte gur bhain an saol ar an oiléan blianta de shaol mo mháthair, go mór mhór nuair a d'fhás muid suas agus muid imithe amach san oíche. Ní chodlaíodh sí aon néal nó go mbíodh chuile dhuine sa mbaile agus go minic b'fhéidir go mbíodh sé ina mhaidín.

Bhí dhá dhuine dhéag againn sa gclann Mary, Delia, Paddy, Annie, Colm, John, Séamus, Mike, Nóra, Learaí, Sarah agus mé fhéin Máirtín. Tá mé ag ceapadh nach raibh muid uilig le chéile sa teach ariamh mar go raibh an dream is sinne i Meiriceá sul má rugadh an chuid is óige den chlann.

Is ag maoirseacht is ag bárdóireacht a chaith m'athair a shaol. Ní raibh mo dheartháir Paddy ach dhá bhliain déag nuair a chuaigh sé ag bárdóireacht, ag rith móna go h-Árainn sa Swan. Cheapfainn gurb í an bárd deireadh as an taobh seo a rith móin go h-Árainn. Ní dhearna mé fhéin mórán bárdóireachta. Bhí mé trí nó ceathair de chuarta in Árainn sa mbád, sin an méid.

Chaith mé scór blianta ag dul anonn is anall go Sasana ag obair sna beet factories, agus bhí mé tamall maith i Londain. Ní raibh mé thall

Clann Mhichael Labhráis as Inis Eilte, Ros Muc, ag caitheamh móna suas ón Swan ar chéibh Chill Mhuirbhí, deireadh na gcaogaidí. 'Sí an Swan, atá anois ag Michaelin Johnny Ó Flaithearta ó Doire Fhedrta, an bárd deireannach a rith móin go h-Árainn. (Bulochas do Mháire Seoighe as an bpicéir)

anois ó 1980.

Bíonn sé uaigneach go maith ar an oiléan sa ngeimhreadh. Bíonn mé ag éisteacht leis an raidió agus ag léamh. Cé nach ndearna mé mórán scoile tá an suim agam i leabhra. Is dócha dhá gcuirfhinn mó laethanta scoile ar fad le chéile nach ndearna mé ach chúig bhliana ar fad.

Tá mé ag rá le tamall anois go bhfuil mé a' dhul ag athrú amach go dtí an mórthír, ach ní bhéinn in ann dáta a chur ar an lá a bhfuil sé sin le tarlú. Tá mé ag dul amach sna blianta agus ní bhíonn an tsláinte ró mhaith. D'fhág mo dheartháir Learaí an t-oiléan dhá bhliain ó shoin.

Sí Meta Uí Mhílle a thóg an píosa seo cainte ó Mháirtín Mhichael Labhráis. Gura fada buan é.

Sraith na mBád Seol

Tar éis na ngeallta i gCill Chiaráin, tá torthaí na Sraitheanna do na Báid Seoil ionann is a bheith socraithe. Is cosúil gur ag bád an tSruháin, An Tónaí, a bheas an bua i gcás na mBád Móra. Tá ocht bpointe idir bád Mháirtín Ó'Brien agus bád Johnny Pheter, An Capall.

Tá geall amháin eile fanta go Cill Éinne agus má éiríonn leis An Tónaí an cúrsa a dhéanamh, beidh com álainn Chlíodhna Cussen ag Máirtín Ó'Brien don tama uair.

Beidh an bua go héasca ag an Swan, bád Mhichaelin Johnny ón gCeathrú Rua, i sraith na leath-bhád. Tá sí 40 pointe chun tosaigh ar Bhiláth na hÓige, le Pádraig Chóilín Ó Cualáin ó Chama. Don tama uair as a chéile is ag fear Dhoire Fheatharta a bheas duais an leath-bhád ag dul i mbliana.

Níl spás againn ar an leathanach seo na gleoiteogaí go léir a bhí páirteach i ngeallta a liostáil. Tugtar anseo na cinn is mó a bhí páirteach sna geallta i mbliana. Bhí an-choimhlint go deo sna gleoiteogaí beaga idir John Deairbe Ó Flaithearta sa Caroline Anne agus Chóilín Ó hIarmáin sa Nóra Bheag. I dtosach an tséasúir bhí bád na Ceathrú Rua chun tosaigh ach bhí an bua ag fear Chama i ngach geall ó Chinn Mhara ar aghaidh. Tá seacht bpointe eatarthu agus gan ach geall amháin fanta i mbliana - Geallta Chuan Chasla. Má éiríonn le Cóilín an Nóra Bheag a thabhairt anoir go Casla an lá sin, beidh sé an deacair é a stopadh ón duais mhór a thabhairt leis.

Nóta:

Níor éirigh linn torthaí iomlán a fháil le haghaidh geallta na ngleoiteogaí beaga agus tá roinnt mhaith báid a thóg páirt sa sraith fágtha ar lár againn dá bharr sin.

BÁID MHÓRA

	St. Jude	An Tónaí Mór	American Mhara	An Mhailghdean	Mac Dara	An Capall
An Cladach	AL	10	0	0	0	0
Inis Oirr	AL	7	AL	8	AL	10
Féile Mhic Dara	AL	7	8	10	6	5
Cloch na Rón	5	7	8	10	6	4
Leitir Mealláin	4	8	10	7	6	5
Dóilín	4	5	8	6	10	7
Cinn Mhara	AL	8	0	7	6	10
Caladh Thaidhg	4	7	10	6	5	8
Cill Chiaráin	7	8	AL	AL	AL	10
Iomlán	24	67	44	54	39	59

LEATH BHÁID

	Star of the West	Swan	Bláth na hÓige	An Lord
Cladach	AL	8	10	AL
Féile Mhic Dara	AL	10	7	8
Cuigéal	7	10	8	6
Cloch na Rón	AL	10	7	8
Dóilín	7	10	8	6
Cinn Mhara	8	10	7	0
Caladh Thaidhg	10	8	7	6
Cill Chiaráin	AL	8	AL	10
Iomlán	32	74	54	44

GLEOITEOGA BEAGA

	Caroline Ann	Ceol na Mara	An Easóg	Nóra Bheag	McHugh	Asurnáí
Cladach	0	AL	AL	10	AL	8
Féile na nÓileán	6	8	7	10		
Féile Mhic Dara	7	8	AL	AL	10	-
Cuigéal	8	7	5	10	6	-
Cloch na Rón	10	7	AL	AL	8	-
Dóilín	10	5	7	8	AL	2
Cinn Mhara	7	AL	AL	10	AL	8
Caladh Thaidhg	8	7	6	10	AL	AL
Cill Chiaráin	6	7	AL	10	8	AL
Iomlán	62	49	25	68	32	18

Tigh Chualáin

Coill Rua, Indreabhán

B&B

'Bíodh deoch agat ar do chompóird'

Óstán an Dóilín

An Cheathrú Rua
091-95177/95169

Rogha an Óil - Togha an Cheoil

Oscailte ar feadh na bliana
Ceol gach deireadh seachtaine

Déantar freastal ar gach cineál ócáid, cóisir nó bainis.



Óige Chonamara ag glacadh páirt i rása bóthair sa Cheathrú Rua, cúpla bliain ó shin.

pic: Aodán Ó Conchúir

Ionad Níocháin na Ceathrún Rua

Cuilean, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-595222

Laundrette & Dry Cleaners
Seirbhís Níocháin & Deisiúcháin

Níocháin Cairpéidí

Tigh Mháille

Corr na Móna
092-48002

BEÁR

Gach rath ar an bPléaraca

Tigh Pheadar Mór

Báintreach, Baile na hAbhann

Beár

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

SOCOS^{TEO}

Socos Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091-593301 Facs: 593303

CÁRTAÍ BAINISE

GAEILGE • BÉARLA • NÓ DHÁ THEANGACH

Fearáistí Oifige • Troscáin Oifige
Córais Stórála • Soláthairtí Ríomhaireachta

Má tá sé uait, tá sé againn!

Teilifís na Gaeilge




Seo Linn Samhain 1996

Baile na hAbhann
An Tulach
Co. na Gaillimhe
Éire

Teil: 091-593636
091-593617

Facs: 091-593619

A black and white photograph of a baby sitting and holding a teddy bear. The baby is looking down at the bear with a focused expression. The background is dark, making the baby and the bear stand out. The bear is a light color, possibly white or cream, and has a soft, fuzzy texture. The baby is wearing a light-colored diaper.

Dhá shúil
Dhá chluas
Dhá láimh
Dhá chois...
Dhá theanga
Gan amhras!



Údarás na Gaeltachta